
Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Bithéagsúlacht

2023–2030



Ullmhaithe ag an tSeirbhís
Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
**www.gov.ie**



Léiriú ar an leathanach clúdaigh: Malcolm Noonan

# Clár Ábhair


| | | |
|---|---|---|
| Réamhrá an Taoisigh | | 2 |
| Réamhrá an Tánaiste | | 3 |
| Réamhrá an Aire Stáit Dúlra, Oidhreachta agus Athchóirithe Toghcháin, Malcolm Noonan | | 4 |
| Réamhrá an tArd-Stiúrthóir SPNF | | 5 |
| Achoimre Fheidhmeach | | 6 |
| Na Cúig Chuspóir | | 8 |
| **Caibidil 1** | **Bithéagsúlacht – cad í agus cén fáth a bhfuil tábhacht léi?** | **11** |
| **Caibidil 2** | **Cad a deir an eolaíocht faoin mbithéagsúlacht in Éirinn?** | **15** |
| **Caibidil 3** | **Cén fáth a dteastaíonn Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht uainn?** | **19** |
| **Caibidil 4** | **Conas atáimid ag cosaint na bithéagsúlachta anois?** | **27** |
| **Caibidil 5** | **Cé dó a bhfuil an Plean seo?** | **35** |
| **Caibidil 6** | **Cén chaoi a mhaoineofar an PGBN?** | **39** |
| **Caibidil 7** | **Conas a d'fhorbraíomar an PGBN?** | **43** |
| **Caibidil 8** | **Do bhealach a dhéanamh tríd an PGBN** | **51** |
| **Éire i 2050 – Fís don Bhithéagsúlacht** | | **58** |
| **Cuspóir 1** | **Glac le Cur Chuige Uile-Rialtais, Uile-Shochaí i leith na Bithéagsúlachta** | **60** |
| **Cuspóir 2** | **Freastal ar Riachtanais Phráinneacha Chaomhnaithe agus Athchóirithe** | **70** |
| **Cuspóir 3** | **Rannchuidiú an Dúlra do Dhaoine a Dhaingniú** | **92** |
| **Cuspóir 4** | **Feabhas a chur ar an mBonn Fianaise le haghaidh Gníomhaíochta maidir leis an mBithéagsúlacht** | **100** |
| **Cuspóir 5** | **Rannchuidiú na hÉireann le Tionscnaimh Idirnáisiúnta Bhithéagsúlachta a Neartú** | **108** |
| Baill na Meithle um Bithéagsúlacht | | 113 |
| Baill an Fhóraim Bithéagsúlachta | | 114 |
| Comhaltaí den Ardán um Ghnó ar son na Bithéagsúlachta | | 114 |
| Tagairtí | | 115 |
| Aguisíní | | 118 |



Ba mhaith leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra aitheantas a thabhairt don tacaíocht a cuireadh ar fáil do dhréachtú na ngníomhartha agus do rannpháirtíocht níos leithne na bpáirtithe leasmhara ó fhoireann conarthaí KPMG, Caipiteal Nádúrtha Éireann agus Grúpa IDEEA

# Réamhrá an Taoisigh



**Leo Varadkar, T.D.**
Taoiseach

Caithfimid gníomhú anois chun athrú aeráide agus cailliúint bithéagsúlachta a aisiompú.

Cé go mbíonn cuma rómhór ar an ngéarchéim aeráide in amanna atá domhanda agus fadréimseach, is cinnte gur féidir linn go léir cailliúint bithéagsúlachta a fheiceáil agus a mhothú. Tá sé áitiúil, timpeall orainn, le feiceáil inár n-aibhneacha agus inár bhforaoisí, inár bhflóra agus fána áitiúil.

Táimid do-scartha ónár ndomhan nádúrtha. Braitheann uisce glan, bia, timpeallacht ináitrithe, agus ár slite beatha ar chórais nádúrtha a fheidhmíonn go maith. I gceann dá chláir faisnéise, thug David Attenborough chun suntais gur ionann na daoine agus na hainmhithe feirmshaothraithe le chéile agus 97% de bheatha iomlán na mamach ar an bpláinéad de réir meáchain. Is rud aisteach é. Níl ach 3% fágtha againn don fhiadhúlra.

Tá an scéal an-tromchúiseach, ach is féidir é a iompú thart go tapa leis an ngníomhaíocht cheart. Is féidir le nádúr fás ar ais go tapa má stopann muid ag déanamh rudaí a dhéanann dochar dó, agus ansin tosú ag déanamh na rudaí cearta, trínár dtimpeallacht a athchóiriú agus trí chaitheamh léi leis an meas atá tuillte aici.

Beidh an rialtas chun tosaigh agus cabhróidh sé leo siúd a bhfuil sé de dhíth orthu. Tá an t-aistriú cóir, lena chinntiú go ndéantar na daoine is leochailí a chosaint agus go gcabhraítear leo na hathruithe is gá a dhéanamh, ríthábhachtach dár gcur chuige. Tá áthas orm gníomhartha a fheiceáil sa Phlean seo chun tacú le pobail agus gnólachtaí.

Is é seo ár gceathrú Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Náisiúnta. Leantar ann le cuid den dea-obair atá déanta go dtí seo, chomh maith le roinnt gníomhartha nua a ionchorprú. Cuirfear dlús lenár n-iarrachtaí Speicis Choimhthíocha Ionracha a rialú mar shampla, chomh maith lenár gcumas taighde, ionas go mbeidh bonn láidir againn ónar féidir cinntí a dhéanamh.

Cabhróidh athchóiriú agus athshlánú ár dtailte móna, ár gcur chuige nua i leith na foraoiseachta, gréasán de Limistéir Mhuirí faoi Chosaint a chruthú, cosaint ár láithreáin Natura 2000 a chinntiú, agus athbhreithniú a dhéanamh ar an mbealach a n-úsáidimid ár dtalamh linn chun go mbeidh Éire agus a mhuintir in áit níos fearr chun aghaidh a thabhairt ar na géarchéimeanna dúbailte maidir le hathrú aeráide agus cailliúint bithéagsúlachta.

Caithfimid cúram níos fearr a thabhairt dár bpláinéad agus é a fhágáil dóibh siúd a thagann inár ndiaidh i riocht níos fearr ná mar a fuaireamar le hoidhreacht é. Táim diongbháilte gur cheart dúinn a bheith mar an ghlúin a chas an cúinne ar an mbithéagsúlacht. Is céim ríthábhachtach sa treo ceart é an Plean seo.

Beidh an rialtas chun tosaigh agus cabhróidh sé leo siúd a bhfuil sé de dhíth orthu. Tá an t-aistriú cóir, lena chinntiú go ndéantar na daoine is leochailí a chosaint agus go gcabhraítear leo na hathruithe is gá a dhéanamh, ríthábhachtach dár gcur chuige. Tá áthas orm gníomhartha a fheiceáil sa Phlean seo chun tacú le pobail agus gnólachtaí.

# Réamhrá an Tánaiste



**Micheál Martin, T.D.**
Tánaiste

Tá rud éigin faoi chaitheamh ama sa nádúr atá thar a bheith íocshláinteach. Caitear formhór mór ár saoil ghnóthaigh i dtimpeallachtaí de dhéantús an duine, agus mar sin tá athshondas ar leith ag baint leis an deis a bheith tumtha sa domhan nádúrtha a d'fhéadfadh a bheith compordach agus dul go croí.

Tá an t-ádh le hÉirinn cuid de na tírdhreacha is áille ar domhan, 59 de na gnáthóga is luachmhaire san AE, agus 31,000 speiceas plandaí, ainmhithe agus fungas taifeadta a bheith aici. Is mór le cuid mhaith againn cuimhní cinn ar óige tumtha sa dúlra, cibé acu ag rith trí pháirceanna féaraigh ar thóir féileacán, ag piocadh trí fhálta sceach le haghaidh sméara dubha, ag scrúdú créatúr i linnte carraigeacha cladaigh, ag súgradh le feamainn i dtír ar na tránna, slat agus líne a shocrú ar bhruach na habhann agus ár sásamh a bhaint as snáthaidí mhóra sna féara fada, nó ligean dár samhlaíocht a bheith gan srian i measc chraobhacha agus ghéag coillearnaí áitiúla.

Tá an smaoineamh nach mbeadh taithí ag an gcéad ghlúin eile ar na rudaí sin mar gheall ar na cinntí a dhéanaimid inniu doshamhlaithe, agus bheadh sé ina bhochtú ar iontais is bunúsaí na hóige.

Tá níos mó ná 20% de na speicis a ndearnadh measúnú orthu in Éirinn i mbaol díothaithe agus tá stádas neamhfhabhrach ag 85% de na 59 gnáthóg is luachmhaire san AE. Tá 30% dár bhféarthailte leathnádúrtha caillte againn le deich mbliana anuas agus tá níos mó ná leath dár bplandaí dúchasacha ag meath. Mar sin is mó ná smaoineamh doshamhlaithe é todhchaí atá laghdaithe ó thaobh an dúlra de, áit a gcuirtear ionannas in ionad na bithéagsúlachta; is riosca réalaíoch doshamhlaithe é.

Táim cinnte nach roghnaíonn an tromlach mór againn go gníomhach dochar a dhéanamh don bhithéagsúlacht. Ina ionad sin, is minic a léirítear earráidí ár mbealaí trí iarmhairtí neamhbheartaithe an tsaoil nua-aimseartha. Ní hamháin go bhfuil an tionchar de sin le brath sa bhaile in Éirinn amháin ach freisin ar fud an domhain, trí ghreim forleathan an gheilleagair dhomhanda. Go minic, bíonn sé deacair d'éiceolaithe bagairt nó brú amháin a chur in iúl, ina ionad sin cuireann siad síos ar chailliúint bithéagsúlachta mar "bás le míle gearradh".

Chuir baill an Tionóil chomhthreomhair Leanaí agus Daoine Óga maidir le Cailliúint Bithéagsúlachta síos air ar an mbealach is fearr b'fhéidir nuair a d'iarr siad orainn "caitheamh leis an domhan mar gur ball den teaghlach nó cara é".

Agus mé ag machnamh ar ár dtionchar ar an domhan nádúrtha, táim aireach nach mór dúinn machnamh a dhéanamh freisin ar an tionchar a bhíonn aige orainne. Tá an cine daonna ag brath go hiomlán ar an dúlra le haghaidh soláthar riachtanach ocsaigine, uisce ghlain, aeráide cobhsaí, agus bia gan trácht ar chaitheamh aimsire agus folláine mheabhrach agus fhisiceach, chomh maith leis na tairbhí cultúrtha agus spioradálta nach bhfuil chomh follasach ach atá chomh luachmhar céanna. Tá an oiread sin de na rudaí is breá linn faoi oidhreacht na hÉireann cuimsithe sa dúlra, ó na siombailí agus na séadchomharthaí is ársa go dtí ár mbéaloideas agus ár dtraidisiúin.

Ag an gComhdháil Náisiúnta Bhithéagsúlachta in 2022, d'admhaigh mé an tuiscint atá ag dul i méid go bhfuil níos mó nasc ag daoine leis an dúlra agus dúirt mé go bhfuil an t-am tagtha le haghaidh ré nua maoirseachta dúlra in Éirinn. Ba mhór an t-ábhar misnigh dom meon comhchosúil a fheiceáil i moltaí an Tionóil Saoránach maidir le Cailliúint Bithéagsúlachta. Chumasaigh próisis daonlathais dhioscúrsaigh mar sin an cineál comhphlé oscailte, measúil trínar tharla athruithe forásacha sochaíocha, agus tá gá leis an gclaochlú céanna inár ndearcthaí i leith an dúlra.

Chuir baill an Tionóil chomhthreomhair Leanaí agus Daoine Óga maidir le Cailliúint Bithéagsúlachta síos air ar an mbealach is fearr b'fhéidir nuair a d'iarr siad orainn "caitheamh leis an domhan mar gur ball den teaghlach nó cara é". Cosúil leo siúd, is é mo dhóchas go mbeidh deis ag leanaí atá ag fás aníos in Éirinn – sa lá atá inniu ann agus sa todhchaí – taithí a fháil ar an tumadh céanna sa dúlra is a thaitin liomsa agus mé i mo pháiste, timpeallaithe ag fiántas agus tabhartas na saoirse agam chun iniúchadh a dhéanamh ar a iontais iomadúla.

Tá go leor cúiseanna ann chun an bhithéagsúlacht in Éirinn a luacháil, a chaomhnú, a athchóiriú agus a úsáid go hinbhuanaithe. Ach is í an fhíric shimplí go dteastaíonn ónár bpáistí a leithéid an t-aon chúis gur gá dúinn luach a chur air.

# Réamhrá an Aire



**Malcolm Noonan, T.D.**

An tAire Stáit Dúlra, Oidhreachta agus Athchóirithe Toghcháin

Tá na bagairtí don chine daonna mar gheall ar chailliúint bithéagsúlachta fíor-ollmhór, agus fite fuaite go domhain le cliseadh aeráide. Le blianta beaga anuas, is cosúil go bhfuil an dá rud sin ag gluaiseacht ar luas atá deacair a phróiseáil. Agus cé go bhfuil mothúcháin na heaspa cumhachta agus na heaspa cabhrach mar gheall ar an meath tapa ar speicis agus ar dhíghrádú agus ar chailliúint spásanna fiáine go hiomlán intuigthe, tá sé ríthábhachtach nach ligfimid dóibh an leigheas is cumhachtaí a scáthú: gníomh.

Nuair a ghníomhaíonn muid, féadann an dúlra freagairt agus freagraíonn sé go minic sách tapa. In Éirinn, tá sé in am a bheith níos fearr, agus sin atá i gceist leis an bPlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Náisiúnta seo. Táimid ag glacadh le cur chuige uile-Rialtais, uile-shochaí i leith gníomhaíochta bithéagsúlachta, agus ag tacú leis le leibhéil acmhainní gan fasach, idir acmhainní airgeadais agus daonna, chun spriocanna eolaíocht-treoraithe a bhaint amach atá intomhaiste agus a mbeidh tionchar acu.

Trí 194 gníomh a chur i bhfeidhm thar na seacht mbliana atá romhainn, beimid ag obair le chéile chun rialachas agus maoirseacht bithéagsúlachta a fheabhsú, an caidreamh idir nádúr agus daoine a aithint agus luach a chur air, an bonn fianaise eolaíoch a fheabhsú chun ár gcinntí a threorú, feasacht phobail agus rannpháirtíocht le pobail, eolaithe saoránaigh, agus an earnáil phríobháideach a neartú, comhoibriú go hidirnáisiúnta chun tiomantais bhithéagsúlachta dhomhanda a neartú, agus iarracht agus infheistíocht a dhéanamh níos mó ná riamh maidir le cosaint, athchóiriú agus téarnamh na bithéagsúlachta agus éiceachóras ar fud an Stáit.

Is é an sprioc atá agam ná an dúlra a thabhairt isteach ina áit chóir i gcroílár an rialtais agus é a chur i dtreocht bhisiúil is féidir a choinneáil ar feadh shaolré an phlean seo, agus ina dhiaidh sin. Tá sé ríthábhachtach breithnithe bithéagsúlachta a leabú inár gcórais chinnteoireachta agus rialachais má theastaíonn uainn fíorathrú bunathraithe a fheiceáil.

Agus caithfimid a bheith soiléir – ní leor aon rud níos lú ná athrú bunathraithe. Mar Aire ar a bhfuil freagracht maidir leis an dúlra in Éirinn, is cúis mhór imní agus bhuartha dom cás an dúlra. Ag an am céanna, táim lán le dóchas go bhfuil an paisean, an diongbháilteacht, na daoine, agus – go ríthábhachtach – an plean chun rud éigin a dhéanamh faoi faoi dheireadh agus ról againn do gach duine againn.

Le blianta beaga anuas, thug mé cuairt ar fheirmeacha, cuanta, coimíneachtaí, sráidbhailte, bailte agus cathracha, spásanna glasa uirbeacha agus Páirceanna Náisiúnta ar fud na tíre. Sna háiteanna seo ar fad, bhuail mé le daoine atá ag glacadh orthu féin cabhrú le bithéagsúlacht a fheabhsú agus chonaic mé dom féin na hiarrachtaí dochreidte atá déanta acu. Chuala mé iad ag caint ar a ngrá don dúlra agus ar an dúil atá acu do thodhchaí a fhágann spás d'áiteanna fiáine inar féidir le fiadhúlra rathú.

Ní féidir linn an tábhacht a bhaineann leis sin a mheas faoina luach. Is léir dom gur mian le daoine an dúlra a chosaint agus is é an tasc atá againn sa rialtas iad a threorú, a chumasú agus tacú leo. Nuair a thugtar de chumhacht do shaoránaigh, do ghrúpaí pobail agus d'eagraíochtaí gníomhú, níl aon teorainn leis an méid is féidir a bhaint amach.

Creidim go bhfuilimid ag casadh in Éirinn maidir leis an mbealach a bhreathnaímid agus a smaoinímid ar an domhan nádúrtha agus ár n-áit laistigh de. Níos mó ná sin, is dóigh liom go bhfuil muid réidh ar deireadh lenár n-iompraíocht a athrú agus ár bhfreagrachtaí i leith an phláinéid a fheidhmiú chomh maith lenár gcearta. Is é an toilteanas sin gníomhú nach mór dúinn a choinneáil go daingean. Ag am nuair atá an fhianaise eolaíoch a dhéanann cur síos ar scála an dúshláin atá romhainn chomh scanrúil, is é ár dtiomantas féin do ghníomhaíocht an fhianaise is fearr ar dhóchas.

Ní féidir linn an tábhacht a bhaineann leis sin a mheas faoina luach. Is léir dom gur mian le daoine an dúlra a chosaint agus is é an tasc atá againn sa rialtas iad a threorú, a chumasú agus tacú leo. Nuair a thugtar de chumhacht do shaoránaigh, do ghrúpaí pobail agus d'eagraíochtaí gníomhú, níl aon teorainn leis an méid is féidir a bhaint amach.

# Réamhrá an tArd-Stiúrthóir SPNF



**Niall Ó Donnchú**
An tArd-Stiúrthóir SPNF

Mar Phríomhstiúrthóir ar an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, is mór an onóir dom 4ú Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Náisiúnta na hÉireann a chomhchur i láthair. Ba mhaith liom na tuairimí a léirigh An Taoiseach, An Tánaiste agus an tAire Noonan a athdhearbhú, go bhfuil sé in am inniu gníomhú ar son na bithéagsúlachta, agus nach rogha é gnó mar is gnách.

Tá an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra ar thús cadhnaíochta maidir le freagairt na hÉireann ar ár ngéarchéim bhithéagsúlachta a bhrú chun cinn, ach ní féidir linn é a dhéanamh linn féin.

Is Plean náisiúnta é seo, agus beidh a rathúlacht ag brath go mór ar iarrachtaí go leor Ranna, Gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí ar fud earnálacha éagsúla de shochaí na hÉireann.

Agus é sin san áireamh, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do chomhoibriú agus tacaíocht comhghleacaithe ar fud an Rialtais agus don raon leathan de chomhlachtaí Stáit, Údaráis, ENRanna, saoránaigh agus pobail ar fud na tíre a raibh ról ríthábhachtach acu maidir leis an bplean seo a chur le chéile. Ba mhaith liom freisin ómós ar leith a thabhairt don Tionól Daoine Óga maidir le Cailliúint Bithéagsúlachta, a rabhamar ag éisteacht go han-chúramach leo agus an Plean seo á chur le chéile. D'éisteamar freisin le pléití an Tionóil Saoránach maidir le Cailliúint Bithéagsúlachta agus rinneamar réamhghabháil ar go leor dá moltaí sa phlean seo freisin. De réir mar a thugtar freagra an Rialtais ar an Tionól Saoránach chun críche, tabharfaimid aghaidh arís ar an bplean seo lena chinntiú go gcuirtear na moltaí sin in iúl freisin chun iad a gcur i gcrích.

Tá an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra tiomanta i gcónaí ár ndúlra agus ár mbithéagsúlacht a chosaint agus feasacht a ardú ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus ag leibhéal an phobail ar a thábhachtaí atá sé ár ngnáthóga agus ár speicis a chaomhnú.

Príomhsprioc straitéiseach de chuid SPNF ná rannpháirtíocht níos fearr daoine leis an dúlra a chur chun cinn. Oibreoidh ár bhfoireann thiomanta i gcomhpháirtíocht le ranna, gníomhaireachtaí, eagraíochtaí neamhrialtasacha, saoránaigh, úinéirí talún, pobail, gnólachtaí, taighdeoirí agus gach páirtí leasmhar chun na 194 gníomh a chur i bhfeidhm thar shaolré an Phlean seo.

Tá na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean seo i gcomhthéacs cúig chuspóir a leagann amach creat soiléir dár gcur chuige náisiúnta i leith na bithéagsúlachta – glacadh le cur chuige uile-rialtais, uile-shochaí i leith na bithéagsúlachta; freastal ar riachtanais phráinneacha chaomhnaithe agus athchóirithe; rannchuidiú an dúlra do dhaoine a dhaingniú; an bonn fianaise le haghaidh gnímh ar bhithéagsúlacht a fheabhsú agus chun rannchuidiú na hÉireann le tionscnaimh bhithéagsúlachta idirnáisiúnta a neartú.

Trí dhíriú ar na cuspóirí sin, cinnteofar go dtógfaimid ar iarrachtaí agus ar ghnóthachtálacha na bPleananna roimhe seo agus muid ag féachaint romhainn ar cad is féidir linn a bhaint amach sna seacht mbliana atá romhainn.

Go bhfuil sé in am inniu gníomhú ar son na bithéagsúlachta, agus nach rogha é gnó mar is gnách

# Achoimre Fheidhmeach

**Is téarma í an bhithéagsúlacht tríd a gcuirtear síos ar éagsúlacht na beatha ar domhan.** Cuimsítear leis gach ní beo, ó phlandaí, éin, agus mamaigh, go feithidí, miocróib, agus fungais, agus na héiceachórais a bhfuil siad ina gcuid de – portaigh, foraoisí, aibhneacha, aigéin, féaraigh, srl. Tá éiceachórais shláintiúla ríthábhachtach do shláinte agus d'fholláine an duine, rud a chuireann bonn faoi tháirgeadh bia agus slándáil bhia, agus a thugann uisce glan agus aer úr dúinn, ag cosaint i gcoinne athrú aeráide, ag soláthar bunús go leor cógas nua-aimseartha agus ag saibhriú ár saoil go cultúrtha agus go spioradálta. (Féach leathanach 11 Bithéagsúlacht – cad í agus cén fáth a bhfuil tábhacht léi?)

**Ach tá an bhithéagsúlacht i dtrioblóid ar fud raon speiceas agus gnáthóg.** Fuarthas amach i measúnuithe eolaíocha maidir le staid an dúlra in Éirinn go bhfuil stádas neamhfhabhrach ag 85% dár ngnáthóga atá faoi chosaint an AE, agus léiríonn beagnach leath (46%) meath leanúnach. Tá tionchar diúltach aige seo ar an bhfiadhúlra. Tá stádas neamhfhabhrach ag beagnach trian dár speicis atá faoi chosaint an AE, agus tá meath ag teacht ar níos mó ná leath de speicis phlandaí dúchasacha na hÉireann. Tá laghdú suntasach tagtha ar níos mó ná leath dár 100 speiceas beiche agus tá 30% i mbaol do dhíothaithe, tuairiscíodh go bhfuil treochtaí atá ag dul i léig go gearrthéarmach ag 21% de phórúchán agus 52% de speiceas éan geimhrithe tábhachtacha. (Féach leathanach 15 – Cad a deir an eolaíocht faoi bhithéagsúlacht in Éirinn?)

**Teastaíonn cur chuige Uile-Rialtais agus Uile-Shochaí chun an bhithéagsúlacht a chosaint agus a chaomhnú.** Cuireann forbairt cheathrú Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Náisiúnta na hÉireann 2023-2030 (PGBN) le leibhéil feasachta phoiblí nach bhfacthas a leithéid riamh cheana ar an leibhéal náisiúnta agus ar thírdhreach beartais domhanda agus réigiúnach ardaithe. Agus é sin á dhéanamh, cuireann an PGBN san áireamh an raon leathan beartas, straitéisí, coinbhinsiún, dlíthe agus spriocanna ar an leibhéal domhanda, AE agus náisiúnta a imríonn tionchar ar ár dtimpeallacht chomhroinnte chun gníomhaíocht bithéagsúlachta a mhéadú. Féachann an PGBN freisin le freagra a thabhairt ar mholtaí an Tionóil Saoránach maidir le Cailliúint Bithéagsúlachta, tuarascáil cloiche míle ar an dúlra in Éirinn. (Féach leathanach 21 – Cén fáth a dteastaíonn Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht uainn?)

**Tá gníomhaíocht dhearfach don bhithéagsúlacht ag méadú ar fud na tíre.** Tá réimse leathan tionscnamh, tionscadal agus sruthanna maoinithe ag cur athrú dearfach ar fáil do réimse gnáthóg agus speiceas trí bhéim láidir a chur ar chomhoibriú le húinéirí talún agus le pobail áitiúla. Áirítear leo sin cláir nua a dhíríonn ar chaomhnú na limistéar cosanta, tionscadail chosanta agus athchóirithe inár bPáirceanna Náisiúnta, tionscnaimh atá dírithe ar speicis agus ar ghnáthóga ar fud na tíre, dreasachtaí le haghaidh feirmeoireachta agus foraoiseachta atá níos neamhdhíobhálaí don dúlra trí scéimeanna náisiúnta, agus rolladh amach Chlár Oifigeach Bithéagsúlachta na nÚdarás Áitiúil chun tacú le caomhnú ag leibhéal an phobail. (Féach leathanach 27 – Cén chaoi a bhfuil an bhithéagsúlacht á cosaint againn anois?)

**Tá ról le himirt againn go léir i gcosaint agus athchóiriú an dúlra.** Bainfidh seachadadh an Phlean seo leas as tiomantas na Ranna Rialtais agus na nGníomhaireachtaí Stáit trí chomhordú straitéiseach a dhéanamh ar ghníomhaíocht bithéagsúlachta, agus cuirfidh an tAire tuarascáil ar dhul chun cinn faoi bhráid na Chomh-aireachta uair sa bhliain ar a laghad. Ach ní mór dúinn gach duine – ó Údaráis Áitiúla, an earnáil phríobháideach, eagraíochtaí neamhrialtasacha, grúpaí pobail, feirmeoirí, iascairí, foraoiseoirí, leanaí agus daoine óga, agus gach duine eile – cabhrú le spás a dhéanamh don dúlra inár dtithe, gairdíní, feirmeacha, foraoisí, áiteanna oibre, agus timpeallachtaí uirbeacha. (Féach leathanach 35 – Cé dó a bhfuil an plean seo?)

# Na Cúig Chuspóir



## Cuspóir 1: Glac le Cur Chuige Uile-Rialtais, Uile-Shochaí i leith na Bithéagsúlachta

I measc na ngníomhaíochtaí atá beartaithe tá athbhreithnithe acmhainneachta agus acmhainní ar fud an Rialtais; freagrachtaí a chinneadh maidir leis an gclár oibre bithéagsúlachta atá ag méadú; tacaíocht a chur ar fáil do phobail, d'eolaithe saoránaigh agus do ghnólachtaí; agus sásanna chun an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht seo a rialú agus a athbhreithniú.




## Cuspóir 2: Freastal ar Riachtanais Phráinneacha Chaomhnaithe agus Athchóirithe

Cuirfidh gníomhaíochtaí tacaíochta leis na bearta caomhnaithe atá ann cheana féin. Ardófar iarrachtaí chun dul i ngleic le Speicis Choimhthíocha Ionracha. Leathnófar an líonra limistéar faoi chosaint chun na Limistéir Mhuirí faoi Chosaint a chur san áireamh. Breathnófar ar uaillmhian Straitéis Bhithéagsúlachta an AE mar chuid de chlár oibre atá ag athrú ar fud an Rialtais.



## Cuspóir 3: Rannchuidiú an Dúlra do Dhaoine a Dhaingniú

Leagann na gníomhartha béim ar an ngaol idir an dúlra agus daoine in Éirinn. Áirítear orthu sin luachanna follasacha agus neamhfhollasacha na bithéagsúlachta a aithint, tábhacht an dúlra dár gcultúr agus dár n-oidhreacht a chur chun cinn, agus aithint conas a thacaíonn bithéagsúlacht lenár sochaí agus lenár ngeilleagar.



## Cuspóir 4: Feabhas a chur ar an mBonn Fianaise le haghaidh Gníomhaíochta maidir leis an mBithéagsúlacht

Díríonn an cuspóir sin ar riachtanais taighde bithéagsúlachta, chomh maith le forbairt agus neartú clár monatóireachta fadtéarmacha a bheidh mar bhonn agus mar thaca ag cinnteoireacht amach anseo. Díreoidh gníomhaíocht freisin ar chomhoibriú chun cuntasaíocht éiceachórais a chur chun cinn a rannchuideoidh le cuntais caipitil nádúrtha.




## Cuspóir 5: Rannchuidiú na hÉireann le Tionscnaimh Idirnáisiúnta Bhithéagsúlachta a Neartú

Beidh ról lárnach ag comhoibriú le tíortha eile agus ar fud oileán na hÉireann chun an Cuspóir sin a bhaint amach. Neartóidh Éire a rannchuidiú le tionscnaimh bhithéagsúlachta idirnáisiúnta agus le próisis rialachais idirnáisiúnta, mar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch.



Ladhróg. Grianghrafadóir: Ferdia Marnell

# Caibidil a hAon
## Bithéagsúlacht – cad í agus cén fáth a bhfuil tábhacht léi?



# Táimid go léir ag brath ar éiceachórais shláintiúla

Feabhsaíonn siad ár saol trí thairbhí cultúrtha agus spioradálta neamhfhollasacha, mar inspioráid, síocháin agus iontas.

Soláthraíonn siad na hábhair ghéiniteacha a úsáidtear i bhforbairt go leor leigheasanna nua-aimseartha.

Glanann siad an t-aer trí thruailleáin a ghabháil, agus déanann siad ocsaigin a tháirgeadh agus $CO_2$ a ionsú agus a stóráil in ithreacha agus bithmhais.

Glanann siad an t-uisce a ólann muid agus rialaíonn siad a shreabhadh tríd an tírdhreach, ag cabhrú le tuilte a laghdú.

Tacaíonn siad le táirgeadh bia/slándáil bhia mar cabhraíonn siad le hithreacha a choinneáil torthúil, déanann siad barra a phailniú agus tugann siad cosaint ar lotnaidí.

# Bithéagsúlacht – cad í agus cén fáth a bhfuil tábhacht léi?

Bithéagsúlacht - leagan gearr do “éagsúlacht bhitheolaíoch” - déanann sé cur síos ar éagsúlacht na beatha ar an Domhan. Ciallaíonn sí éagsúlacht gach ní beo agus na córais bheo a bhfuil siad mar chuid díobh.

Cuimsíonn sí sin níos mó ná flóra agus fána fiáine - áirítear léi gach speiceas beo agus na pobail bheo a chruthaíonn siad. Tá trí phríomhleibhéal bithéagsúlachta ann:

**Géinte:** Éagsúlacht ghéiniteach daoine aonair laistigh de speiceas, nó cad a dhéanann madra uisce amháin difriúil ó mhadra uisce eile.

**Speicis:** An éagsúlacht idir speicis, mar shampla idir dair ghaelach, iora rua, gormán coiteann agus agairg na gcuileanna.

**Gnáthóga:** Éagsúlacht na ngnáthóg agus na n-éiceachóras éagsúil a chruthaíonn na speicis sin agus a n-áitíonn siad iontu, mar bhratphortaigh, tailte féaraigh cailcreacha, dumhcha socra, pluaiseanna mara, srl.

Uaireanta, aithnítear an ceathrú leibhéal bithéagsúlachta freisin - tírdhreacha. Tagraíonn sé sin do na patrúin tírdhreach nádúrtha atá éagsúil agus casta a gcabhraíonn gnáthóga agus éiceachórais lena gcruthú.

Soláthraíonn an bhithéagsúlacht bunchlocha tógála na n-éiceachóras. Déanann an focal “éiceachóras” cur síos ar ghrúpa pobal beo agus ar a n-idirghníomhú dinimiciúil le heilimintí fisiciúla (neamhbheo) aeir, uisce, carraigeacha agus ithreacha.

Is féidir le héiceachóras a bheith chomh beag le lochán nó úllord, nó chomh mór leis na pobail choiréil agus beatha muirí eile ar an Mórsceir Bhacainneach. Is féidir éiceachórais bheaga a bheith go hiomlán laistigh d’éiceachórais níos mó freisin, amhail bogaigh bheaga laistigh d’fhoraois nó féarthailte, nó oileáin choillteacha laistigh de loch.

Is féidir cur síos a dhéanamh ar dhromchla iomlán an Domhain mar líonra d’éiceachórais idirnasctha. Laistigh d’éiceachóras, idirghníomhaíonn gach gné den chomhshaol (bithéagsúlacht agus an timpeallacht neamhbheo) agus téann sí i bhfeidhm ar ghnéithe eile.



Grasshopper. Grianghrafadóir: Evan McGreal




*Drosera anglica* cailís Mhuire mhór). Grianghrafadóir: Fernando Fernandez Valverde

Mar shampla, tá éiceachóras foraoise sláintiúil a chuidíonn le comhdhéanamh an atmaisféir a rialáil trí dhé-ocsaíd charbóin a ionsú agus a stóráil agus ocsaigin a tháirgeadh ag íonú agus ag rialú sreabhadh uisce freisin, ag tacú le héiceachórais shláintiúla abhann. Cumasaíonn aibhneacha, ar a seal, gluaiseacht cothaitheach agus dríodar tríd an tírdhreach, ag cothú éiceachórais talún cosúil le féarthailte agus iad ag sreabhadh i dtreo na n-aigéan, áit a bhfuil siad mar bhonn taca d'éiceachórais chósta agus mhuirí. Is stórais iontacha charbóin agus fuinnimh gréine iad na haigéin féin, ag scaipeadh na sruthanna teirmeacha a thiomáineann ár gcórais aimsire agus a mbíonn tionchar acu ar éiceachórais eile ar fud na cruinne.

Tá na héiceachórais sin go léir ag brath ar an mbithéagsúlacht – ó na miocróib is lú go dtí na mamaigh is mó, agus a n-idirghníomhaíochtaí, a dhéanann gréasán na beatha trí chéile.

Idir an dá linn, táimid mar dhaoine ag brath go hiomlán ar na hearraí agus na seirbhísí a sholáthraíonn éiceachórais: ó tháirgeadh bia, leigheasanna, adhmaid, breosla, agus snáithín, go soláthar aeir úir, uisce ghlain, maolaithe tuilte agus rialaithe aeráide. Téann éiceachórais chun tairbhe dár bhfolláine mheabhrach agus fhisiciúil freisin trí chaitheamh aimsire agus taitneamhacht, le dlúthnaisc atá ársa go minic leis an tsochaí, leis an gcultúr agus leis an spioradáltacht. Tá bithéagsúlacht na hÉireann fite fuaite go domhain le stair agus úsáid na Gaeilge, lenár mbéaloideas agus lenár miotaseolaíocht, ár dtraidisiúin ealaíne, litheartha agus scéalaíochta, chomh maith lenár n-oidhreacht bhia, ár mórláithreáin oidhreachta agus ár ndeasghnátha cultúrtha áitiúla. Tá na buntáistí sin agus buntáistí tábhachtacha eile riachtanach dár sochaí, dár bhforbairt eacnamaíoch, agus dár sláinte, agus is fiú na billiúin euro iad do gheilleagar na hÉireann gach bliain (m.sh Bullock et al., 2016, Norton et al., 2018).

# Caibidil a Dó
## Cad a deir an eolaíocht faoin mbithéagsúlacht in Éirinn?



## Cad a deir an eolaíocht faoin mbithéagsúlacht in Éirinn?

Tá daonraí tábhachtacha d'éin, éisc, mamaigh, inveirteabraigh, plandaí agus fungais in Éirinn ar fud raon leathan gnáthóg talún, fionnuisce agus mara. Tacaíonn na farraigí agus na cóstaí mórthimpeall ár n-oileáin coilíneachtaí ollmhóra éanlaithe mara, éisc flúirseacha agus sceireacha coiréil fuaruisce, míolta móra agus deilfeanna, chomh maith le pobail shaibhre algacha agus inveirteabracha. Ar talamh, tá saibhreas speiceas inár sléibhte, tailte portaigh, turlaigh, coillearnacha, féarthailte, lochanna, aibhneacha agus gnáthóga cósta.

Taifeadadh breis agus 31,000 speiceas in Éirinn agus sna farraigí mórthimpeall uirthi agus tá go leor eile fós le haimsiú.

In ainneoin na taipéise saibhre sin, áfach, tá ár mbithéagsúlacht i dtrioblóid.

Tá sé léirithe ag staidéir eolaíocha go bhfuil stádas neamhfhabhrach ag 85% de na gnáthóga is luachmhaire atá againn faoi chosaint an AE. Tá laghdú leanúnach á léiriú ag beagnach leath (46%) díobh, go háirithe i ngnáthóga muirí, tailte portaigh, féaraigh agus coillearnaí, agus ní raibh ach 2% ag feabhsú thar thréimhse 12 bhliain (SPNF, 2019). Cailleadh beagnach trian dár bhféarthailte leathnádúrtha le deich mbliana anuas, agus níl sláinte mhaith éiceolaíochta ag leath dár n-aibhneacha agus dhá thrian dár n-inbhir (Martin et al., 2018; GCC, 2021).

Tá na tionchair sin inchurtha i leith raon leathan bagairtí agus brúnna, lena n-áirítear ró-innilt, tearc-innilt, tréigean talún, truailliú uisce agus aeir, speicis choimhthíocha agus fhadhbacha, áineas, forbairt (go háirithe forbairt chónaithe, talmhaíochta agus tráchtála), draenáil talún, fuíolluisce uirbeach, bacainní abhann agus modhnú ar limistéir chósta. Breathnaítear ar athrú aeráide faoi láthair mar bhagairt fhéideartha seachas brú gníomhach.

Chomh maith le bagairtí agus brúnna a bhaineann go sonrach le speicis amhail ró-iascaireacht nó róshaothrú, tá tionchar diúltach ag an meath ar cháilíocht na ngnáthóg ar an bhfiadhúlra a mhaireann, a chothaíonn iad féin agus a phóraíonn iontu. Tá sé seo le sonrú sna sonraí:

- Tá stádas neamhfhabhrach ag 30% dár 60 speiceas atá faoi chosaint an AE, agus léiríonn 15% treochtaí atá ag dul i léig (SPNF, 2019).
- Tá laghdú tagtha ar raon agus/nó flúirse os cionn leath de speicis dhúchasacha planda na hÉireann (Plant Atlas, 2020).
- Tá laghdú suntasach tagtha ar líon na 100 speiceas de bheacha in Éirinn ó 1980 i leith, agus tá 30% de na speicis i mbaol a ndíothaithe (Fitzpatrick et al., 2007).
- Chuir an t-athbhreithniú is déanaí ar Éin a bhfuil Imní Chaomhnaithe ina leith 26% de na 211 speiceas éin a measadh ar an liosta Dearg, i.e. meastar go raibh ardúdar imní caomhnaithe ag baint leo (Gilbert et al., 2021). Áiríonn an measúnú sin raon critéar náisiúnta agus domhanda.
- Tuairiscíodh go raibh treochtaí laghdaitheacha gearrthéarmacha ag 21% de na speicis phóraithe agus 52% de na príomhspeicis éin gheimhrithe in 2019 (https://www.eea.europa.eu/en/ topics/at-a-glance/nature/state-of-nature-in-europe- a-health-check/explore-nature-reporting-data/ national-summary-dashboards-birds-directive-art.12).
- Tá 48 speiceas ina gcónaí i dtimpeallacht mhuirí na hÉireann atá i mbaol a ndíothaithe, lena n-áirítear éisc, crústaigh, sliogéisc agus inveirteabraigh (Fogarty, 2017).

I gcodarsnacht leis sin, tá méadú tagtha ar 80% de na speicis neamhdhúchasacha a tugadh isteach go hÉirinn ón mbliain 1500 i leith. Cé go bhfuil a bhformhór neamhurchóideach, tá cuid acu tar éis éirí ionrach, cosúil le balsam Himiléach, glúineach bhiorach, agus róslabhras, le tionchair dhiúltacha ar fhlóra agus fána dúchasach.



Corncrake. Credit: Corncrake Life

**Bhí laghdú os cionn 96% tagtha ar dhaonra Traonach na hÉireann ó na 1970í. Oibríonn an tionscadal Corncrake/ Traonach LIFE le húinéirí talún chun bearta a chur i bhfeidhm atá éifeachtach chun gnáthóg na n-éan a fheabhsú. Áirítear leis sin paistí móra de neantóga nó barraí a chruthú dóibh le dul i bhfolach iontu, agus lomadh atá oiriúnach don fhiadhúlra le cur ar a gcumas álta sicíní a thógáil go sábháilte.**

- **Méadú daonra 35% le cúig bliana anuas**
- **250 feirmeoir agus úinéirí talún ag bainistiú**

Corncrake Traonach LIFE

# Brúnna a spreagann cailliúint bithéagsúlachta



## Cilliúint bithéagsúlachta ar fud an domhain

**Léirítear dúshláin na hÉireann ag an leibhéal domhanda áit ar athraíodh beagnach 95% de dhromchlaí na talún ag gníomhaíochtaí mar thalmhaíocht, forbairt uirbeach, bonneagar fuinnimh agus mianadóireacht.**


Tá tionchar thromchúiseach ag forbairt leanúnach neamh-inbhuanaithe ar ghnáthóga agus speicis nádúrtha, rud a fhágann go bhfuil laghdú an-suntasach ar mhéideanna pobal na mamach, na n-iasc, na n-éan, na reiptílí agus na n-amfaibiach le 50 bliain anuas.

Thar na mílte bliain, tá speicis tagtha agus imithe go nádúrtha. Mar sin féin, tá an ráta díothaithe reatha gan fasach agus ag luasghéarú (IPBES, 2019). Tá meath agus díothú speiceas ag tosú ag dul i bhfeidhm ar na seirbhísí éiceachórais a bhfuilimid ag brath orthu.

Liostaítear i dtuarascáil an Ardáin Idir-Rialtasaigh maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais (IPBES) na tiománaithe díreacha atá le hathrú sa bhithéagsúlacht mar athruithe ar úsáid talún agus farraige; saothrú díreach orgánach; athrú aeráide; truailliú; agus ionradh speiceas coimhthíoch.

Eascraíonn na tiománaithe sin as raon bunchúiseanna a bhfuil luachanna agus iompraíochtaí sochaíocha mar thaca acu lena n-áirítear patrúin táirgeachta agus tomhaltais, dinimic agus treochtaí daonra daonna, nuálaíochtaí trádála agus teicneolaíochta.

Tá patrúin iompair an duine ag tiomáint cailliúint bithéagsúlachta agus tá sé ríthábhachtach na patrúin iompair sin a athrú má táimid chun treochtaí na cailliúna a aisiompú. Áiríodh cailliúint bithéagsúlachta mar cheann de na príomhrioscaí domhanda a d'aithin an Fóram Eacnamaíoch Domhanda (WEF, 2022).






# Caibidil a Trí
## Cén fáth a dteastaíonn Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht uainn?





Líon damháin alla. Grianghrafadóir: Áine O'Connor

# Cén fáth a dteastaíonn Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht uainn?

Le linn na 1980í, ráinigh d›fhorbairt inbhuanaithe a bheith ina príomhcheist do rialtais ar fud an domhain, de réir mar a thosaigh na tionchair agus na rioscaí a bhaineann le díghrádú comhshaoil ó thaobh leas sóisialta agus eacnamaíoch de ag éirí níos soiléire.

Sa lá atá inniu ann, tuigtear go bhfuil an geilleagar agus an tsochaí neadaithe go hiomlán laistigh den chomhshaol agus den bhithsféar, seachas a bheith scartha uatha. Léirítear é sin sna Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna), ina bhfuil na ceithre sprioc a bhaineann le bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais – Beatha ar Thalamh, Beatha Faoi Uisce, Gníomhú ar son na hAeráide, agus Uisce Glan – mar bhonn agus mar thaca ag na SFInna eile go léir.

Ag 'Cruinniú Mullaigh na Cruinne' de chuid na Náisiún Aontaithe in Rio de Janeiro i 1992, bunaíodh trí choinbhinsiúin shuntasacha: Creatchoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide, Coinbhinsiún na NA um Ghaineamhlú a Chomhrac, agus – an ceann is ábhartha don Phlean seo – Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD). Shínigh Éire an CÉB sa bhliain a d'oscail sé agus dhaingnigh sí é in 1996.

Soláthraíonn téacs an choinbhinsiúin, agus na cinntí a dhéanann na Páirtithe i dteannta a chéile ag cruinnithe débhliantúla (Comhdháil na bPáirtithe, nó COPanna) creat dlíthiúil domhanda le haghaidh gníomhaíochtaí chun an domhan nádúrtha a chosaint ar mhaithe le beatha ar fad an Domhain.

Is iad príomhaidhmeanna an CÉB ná:

- caomhnú na héagsúlachta bitheolaíche,
- úsáid inbhuanaithe a comhpháirteanna,
- agus comhroinnt chóir agus chothrom na sochar a eascraíonn as úsáid acmhainní géiniteacha.

Is é an príomh-mheicníocht trína gcuirimid an comhaontú domhanda sin i bhfeidhm ná Straitéisí agus Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta Bithéagsúlachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Táthar ag súil go ndéanfaidh páirtithe na pleananna sin a dhearadh agus a athbhreithniú go rialta chun a gcúinsí náisiúnta a léiriú, agus a mhéid is féidir, ní mór dóibh an bhithéagsúlacht a chomhtháthú i bpleananna, i gcláir agus i mbeartais ábhartha earnála nó trasearnála eile.



Siúlóid Oideachais SPNF. Grianghrafadóir: Bríd O'Donovan

## 3ú Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Náisiúnta na hÉireann 2017-21

Sa 3ú Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Náisiúnta na hÉireann 2017-21, bhí 119 gníomh chun tacú le fís na hÉireann a bhaint amach 'go gcaomhnaítear éiceachórais in Éirinn agus go ndéantar iad a chaomhnú agus a athchóiriú, ag soláthar tairbhí atá riachtanach do gach earnáil den tsochaí, agus go rannchuideoidh Éire le hiarrachtaí chun stop a chur le cailliúint bithéagsúlachta agus le díghrádú na n-éiceachóras san AE agus go domhanda'. Sa tréimhse ó 2017, tá 29 (24%) de na gníomhartha curtha i bhfeidhm agus 78 (66%) eile ar siúl, agus 88 (74%) de na 119 gníomh de chineál leanúnach nó neamhiata. I measc na bpríomhéachtaí tá:

- Reáchtáladh dhá Chomhdháil Náisiúnta Bhithéagsúlachta – 'New Horizons for Nature' i bhFeabhra 2019 agus 'Act Now For Nature' i Meitheamh 2022;
- Chuir Bord na Móna pleananna athchóirithe/athshlánaithe i bhfeidhm do ghnáthóga tailte móna, agus rinneadh athshlánú ar bheagnach 30,000 heicteár faoi Mhárta 2023;
- Seoladh an t-ardán Gnólachtaí ar son na Bithéagsúlachta, ag cabhrú le gnólachtaí a dtionchar bithéagsúlachta a thomhas, a dhearadh agus a léiriú;
- Sheol an Chomhairle Oidhreachta agus an Cumann Bainistíochta an Chontae agus na Cathrach an Clár Oifigigh Bhithéagsúlachta, le tacaíocht ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, chun gníomh áitiúil ar son na bithéagsúlachta a chur chun cinn.



*Rana temporaria* Frog Dearg, Boirinn. Grianghrafadóir: Áine O'Connor



*Huperzia selago* (aiteann Muire). Grianghrafadóir: Michele Adorni

Déanann an 4ú Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Náisiúnta seo a dhícheall cur chuige "Uile-Rialtais, Uile-Shochaí" a bhaint amach i leith rialachas agus caomhnú na bithéagsúlachta. Tá sé mar aidhm leis a chinntiú go bhfuil feasacht ag gach saoránach, pobal, gnó, údarás áitiúil, gníomhaireacht leathstáit agus stáit ar an mbithéagsúlacht, ar a tábhacht, agus ar na himpleachtaí a bhaineann lena caillteanas, agus go dtuigfidís freisin conas is féidir leo gníomhú chun aghaidh a thabhairt ar an éigeandáil bhithéagsúlachta mar chuid d'iarracht náisiúnta athnuaite chun gníomhú ar son an dúlra.

Chun é sin a dhéanamh, cuireann an PGBN san áireamh an raon leathan beartas, straitéisí, coinbhinsiúin, dlíthe agus spriocanna ar leibhéal domhanda, an AE agus ar an leibhéal náisiúnta a mbíonn tionchar acu ar ár dtimpeallacht chomhroinnte chun gníomhaíocht bithéagsúlachta a mhéadú.

Ó d'fhógair an Dáil éigeandáil aeráide agus bhithéagsúlachta sa bhliain 2019, tá athrú mór tagtha ar chúrsaí beartais. Seoladh roinnt tionscnamh, lena n-áirítear Creat Bithéagsúlachta Domhanda (GBF) Kunming-Montréal, Margadh Glas an AE agus an Straitéis Bhithéagsúlachta AE a thacaíonn leis, Plean Straitéiseach nua don Chomhbheartas Talmhaíochta (PS CBT), an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide (PGA) agus Clár Foraoiseachta nuashonraithe. Ina theannta sin, tá 3ú timthriall an Phlean Bainistíochta Abhantraí (PBA) agus reachtaíocht nua do Limistéir Mhuirí faoi Chosaint (LMfCanna) ar bun faoi láthair. Léirítear na forbairtí sin ar fud an PGBN.

# Beartais, Pleananna agus Cláir Chomhshaoil a mbíonn tionchar acu ar bhithéagsúlacht

**Domhanda:**
Coinbhinsiún na NA maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch
Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA



**Réigiúnach:**
Straitéis Bhithéagsúlachta an AE go dtí 2030, an Treoir maidir le hÉin
Treoir maidir le Gnáthóga
An Treoir Réime maidir le hUisce, an Treoir maidir le Níotráití
Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, Dlí Beartaithe an AE um Athchóiriú an Dúlra, Coinbhinsiún OSPAR

**Náisiúnta:**

| | |
|---|---|
| **Dúlra:** | Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht, An tAcht um Fhiadhúlra |
| **Aeráid:** | Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide, Acht na hAeráide |
| **Talmhaíocht:** | Plean Straitéiseach faoin gComhbheartas Talmhaíochta |
| **Foraoisí:** | Clár Foraoiseachta 2023-2027, Straitéis Foraoise, an tAcht |
| **Foraoiseachta Uisce:** | Plean Bainistíochta Abhantraí, Clár Gníomhaíochta maidir le Níotráití |
| **Aigéin:** | Bille um Limistéir Mhuirí faoi Chosaint beartaithe |

## Straitéis Bhithéagsúlachta an AE

Tá sé mar aidhm ag Margadh Glas an AE caipiteal nádúrtha an AE a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú, agus sláinte agus folláine na saoránach a chosaint ar rioscaí agus tionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. Ag an am céanna, caithfidh an t-aistriú sin a bheith cóir agus cuimsitheach.

Tá Straitéis Bhithéagsúlachta an AE do 2030 ar cheann de na príomhchodanna de Mhargadh Glas an AE, agus téann sé i ngleic leis na príomhchúiseanna le cailliúint bithéagsúlachta, amhail úsáid neamh-inbhuanaithe na talún agus na farraige, róshaothrú acmhainní nádúrtha, truailliú, agus speicis choimhthíocha ionracha.

### Athchóirigh agus cosain

**Tógann Straitéis Bhithéagsúlachta 2030 ar Threoracha reatha an AE maidir le hÉin agus Gnáthóga agus Líonra Natura 2000 an AE de limistéir faoi chosaint agus téann sí níos faide ná na treoracha sin.**

**Leagann sí amach spriocanna agus gealltanais uaillmhianacha an AE do 2030 chun éiceachórais shláintiúla agus athléimneacha a bhaint amach, mar shampla:**


- **25,000 KM** ar a laghad d'aibhneacha an AE a athchóiriú le bheith saorshreabhach
- **30%** ar a laghad de thalamh an AE, agus **30%** de na farraigí, a dhéanamh ina limistéir chosanta a bhainistítear go héifeachtach agus go comhleanúnac
- Déan **éiceachórais dhíghrádaithe** a athchóiriú, agus cuir stop le haon damáiste breise don dúlra
- **25%** de thalamh thalmhaíochta a bhainistiú faoi fheirmeoireacht orgánach, agus glacadh cleachtas Agra-éiceolaíochta a chur chun cinn
- Úsáid agus riosca lotnaidicídí a laghdú faoi **50%** ar a laghad
- An meath ar **phailneoirí** a aisiompú
- Tírdhreach a bhunú le mórán gnéithe bithéagsúlachta ar **10%** ar a laghad den talamh feirme
- Cuir níos mó ná **3 bhilliún** crann éagsúla le mórán bithéagsúlachta
- Déileáil le foghabháil agus damáiste do ghrinneall na farraige

## Rialachán an AE um Athchóiriú an Dúlra

Leagfar síos leis an Rialachán atá beartaithe ag an AE um Athchóiriú an Dúlra spriocanna atá ceangailteach ó thaobh dlí chun éiceachórais dhíghrádaithe a athbhunú, go háirithe, na cinn is mó a bhfuil an cumas iontu carbón a ghabháil agus a stóráil, agus chun tionchar tubaistí nádúrtha a chosc agus a laghdú. Faoi réir an Rialachán a thabhairt chun críche, táthar ag súil go gceanglófar ar na Ballstáit go léir Plean Náisiúnta Athchóirithe a tháirgeadh laistigh de dhá bhliain tar éis é a ghlacadh. Is í an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra a bheidh i gceannas air sin agus cuimseoidh sé próiseas rannpháirtíochta poiblí leathan agus domhain, bunaithe ar mheasúnuithe tionchair éiceolaíochta agus socheacnamaíochta láidre. Déanfar an Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Náisiúnta seo a nuashonrú faoi 2027 chun Plean Náisiúnta Athchóirithe na hÉireann a chur san áireamh.


## Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming Montréal

IIn 2022, ghlac Comhdháil Bhithéagsúlachta na Náisiún Aontaithe (COP15) comhaontú suntasach chun gníomhaíocht dhomhanda ar an dúlra a threorú go dtí 2030. Tá sé mar aidhm ag GBF aghaidh a thabhairt ar cailliúint bithéagsúlachta, éiceachórais a athbhunú, agus cearta dúchasacha a chosaint. Áirítear sa phlean bearta nithiúla chun stop a chur le caillteanas dúlra agus é a aisiompú, lena n-áirítear 30% den phláinéad agus 30% d'éiceachórais dhíghrádaithe a chur faoi chosaint faoi 2030. Tá tograí ann freisin chun maoiniú a mhéadú do thíortha i mbéal forbartha. Féach Aguisín 1 le haghaidh ailíniú bheartas an Rialtais agus an PGBN seo le spriocanna GBF.




Arna chur in oiriúint ó scéimléaráid le Vigdis Vandvik

# Caibidil a Ceathair
## Conas atáimid ag cosaint na bithéagsúlachta anois?



## Conas atáimid ag cosaint na bithéagsúlachta anois?

**Tá méadú suntasach tagtha ar ghníomhaíocht ar son na bithéagsúlachta le blianta beaga anuas, agus béim láidir á cur ar chomhoibriú le húinéirí talún agus le pobail áitiúla chun freagairt chomhchoiteann ar an dúshlán a chumasú. Tá raon leathan tionscnamh, tionscadal agus sruthanna maoinithe ag seachadadh athruithe dearfacha do raon gnáthóg agus speiceas ar fud na tíre.**

**Tá go leor gníomhaíochtaí don bhithéagsúlacht dírithe ar an gclár oibre athchóirithe a luathú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta a chur chun cinn. Méadóidh sé sin athléimneacht na bithéagsúlachta in aghaidh athrú aeráide agus tacóidh sé le baint amach na spriocanna sa Phlean Oiriúnaithe Earnála Bithéagsúlachta um an Athrú Aeráide faoin gCreat Náisiúnta um Oiriúnú.**

## Scéimeanna Náisiúnta

### Scéim um Chomhshaol Tuaithe Agra-Aeráide

Mar thírdhreach talmhaíochta den chuid is mó, tá an Scéim um Chomhshaol Tuaithe Agra-Aeráide (SCTAA) nua de luach €1.5 billiún faoin PS CBT thar a bheith tábhachtach do bhithéagsúlacht na hÉireann. Tá sé mar aidhm ag SCTAA cur go mór le torthaí feabhsaithe cáilíochta bithéagsúlachta, aeráide, aeir agus uisce a bhaint amach, le tacaíocht ioncaim a sholáthar do suas le 50,000 teaghlach feirme ag an am céanna. Ag baint úsáid as cur chuige bunaithe ar ghnáthóg, déantar an scéim a sheachadadh trí threoir ilfheidhmeach agus trí ghníomhartha bunaithe ar thorthaí: Cuireann 'SCTAA Ginearálta' raon beart spriocdhírithe agus ginearálta ar fáil d'fheirmeoirí aonair, agus baineann 'SCTAA Comhoibrithe' – atá ar fáil d'fheirmeoirí i limistéir gheografacha ardtosaíochta shainithe – úsáid as íocaíochtaí bunaithe ar thorthaí, chomh maith le gníomhaíochtaí feirme agus tírdhreacha oiriúnaithe. Faigheann feirmeoirí a ghlacann páirt tairbhe as cúnamh ó Fhoireann Tionscadal Comhair Áitiúil chun tacú le cur i bhfeidhm na scéime ag an leibhéal áitiúil.

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach ar www.gov.ie/dafm



Luí na Gréine Talmhaíochta Grianghrafadóir: Barry O'Donoghue

## Tionscnamh Comhpháirtíochta Nuálaíochta na hEorpa

Maoiníonn Tionscnamh Comhpháirtíochta Nuálaíochta na hEorpa (CNE) tionscadail a ligeann d'fheirmeoirí, d'eolaithe agus do shaineolaithe eile comhoibriú le chéile chun cleachtais nua a fhorbairt atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus atá inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair de.

Tá roinnt tionscnamh atá dearfach ó thaobh na bithéagsúlachta curtha i bhfeidhm ó foilsíodh an PGBN deireanach. Díríonn cuid acu ar speicis a bhfuil imní chaomhnaithe ag baint leo, mar an diúilicín péarla fionnuisce, an cuirliún pórúcháin, na pailneoirí, agus préachán na gcearc. Díríonn cinn eile ar cheantair gheografacha, amhail na Staighrí Dubha, Tuaisceart Chonamara, Oileáin Árann, Dúiche Ealla, Dún Canann, Ráth Cruachan, ardtailte Inis Eoghain, Na Cruacha Dubha, agus dobharcheantair aibhneacha na Maoilchearna agus na Bríde. Fógraíodh CNE Uisce €60m nua in 2023 chun tacú le Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (LAWPRO), Teagasc agus Tionscal Déiríochta Éireann (DII) chun oibriú le feirmeoirí ar bhonn aonair chun cáilíocht uisce a fheabhsú.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar CNEnna, féach ar www.gov.ie/RTBM

## Clár Foraoiseachta

Éilíonn Fís Roinnte Náisiúnta na hÉireann do Chrainn, Coillte agus Foraoisí go dtí 2050 go mbeidh na crainn chearta sna háiteanna cearta ar na cúiseanna cearta leis an mbainistíocht cheart. Déanann Straitéis Foraoiseachta na hÉireann go dtí 2030 cur síos ar conas a dhéanfar Fís 2050 a fhíorú, agus is é an Clár Foraoiseachta 2023 – 2027 an chéad chéim chun an Fhís a chur i bhfeidhm. Tá an Clár Foraoiseachta deartha chun cur go suntasach le cuspóirí bithéagsúlachta na hÉireann. Éascóidh an Clár cruthú gnáthóg foraoise nua ar scála, le dreasachtaí flaithiúla d'fheirmeoirí agus do chomhlachtaí poiblí chun coillearnacha dúchasacha measctha a chur ar thalamh oiriúnach, chomh maith le híocaíochtaí 20 bliain d'fheirmeoirí chun coillearnach éiritheach a choinneáil agus a chur chun cinn ar a gcuid talún. D'úinéirí foraoise atá ann cheana féin, beidh bearta faoin gClár Foraoiseachta amhail an Scéim um Chaomhnú Coillearnaí Dúchasaí, an Scéim Feabhsaithe Coillearnaí, agus cleachtais bainistíochta foraoise inbhuanaithe eile fíorluachmhar chun bithéagsúlacht a chosaint agus a fheabhsú ar fud ár dtírdhreacha.

Le haghaidh tuilleadh eolais, féach ar www.gov.ie/RTBM



Féarach Éirí na Gréine Grianghrafadóir: Barry O'Donoghue



Coill Na Craobha Grianghrafadóir: Dermot McGreal

## Scéim Gníomhaíochta Aeráide na dTailte Móna

Cuimsíonn Scéim Gníomhaíochta Aeráide na dTailte Móna (ar a dtugtar an Scéim Athchóirithe agus Athshlánaithe um Dhíchoimisiúnú Feabhsaithe, nó SAADF) athchóiriú agus athshlánú thart ar 33,000 heicteár de thailte móna Bhord na Móna a baineadh roimhe seo chun leictreachas a ghiniúint. Tríd an tionscadal, tá Bord na Móna ag athshannadh fostaithe ó oibríochtaí bainte go dtí athshlánúchán chun tacú leis an gcomhshaol nádúrtha agus le bithéagsúlacht na dtailte móna.

Go dtí seo, tá timpeall 14,344 heicteár athshlánaithe thar 30 portach agus tá pleananna ceadaithe do chúig shuíomh eile, agus tá ceithre cinn á gceadú. Táthar ag súil go mbeidh na hoibreacha críochnaithe faoi lár na bliana 2026. Tá an Scéim maoinithe le €108 milliún ó Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta Náisiúnta an AE, arna riar ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, arna rialú ag an SPNF, agus arna oibriú ag Bord na Móna.

Féach ar www.bnmpcas.ie le haghaidh tuilleadh sonraí.



Portach na Corrchoille, Contae Chill Dara Grianghrafadóir: Jeff Harvey

## Clár LIFE

Is é Clár LIFE ionstraim mhaoinithe an AE don chomhshaol agus do ghníomhaíocht aeráide. Déanann a sruthanna cómhaoiniú ar thionscadail um chaomhnú an dúlra le rialtais náisiúnta chun tacú le bithéagsúlacht, gnáthóga agus speicis, i measc nithe eile. Tríd an SPNF agus an tAonad Comhairleach Uisce, is í an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO) an tairbhí comhordaithe do cheithre thionscadal LIFE. Tá Traonach LIFE ag obair chun an traonach a chaomhnú in iarthar agus in iarthuaisceart na hÉireann, agus tá SAOL ar an Machaire ag obair sa réigiún céanna chun féaraigh machaire cósta agus gnáthóga gaolmhara a chosaint agus a athchóiriú. Is Tionscadail Chomhtháite (IP) iad an dá cheann eile, le buiséid níos mó agus tréimhsí oibriúcháin níos faide: Tá Wild Atlantic Nature LIFE IP dírithe ar bhratphortach an Atlantaigh a athchóiriú in iarthar agus in iarthuaisceart na tíre, agus tá sé mar aidhm ag IP Uiscí LIFE uiscí ardstádais a chosaint agus a fheabhsú ar scála an dobharcheantair. Tá Éire ina comhpháirtí freisin ar cheithre thionscadal Dúlra/Comhtháite eile de chuid LIFE: LIFE IP Peatlands and People Bhord na Móna, atá ag cumasú athchóiriú agus athshlánú portach ardaithe i lár na tíre; LIFE Loch Ceara Chomhairle Contae Mhaigh Eo, atá ag comhoibriú le páirtithe leasmhara éagsúla chun an loch marla a thabhairt ar ais go riocht fabhrach; Tá sé mar aidhm ag tionscadal LIFE INSULAR de chuid Ollscoil Santiago de Compostela straitéis thrasnáisiúnta a fhorbairt chun dumhcha seasta cósta agus fraochmhánna tirime a athchóiriú i gcúig oileán san Aigéan Atlantach; agus tionscadal Legacy4LIFE de chuid An Taisce a bhfuil sé mar aidhm aige tacaíochtaí pobalbhunaithe a fhorbairt do chomhshaol nádúrtha na hÉireann, le fócas ar fheabhsú bithéagsúlachta, cosaint an chomhshaoil agus maolú aeráide.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar chláir LIFE na hÉireann, féach ar www.gov.ie/en/publication/7e5e8-life-programme



Fál Crainn Cnó Capaill i Machair. Grianghrafadóir: Mark Reed

Boscaí neadaithe do Gheabhróga Rósacha. Grianghrafadóir: Tony Murray



## Clár na mBeart Caomhnaithe

Cuimsíonn Líonra Natura 2000 na hÉireann líonra suíomhanna atá tábhachtach ó thaobh na héiceolaíochta de ag leibhéal Eorpach. Tá na háiteanna speisialta seo don bhithéagsúlacht ainmnithe faoi dhá Threoir Dhúlra an AE: Limistéir faoi Chosaint Speisialta (LfCSanna) faoin Treoir maidir le hÉin, agus/nó Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (LfCSanna) faoin Treoir maidir le Gnáthóga. Tá níos mó ná 600 láithreán den sórt sin faoi úinéireacht phoiblí agus phríobháideach ar fud gach contae in Éirinn. Tá Clár Beart Caomhnaithe cuimsitheach á fhorbairt agus á rolladh amach ag an SPNF atá nasctha le Cuspóirí Caomhnaithe na láithreán agus a bhfuil dreasachtaí, tacaíochtaí agus cur chuige comhoibríoch mar bhonn agus mar thaca aige. Baineann bearta caomhnaithe go sonrach le gach láithreán agus d'fhéadfadh raon leathan gníomhartha a bheith i gceist leo – ó bhainistiú coillearnaí agus athchóiriú portaigh go bainistiú féaraigh, tógáil sconsaí agus baint speiceas ionrach, srl. – ag brath ar an ngnáthóg agus ar a riocht. Is é aidhm fhoriomlán an chláir rannchuidiú le hathchóiriú agus cothabháil stádas fabhrach caomhantais speiceas agus gnáthóg ar fud Líonra Natura 2000 ar fad, ag cosaint an dúlra ag na suíomhanna tábhachtacha sin agus ag comhlíonadh oibleagáidí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Tumadóir scoile glas. Grianghrafadóir: Nigel Motyer



## Limistéir Mhuirí faoi Chosaint

Is í fís náisiúnta na hÉireann a chinntiú go bhfuil an fharraige agus an t-aigéan glan, sláintiúil, ilghnéitheach ó thaobh na bitheolaíochta de, táirgiúil, in úsáid go hinbhuanaithe, agus athléimneach i gcoinne éifeachtaí an athraithe aeráide laistigh de thimpeallacht níos leithne an Aigéin Atlantaigh. Mar phríomhghníomh chun é sin a sheachadadh, tá an Rialtas ag forbairt reachtaíochta ar LMfCanna agus déanfaidh siad dul chun cinn tapa ar a forfheidhmiú chun cabhrú lenár sprioc de chosaint 30% sa mhuirthimpeallacht a bhaint amach faoi 2030. Is féidir LMfCanna a thuiscint mar limistéir mhuirí atá sainithe go geografach a sholáthraíonn leibhéil chosanta chun tacar cuspóirí caomhnaithe a bhaint amach. Tagann an reachtaíocht de bhun moltaí saineolacha ó ghrúpa comhairleach neamhspleách agus próiseas suntasach rannpháirtíochta poiblí. Cabhróidh bunú LMfCanna sna blianta amach romhainn lena chinntiú gur féidir leis an timpeallacht mhuirí leanúint ar aghaidh ag tacú lenár n-aeráid, ár ngeilleagar, ár bpobail chósta, ár dtraidisiúin agus ár n-oidhreacht chultúrtha, agus ár sláinte agus folláine.



Úsáid speile i nGnáthóg an Traonaigh Grianghrafadóir: John Carey



Brasileiro Éireannach. Grianghrafadóir: Michal Namysl

## Páirceanna Náisiúnta

Ó Ghleann Bheatha sa tuaisceart go Sléibhte Chill Mhantáin agus Gleann na Bóinne san oirthear, ó Néifinn Fhiáin, Conamara agus Boirinn feadh an chósta thiar go Cill Áirne sa deisceart, tá seacht bPáirc Náisiúnta na hÉireann ag croílár ár n-iarrachtaí an dúlra a chosaint. Le blianta beaga anuas, tá dul chun cinn suntasach déanta ag infheistíocht mhéadaithe maidir le hathchóiriú gnáthóg amhail coillearnacha dúchasacha, tailte móna agus féaraigh, agus athbhunú príomhspeicis mar an t-iolar mara agus an coirneach, chomh maith le tine agus coireanna fiadhúlra eile a chosc, a bhrath agus a rialú agus speicis ionracha agus fadhbacha a bhaint agus a bhainistiú go fadtéarmach. Tá an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra ag infheistiú freisin i gcláir oideachais agus feasachta chun rannpháirtíocht an phobail leis na háiteanna speisialta sin a fheabhsú, agus chun tacú le turasóireacht inbhuanaithe trí fheabhas a chur ar ár gcuid conairí, cosán, comharthaíochta agus áiseanna cuairteoirí do na milliúin daoine a thugann cuairt gach bliain. Ina theannta sin, tá an SPNF i mbun pleananna bainistíochta uileghabhálacha a fhorbairt do gach Páirc Náisiúnta chun bainistíocht cuairteoirí agus caomhnú an dúlra a chuimsiú. Le haghaidh tuilleadh eolais ar Pháirceanna Náisiúnta na hÉireann, tabhair cuairt ar www.nationalparks.ie.

## Clár na nOifigeach Bithéagsúlachta

Is iad Oifigigh Bhithéagsúlachta an nasc ríthábhachtach idir beartas náisiúnta agus gníomh áitiúil. Faoi dheireadh na bliana 2023, táthar ag súil go mbeidh Oifigigh Bhithéagsúlachta ag obair ag leibhéal cathrach agus contae i 25 Údarás Áitiúil ar fud na tíre, agus tá sé beartaithe é sin a leathnú go dtí na 31 ceann sa bhliain amach romhainn. Chomh maith le sonraí a bhailiú, tionscadail chaomhnaithe a dhéanamh, feasacht a ardú, agus Plean Bithéagsúlachta Áitiúil a fhorbairt, cuireann Oifigigh Bhithéagsúlachta comhairle ar an údarás áitiúil maidir le saincheisteanna a bhaineann le bithéagsúlacht agus a dhualgais maidir le cosaint na bithéagsúlachta.

Cabhraíonn siad le hÚdaráis Áitiúla caomhnú na bithéagsúlachta a chomhtháthú go hiomlán ina gcuid beartas, pleananna agus gníomhartha go léir trí oiliúint agus sainchomhairle a sholáthar. Déanann an Chomhairle Oidhreachta agus Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CCMA) Clár Oifigeach Bithéagsúlachta na nÚdarás Áitiúil a sheachadadh le tacaíocht ón RTRÁO agus ón SPNF. Le tuilleadh eolais a fháil, féach ar https://www.heritagecouncil.ie/our-work-with-others/biodiversity-officer-programme.



Páirc Náisiúnta Ghleann na Bóinne. Grianghrafadóir: ©Cartlann Ghrianghrafadóireachta, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, Rialtas na hÉireann.




Oifigigh Bhithéagsúlachta nua ag bualadh leis an Aire Noonan, An Chomhairle Oidhreachta, Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CCMA) agus Oifigigh Oidhreachta. Grianghrafadóir: Alf Harvey

Iontaobhas na gCoillte Dúchasach. Grianghrafadóir: Lisa Larkin



## Ciste Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúil

Cuireann an Ciste Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúil (CGBÁ) maoiniú deontais ar fáil d'Údaráis Áitiúla chun tacú le gníomhartha sa PGBN ag leibhéal áitiúil agus pobail. Idir 2018 agus 2023, bronnadh breis is €6m chun tacú leis na céadta tionscadal mionscála amhail Straitéis Speiceas Coimhthíoch Ionrach do Chathair na Gaillimhe, fálta atá díonach ar chreachadóirí do lapairí goir i gCo. Dhún na nGall, suirbhé ar ghnáthóga an mhadra uisce i gCathair Bhaile Átha Cliath, suirbhé léarscáile crann contae i gCo. Ros Comáin, suirbhé fálta sceach i gCo. Chill Chainnigh, léarscáiliú gnáthóige i gCo. Chorcaí, suirbhéanna ar ialtóga i gCo. an Chláir, suirbhéanna gabhlán gaoithe agus scréachóg reilige i gCo. Cheatharlach, glanadh róslabhras ar Cheann Bhinn Éadair i bhFine Gall, plean cosanta dumhcha i gCo. Lú, athchóiriú bogach i gCo. Phort Láirge, cóireáil glúiní bioraí i gCo. Chiarraí, eolaíocht agus rannpháirtíocht saoránach i gCo. Uíbh Fhailí, athchóiriú locháin i gCo. Chill Mhantáin, agus go leor eile. Chun tionscadal maoinithe a mholadh, déan teagmháil le d'Oifigeach Bithéagsúlachta nó d'Oifigeach Oidhreachta áitiúil.




## Ciste Bithéagsúlachta

Tá sé mar aidhm ag Ciste Bithéagsúlachta na Fondúireachta Pobail d'Éirinn, atá cómhaoinithe ag an SPNF, gníomh bithéagsúlachta a chur chun cinn ar an leibhéal áitiúil trí éiceolaithe cáilithe a chomhpháirtiú le grúpaí pobail chun Pleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Pobail (CBAPanna) a tháirgeadh. Liostaíonn gach plean na plandaí, an fiadhúlra, na gnáthóga, agus na gnéithe geografacha a chuimsíonn bithéagsúlacht an cheantair áitiúil agus déanann moltaí chun iad a chosaint, a chaomhnú agus a athchóiriú. Nuair a bheidh a CBAP críochnaithe acu, is féidir le grúpaí pobail cur isteach ar mhaoiniú chun na moltaí a chur i bhfeidhm. Go dtí seo, tá os cionn €1 milliún ceadaithe chun 181 CBAP a sheachadadh ar fud na 26 contae go léir agus chun 51 moladh a chur i bhfeidhm. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach ar www.communityfoundation.ie.




Béal Átha Fhínín agus Cumann na mBailte Slachtmhara Bhéal Átha Fhínín agus Inis Céin Grianghrafadóir: Ann Corcoran



*Bumbóg gharraí bheag. Grianghrafadóir: Brian Nelson*

# Caibidil a Cúig
## Cé dó a bhfuil an Plean seo?



# Cé dó a bhfuil an Plean seo?

Tá baint ag raon leathan eagraíochtaí le caomhnú bithéagsúlachta, ó Ranna Rialtais Láir, Gníomhaireachtaí Stáit, agus Údaráis Áitiúla, go dtí an pobal taighde, eagraíochtaí neamhrialtasacha náisiúnta agus áitiúla, scoileanna agus ollscoileanna, gnólachtaí, feirmeoirí, iascairí, foraoiseoirí, pobail áitiúla, agus daoine aonair. Tá ról ag gach duine maidir le cosaint agus athchóiriú an dúlra, agus tá gníomhartha sa PGBN dúinn go léir.

Tá an SPNF freagrach as na feidhmeanna comhairleacha agus ceaptha beartais maidir leis an dúlra agus bithéagsúlacht. Is gníomhaireacht feidhmiúcháin í an SPNF laistigh den RTRÁO. Tá freagracht ar an máthair-Roinn sin freisin as Timpeallacht na Mara, Uisce & Pleanáil.

Tá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) freagrach as beartais agus as cláir mhaoinithe i réimsí na talmhaíochta, an bhia, an iascaigh agus na foraoiseachta. Tá an Roinn Cumaráide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil freagrach as saincheisteanna comhshaoil eile amhail athrú aeráide, dramhaíl, an geilleagar ciorclach agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. (féach Aguisín 2 chun an méid a chuireann an PGBN seo leis na SFInna a fheiceáil).

Tá roinnt Ranna eile freagrach as saincheisteanna a thrasnaíonn le hábhair imní bhithéagsúlachta, nó a bhfuil baint acu leo, m.sh. tá baint ag an nGarda Síochána agus Custaim le forfheidhmiú príomhreachtaíochta áirithe i réimse na trádála agus na hiompórtála neamhdhleathaí.

I measc na gcomhlachtaí stáit a bhfuil ról acu i gcaomhnú bithéagsúlachta tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), Foras na Mara, Iascach Intíre Éireann (IFI), Teagasc, Coillte, Bord na Móna, Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW), (lena n-áirítear Garraithe Náisiúnta na Lus), agus an Chomhairle Oidhreachta, a dhéanann maoirseacht ar an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta (INSB).

Tá príomhról ag Údaráis Áitiúla i gcaomhnú bithéagsúlachta tríd an gcóras pleanála, an raon leathan seirbhísí comhshaoil a sholáthraíonn siad, an líonra oifigeach bithéagsúlachta agus oidhreachta, Oifig Uisce agus Pobal an Údaráis Áitiúil agus a bpleananna agus cláir a chur i bhfeidhm.

Is iad úinéirí talún, feirmeoirí, iascairí, foraoiseoirí agus pobail áitiúla na páirtithe is tábhachtaí i saincheisteanna bithéagsúlachta. I measc na n-eagraíochtaí ionadaíocha atá acu tá Nasc Tuaithe na hÉireann, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann, Cumann Soláthraithe Bainne Uachtarlainne na hÉireann, Macra, Feirmeoirí Cnoic agus Natura na hÉireann, Feirmeoirí

Eallaigh agus Caorach na hÉireann, Fóram Bogach an Phobail agus Eagraíocht Úinéirí Talún na hÉireann.

Is ionaid taighde agus oiliúna i réimse na bithéagsúlachta iad Ollscoileanna agus Institiúidí Teicneolaíochta. Tugann líonraí tábhachtacha amhail Gréasán Taighde Uile-Oileáin um an Aeráid agus Bithéagsúlacht (GTUOAB) taighdeoirí ó raon leathan disciplíní ar fud oileán na hÉireann atá i mbun taighde ar thopaicí aeráide agus bithéagsúlachta le chéile.

Tá raon ranna agus gníomhaireachtaí rialtais ann a bhfuil ról acu i gcur chun cinn agus i maoiniú taighde a bhaineann leis an mbithéagsúlacht a thugann aghaidh ar dhúshláin shochaíocha m.sh. Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ), an Chomhairle um Thaighde in Éirinn, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), agus Foras na Mara. Maoiníonn an SPNF taighde éiceolaíochta saincheaptha a dhíríonn ar ghnáthóga agus speicis chosanta.

Tá baint ag raon leathan eagraíochtaí neamhrialtasacha náisiúnta le réimse na bithéagsúlachta lena n-áirítear An Taisce, Cairde Éanlaith Éireann, Grúpa Míolta Móra agus Deilfeanna na hÉireann, Caomhnú Ialtóg Éireann, Comhairle Chaomhnaithe Phortaigh na hÉireann, agus Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann. Tá go leor de na ENRanna seo ina mbaill de Líonra Comhshaoil na hÉireann agus dá comhpháirtíocht abhcóideachta, an Colún Comhshaoil. Déanann líon méadaitheach eagraíochtaí agus grúpaí áitiúla obair thábhachtach a bhaineann leis an mbithéagsúlacht freisin.

## Gnó don Bhithéagsúlacht Éireann

Business for Biodiversity Ireland

**Bunaíodh Gnó don Bhithéagsúlacht Éireann mar fhreagra ar an ngá atá ag méadú le haghaidh treorach do ghnólachtaí Éireannacha maidir lena dtionchair ar an domhan nádúrtha. Is iad príomhaidhmeanna an Ardáin ná spreagadh agus dreasacht a thabhairt do ghnólachtaí Éireannacha measúnú a dhéanamh ar a dtionchair agus a spleáchais ar an dúlra agus straitéisí bithéagsúlachta a bhfuil brí leo maidir leis an bhfaisnéis sin a dhréachtadh. Tá sé mar aidhm ag an Ardán nádúr a thabhairt isteach i ngach leibhéal de chinnteoireacht ghnó agus dlús a chur le gníomhaíocht agus le maoiniú athchóirithe agus feabhsaithe na n-éiceachóras damáistithe. Tacóidh an tArdán le cuideachtaí chun beartais a fhorbairt le haghaidh todhchaí atá dearfach ó thaobh an dúlra de a rachaidh chun sochair na heagraíochta agus na timpeallachta araon. Tá Caipiteal Nádúrtha Éireann i gceannas ar fhorbairt ardán le tacaíocht ón Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta agus Gnó sa Phobal. Chuir an SPNF agus an Roinn Bia, Talmhaíochta agus Mara trí bliana de mhaoiniú síl ar fáil, féach https://businessforbiodiversity.ie/**

# Struchtúr eagraíochtúil na SPNF



# Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta

Bunaíodh an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta in 2007. Tar éis chinneadh an Rialtais in 2022, bunaíodh an NBDC mar chomhlacht faoi theorainn ráthaíochta. Déanann an tIonad Sonraí sonraí ar bhithéagsúlacht na hÉireann a chomhordú, a bhainistiú, a anailísiú agus a scaipeadh. https://biodiversityireland.ie/

**Tá 6 mhilliún+ taifead de bheagnach 18,000 speiceas éagsúil** le fáil sa bhunachar sonraí bithéagsúlachta náisiúnta is mó in Éirinn

**Chuidigh breis agus 30,000 taifeadóir** le sonraí bithéagsúlachta a ghabháil trí Thairseach Eolaíochta do Shaoránaigh na hÉireann

**Cuireadh oiliúint ar 4,500+ duine** inár gcláir oiliúna bhithéagsúlachta agus forbartha acmhainne

Déanaimid monatóireacht ar dhaonraí pailneoirí tríd an ***Scéim Monatóireachta Pailneoirí Náisiúnta***

National Biodiversity Data Centre

Documenting Ireland's Wildlife

Déanaimid taighde agus déanaimid teagmháil le feirmeoirí tríd an gclár ***CNE um Pailneoirí Talún Feirme a Chosaint***

## ÁR nÉachtaí GO DTÍ SEO

Le breis is 15 bliana anuas, tá an tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta ina chuid lárnach de bhonneagar oidhreachta náisiúnta na hÉireann.

Trí shonraí agus faisnéis bhithéagsúlachta a chur ar fáil go héasca d'earnálacha poiblí agus príobháideacha, cuirimid seirbhísí riachtanacha ar fáil a fheabhsaíonn tuiscint agus a thacaíonn le caomhnú bhithéagsúlacht na hÉireann.

Déanaimid comhordú ar an ***bPlean um Pailneoirí Uile-Éireann*** a bhfuil an-rath air

Déanaimid monatóireacht ar dhaonraí bumbóg ar oileán na hÉireann trí ***Scéim Uile-Éireann Monatóireachta ar Bhumbóga***

Déanaimid monatóireacht ar dhaonraí féileacán trí ***Scéim Monatóireachta Fhéileacáin na hÉireann***

Déanaimid comhordú ar ***Explore Your Shore!*** tionscadal eolaíochta saoránach chun cur le heolas ar bhithéagsúlacht chósta na hÉireann

Tuairiscímid ar riachtanais sonraí agus faisnéise faoi **Rialacháin an Aontais Eorpaigh um Speicis Ionracha**

Tuairiscímid ar **Tháscairí Náisiúnta Bithéagsúlachta na hÉireann**

Glacaimid páirt i líonraí idirnáisiúnta agus feidhmímid mar nód na hÉireann den **tSaoráid Faisnéise Bithéagsúlachta Domhanda**

# Caibidil a Sé
## Cén chaoi a mhaoineofar an PGBN?



## Cén chaoi a mhaoineofar an PGBN?

Chun tacú leis an PGBN seo a sholáthar, leis na Treoracha Dúlra a chur i bhfeidhm, agus, go háirithe, an uaillmhian maidir le hathchóiriú feabhsaithe atá leagtha amach i Straitéis Bhithéagsúlachta an AE agus an GBF, bunaíodh an Ciste Bonneagair, Aeráide agus Dúlra. Ní mór an t-ardú uaillmhéine sin a mheaitseáil le hacmhainní breise do sholáthar foirne ar fud comhlachtaí poiblí. Cuireadh tús leis an earcaíocht sin le cur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta Straitéiseach na SPNF, le rolladh amach na nOifigeach Bithéagsúlachta ar fud na nÚdarás Áitiúil agus le poist bhreise a bhaineann leis an mBithéagsúlacht a líonadh laistigh den OOP agus den RTBM.

Cuirtear maoiniú tiomnaithe don bhithéagsúlacht ar fáil faoin leithdháileadh bliantúil ón Státchiste do na Ranna Rialtais ábhartha. Faigheann comhlachtaí stáit a bhfuil ról bithéagsúlachta acu maoiniú nó deontais ón Státchiste freisin. Soláthraítear maoiniú do thaighde bithéagsúlachta trí roinnt eagraíochtaí lena n-áirítear an GCC, Foras na Mara agus an SPNF.

Tá go leor tionscnamh ann chun tacú le rannpháirtíocht phobail, lena n-áirítear an Fhondúireacht Phobail d'Éirinn, Clár Oibre Áitiúil 21, agus an Ciste Rannpháirtíochta Tailte Móna.

Ar leibhéal an AE, leagtar síos sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (2021-2027) an uaillmhian íosmhéid caiteachais bhliantúil an AE a sholáthar do chuspóirí bithéagsúlachta, ag tosú le 7.5 % in 2024 agus 10 % ar a laghad in 2026 agus 2027. Aithnítear go dteastaíonn €20 billiún ar a laghad in aghaidh na bliana le gníomhaíocht bithéagsúlachta laistigh den AE ag eascairt as 'cistiú príobháideach agus poiblí ar leibhéal náisiúnta agus an AE', a mbeidh buiséad an AE ina phríomhchumasóir de. Soláthrófar an cistiú sin trí chláir atá ann cheana amhail an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF), Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), Ciste LIFE an AE agus Ciste Taighde agus Nuálaíochta Fís.

Tá €3.86 billiún á gcómhaoiniú ag CETFT chun an PS CBT (2023-2027) a chur chun feidhme atá ag díriú ar idirghabhálacha atá uaillmhianach ó thaobh an chomhshaoil de, amhail an SCTAA nua agus an Scéim um Fheirmeoireacht Orgánach.

Tá LIFE an AE, ionstraim airgeadais de chuid an AE, ag cómhaoiniú €41.9 milliún i naoi dtionscadal comhshaoil agus caomhnaithe dúlra in Éirinn.

Díríonn PEACEPLUS an AE agus an Tionscnamh Oileán Comhroinnte ar dhúshláin straitéiseacha atá le sárú ar oileán na hÉireann, lena n-áirítear €11 mhilliún a fógraíodh le haghaidh athchóiriú tailte móna agus speicis choimhthíocha ionracha.

Tacaíonn Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta an AE le geilleagair agus le sochaithe a bheith níos inbhuanaithe, níos athléimní agus níos ullmhaithe do dhúshláin agus deiseanna na n-aistrithe glasa agus digiteacha. Leithdháileadh €108 milliún ar Éirinn chun tailte portaigh iartháirgthe a athshlánú.

Tacaíonn Ciste an Aontais um Aistriú Cóir leis na réigiúin is mó atá thíos leis an aistriú chuig aeráidneodracht. In Éirinn, díreoidh sé sin ar an réigiún Lár Tíre níos leithne, áit a raibh tionchar díreach ag an aistriú ó tháirgeadh móna agus giniúint leictreachais ó mhóin. Leithdháileadh €12 mhilliún le déanaí ar thailte móna ón gciste sin.

Tá deiseanna suntasacha ann le haghaidh airgeadas poiblí agus príobháideach cumaiscthe nua. Chabhraigh tacaíocht ón mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus ón SPNF chun Airgeadas Tailte Móna Éireann (PFI) a bhunú atá ag forbairt Caighdeán Tailte Móna chun na rannchuidithe a dhéantar trí infheistíocht a dhéanamh in athchóiriú tailte móna do stóráil agus leithlisiú carbóin a chaighdeánú. Tá spéis ghníomhach ag comhlachtaí príobháideacha cheana féin chun iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht athchóiriú tailte portaigh a mhaoiniú chun éilimh arda ar úsáid uisce a fhritháireamh.

## Plean Gníomhaíochta Straitéiseach SPNF

Áiríodh i gClár an Rialtais i mí an Mheithimh 2020 gealltanas go ndéanfaí athbhreithniú ar shainchúram, ar stádas agus ar fheidhmiú an SPNF. Críochnaíodh an tAthbhreithniú neamhspleách ilchéime i mí Feabhra 2022 agus mar thoradh air tháinig cúig mholadh déag chun cinn chun athnuachan a dhéanamh ar an SPNF, agus eagraíocht níos athléimní agus níos éifeachtaí a dhéanamh aisti a bheidh réidh le déileáil le dúshláin an aonú haois is fiche. Soláthraíonn an Plean Gníomhaíochta Straitéiseach le haghaidh Athnuachan an SPNF, a d'fhoilsigh an tAire Darragh O'Brien, TD, agus an tAire Malcolm Noonan, TD, i mBealtaine 2022, an struchtúr eagraíochtúil agus bainistíochta don SPNF chun a shainordú a sheachadadh go hiomlán, cosaint agus athchóiriú ghnáthóga agus speicis na hÉireann a thiomáint agus bainistiú a dhéanamh ar ár bPáirceanna Náisiúnta agus ár dTearmainn Dúlra. Leagann an Plean amach amlíne uaillmhianach le haghaidh athstruchtúrú eagraíochtúil iomlán ar an SPNF, agus infheistíocht bhreise shubstaintiúil €55m san eagraíocht thar thrí thimthriall buiséid, mar aon le hearcú luath 60 príomhbhall foirne le haghaidh róil ríthábhachtacha.



## Airgeadas Tailte Móna Éireann

Is meán ilpháirtí é Airgeadas Tailte Móna Éireann (PFI) a bhfuil sé mar aidhm aige tionchair aeráide, uisce, bhithéagsúlachta agus slite beatha a sheachadadh ar thailte móna na hÉireann. Is é cuspóir an PFI ná sruthanna airgeadais ó infheistíochtaí poiblí, creidmheasanna carbóin, agus airgeadas tráchtála a chomhcheangal chun réitigh a mhaoiniú ar fud na n-earnálacha tábhachtacha amhail fuinneamh, foraoiseacht, uisce agus talmhaíocht chun torthaí comhtháite a sheachadadh ag an leibhéal dobharcheantair agus náisiúnta. I measc na gcomhpháirtithe, tá an Banc Eorpach Infheistíochta, an tSaotharlann Airgeadais Tírdhreacha, Clár Tailte Móna an IUCN, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach ar www.peatlandfinance.ie.


Ag breathnú chun cinn, is iomaí cúis gur chóir de Rialtas na hÉireann scagadh a dhéanamh ar a hioncaim ó cháin carbóin, tobhaigh chomhshaoil, agus díol bannaí glasa ar mhaithe le maoiniú faoi leith nua a léiriú ar mhaithe le bithéagsúlacht agus ar mhaithe le gníomhú ar son na haeráide atá nasctha mhaithe le Tacsanomaíocht an AE ar Mhaoiniú Marthanach. Tá acmhainneacht shuntasach ann freisin ionstraimí airgeadais poiblí-príobháideacha nua cumaisc a fhorbairt, amhail bannaí tionchair, arna dtacú ag iasachtaí ar ús íseal ó shaoráid InvestEU an BEI a bhfuil a cúlchistí ollmhóra á ndíriú chun tacú le Margadh Glas an AE.

Tabharfar isteach córas chun caiteachas bithéagsúlachta a chlibeáil ar fud an rialtais in 2023; leathnófar an chlibeáil chuig caiteachas a mheastar a bheith díobhálach don bhithéagsúlacht. Mar thoradh air sin, beidh trédhearcacht níos mó ann maidir leis an gcaoi a bhfuil airgead státchiste á chaitheamh agus bogadh i dtreo dreasachtaí díobhálacha a chéimniú amach.



Dambaí i bhFeadán Daraigh: Tionscadal CABB

# Caibidil a Seacht
## Conas a d'fhorbraíomar an PGBN?




## Conas a d'fhorbraíomar an PGBN?

Cuireadh tús le forbairt 4ú PGBN na hÉireann i mí Dheireadh Fómhair 2021. Ba iad seo a leanas na príomhbhreithnithe a bhí againn:

- Tógáil ar an rath a bhí ar PGBNanna roimhe seo, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar easnaimh agus ar dhúshláin cur chun feidhme
- Rialachas agus maoirseacht an PGBN a leathnú agus Creat láidir Monatóireachta agus Measúnaithe a fhorbairt chun dul chun cinn a rianú
- Ceannach isteach agus úinéireacht an PGBN a bhaint amach ar fud gach leibhéal den rialtas agus den tsochaí
- Comhleanúnachas níos fearr a bhaint amach idir beartas bithéagsúlachta agus réimsí beartais eile
- Comhlíonadh agus forfheidhmiú na reachtaíochta reatha a neartú
- Méadú ar an bhfócas ar aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna agus na tiománaithe a bhaineann le cailliúint bithéagsúlachta, seachas ar na hiarmhairtí a bhaineann le cailliúint bithéagsúlachta
- Tosaíochtaí bithéagsúlachta a chinneadh, acmhainní airgeadais agus eile a leithdháileadh, luach an dúlra a inmheánú agus an costas a bhaineann le heaspa gnímh a aithint
- An bonn eolaíochta a neartú go suntasach agus inrochtaineacht sonraí a fheabhsú

Bhí trí chéim ar leith i gceist leis an bpróiseas rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara don 4ú PGBN, agus dhírigh gach ceann acu ar ghrúpa páirtithe leasmhara éagsúil.



## CÉIM 1
### Comhairliúchán le Páirtithe Leasmhara

Bhí an chéad chéim ar siúl ó Eanáir go Feabhra 2022 agus dhírigh sé ar struchtúr agus ar threoir ardleibhéil an 4ú PGBN, lena n-áirítear an Fhís, na Cuspóirí agus na Torthaí atá beartaithe don bhithéagsúlacht in Éirinn. Áiríodh le Páirtithe Leasmhara Ghrúpa 1 na Páirtithe Leasmhara seo a leanas, a roghnaíodh bunaithe ar a ról i rialachas agus measúnú bithéagsúlachta:

- **Coiste Stiúrtha PGBN SPNF:** Bhí an Coiste Stiúrtha comhdhéanta d'fhoireann SPNF a raibh sé de chúram orthu forbairt an 4ú PGBN a stiúradh.
- **An Fóram Bithéagsúlachta:** Is grúpa neamhspleách saineolaithe bithéagsúlachta é an Fóram. Bunaíodh an Fóram le linn shaolré an chéad PGBN chun feasacht agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara níos fearr a spreagadh i mbeartas bithéagsúlachta.
- **An Mheitheal um Bithéagsúlacht:** Is Grúpa Idir-Rannach í an Mheitheal um Bithéagsúlacht (MB) a bunaíodh in 2012 chun rannpháirtíocht na bpríomh-Ranna Rialtais agus na nGníomhaireachtaí Stáit i gcur i bhfeidhm spriocanna bithéagsúlachta na hÉireann a neartú.
- **An Grúpa Stiúrtha Cláir Gnó don Bhithéagsúlacht:** Bunaíodh an Clár in 2021 agus tacaíonn an RTBM agus an SPNF (An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta) leis. Is é sprioc an Chláir ná cabhrú le gnólachtaí Éireannacha na rioscaí a bhaineann le cailliúint bithéagsúlachta a aithint agus beart a dhéanamh chun stop a chur leis an ngéarchéim atá ag fás.

Reáchtáladh ceardlanna tiomnaithe le hionadaithe ó gach ceann de na grúpaí páirtithe leasmhara sin chun buanna agus teipeanna PGBNanna na hÉireann roimhe seo agus struchtúr agus treo an 4ú PGBN atá ag teacht chun cinn a phlé. Scaipeadh dréacht tosaigh ardleibhéil den 4ú PGBN ansin, agus lorgaíodh aiseolas scríofa ar a struchtúr agus ar a Fhís, Cuspóirí agus Torthaí ardleibhéil.

## CÉIM 2
### Comhairliúchán le Páirtithe Leasmhara

Bhí an chéim sin ar siúl idir Feabhra agus Iúil 2022 agus díríodh ar eagraíochtaí agus ar chomhlachtaí ar dócha go mbeidh tionchar díreach ag an 4ú PGBN orthu nó a bheidh baint acu lena chur i bhfeidhm. Iarradh ar pháirtithe leasmhara sa ghrúpa sin aiseolas sonrach a thabhairt ar na Gníomhartha a moladh faoin Dréacht den 4ú PGBN. Baineadh úsáid as go leor lúba aiseolais comhthráthacha chun aiseolas ábhartha a fháil ó pháirtithe leasmhara éagsúla ag an gcéim sin. Seo a leanas na páirtithe leasmhara i nGrúpa 2:

- Ranna Rialtais agus Comhlachtaí Stáit
- Údaráis Áitiúla
- Eagraíochtaí Neamhrialtasacha Comhshaoil (eENRanna) agus Grúpaí Pobail

Úsáideadh an t-aiseolas a fuarthas le linn Chéim 2 chun gníomhartha a athbhreithniú agus a fheabhsú tuilleadh agus chun úinéirí gníomhaíochta oiriúnacha a aithint. Chuir an t-aiseolas sin eolas díreach ar fhorbairt an Dréachtphlean a bhí faoi réir an phróisis comhairliúcháin phoiblí ag an am sin.

## CÉIM 3
### Comhairliúchán Poiblí

Chuimsigh Céim 3 comhairliúchán poiblí oscailte. Foilsíodh dréacht den 4ú PGBN an 1 Meán Fómhair 2022. Seoladh tréimhse chomhairliúcháin phoiblí ar an dáta céanna a mhair ar feadh deich seachtaine; dúnta ar an 9ú Samhain 2022. Le linn na tréimhse sin, tugadh cuireadh do gach páirtí leasmhar a dtuairimí a thabhairt trí shuirbhé ar líne agus/nó aighneachtaí a dhéanamh trí ríomhphost nó tríd an bpost chuig an SPNF. Thug an SPNF seastán ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i Meán Fómhair 2022 chun aighneachtaí ón earnáil talmhaíochta a spreagadh.

San iomlán, bhí an méid seo a leanas le feiceáil sa tréimhse chomhairliúcháin phoiblí:

- 200 freagra suirbhé
- 111 freagra scríofa

Lean bearta déthaobhacha ar fud an Rialtais chun gníomhartha a bheachtú mar fhreagra ar an gcomhairliúchán poiblí. Foilsíodh tuarascáil achomair ar na freagraí ar aiseolas a fuarthas tríd an gcomhairliúchán poiblí sin chun dul leis

# An Chomhdháil Bhithéagsúlachta Náisiúnta

Reáchtáladh an dara Comhdháil Náisiúnta Bhithéagsúlachta de chuid na hÉireann i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus ar líne thar dhá lá ar 8 agus 9 Meitheamh 2022 mar thionscnamh an SPNF chun tacú le ceathrú Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Náisiúnta na hÉireann. Léiríodh téama na comhdhála, Gníomhaigh Anois don Dúlra, ar an láithreacht is gá d'athrú bunathraithe ar an gcaoi a gcaithimid leis an dúlra in Éirinn ag leibhéil rialtais, eagraíochtúla agus sochaíocha. Chuir an ócáid fáilte roimh os cionn 400 toscaire agus os cionn 90 cainteoir thar an dá lá agus tháinig 245 duine i láthair ar líne. Taifeadadh léargais agus moltaí don cheathrú PGBN.

Is féidir teacht ar thuarascáil na comhdhála ar: BiodiversityConference.ie



Plé Painéil. Grianghrafadóir: ©Cartlann Ghrianghrafadóireachta, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, Rialtas na hÉireann.



Na hAirí Noonan, Hackett agus O'Brien. Grianghrafadóir: SPNF




Caint ó Ana Mariá Hernández Salgar IPBES. Grianghrafadóir: ©Cartlann Ghriangharafadóireachta, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, Rialtas na hÉireann.



Turas Allamuigh an Tionóil Saoránach. Grianghrafadóir: ©'An Tionól Saoránach'

## An Tionól Saoránach maidir le Cailliúint Bithéagsúlachta

Foilsíodh Moltaí agus Tuarascáil an Tionóil Saoránach maidir le Cailliúint Bithéagsúlachta i mí Aibreáin 2023. Táirgeadh an tuarascáil tar éis seacht gcruinniú den Tionól ó Bhealtaine 2022 go deireadh Eanáir 2023. Cuireadh críoch leis nuair a d'aontaigh 99 comhalta an Tionóil 159 moladh. Áirítear orthu sin 73 moladh ardleibhéil agus 86 gníomh agus tosaíocht earnála sonrach.

Is cuid lárnach de mholtaí na tuarascála an gá atá ag an Stát gníomh práinneach, cinntitheach a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar chailliúint agus athchóiriú bithéagsúlachta agus chun ceannaireacht a sholáthar maidir le bithéagsúlacht na hÉireann a chosaint do na glúine atá le teacht.

Molann an tuarascáil sraith athruithe ar an mBunreacht chun a chinntiú go bhfuil an ceart ag daoine ar thimpeallacht ghlan, shláintiúil agus shábháilte. Ina theannta sin, molann an Tionól go gcuirfí cosaintí ar fáil don dúlra laistigh den bhunreacht chun ligean dó leanúint ar aghaidh ag soláthar riachtanais na beatha lena n-áirítear bia, fionnuisce glan agus aer, chomh maith le timpeallacht ghlan agus shláintiúil a sholáthar don fholláine anois agus sa todhchaí.

Tagraíonn moltaí eile sa tuarascáil do ghníomhaíochtaí in earnálacha sonracha amhail talmhaíocht; fionnuiscí; timpeallachtaí muirí agus cósta; tailte portaigh; foraoiseacht/coillearnacha/fálta sceach; láithreáin agus speicis chosanta; speicis ionracha; agus timpeallachtaí uirbeacha agus tógtha. Aithnítear go sonrach ról na bhfeirmeoirí mar chaomhnóirí na talún a bhfuil eolas agus tuiscint shaibhir acu ar an gcomhshaol, agus go gcaithfear tacú le tionscal na talmhaíochta chun bithéagsúlacht a chaomhnú agus a athchóiriú.

Beidh moltaí an tionóil á bplé anois ag an gcoiste cuí i dTithe an Oireachtais. Cuirfidh an Coiste, ina dhiaidh sin, a chonclúidí faoi bhráid na dTithe le haghaidh díospóireachta. Soláthróidh an Rialtas i dTithe an Oireachtais freagra ar gach moladh ón Tionól.



Pléití an Tionóil Saoránach. Grianghrafadóir: 'An Tionól Saoránach'




Rannpháirtíocht leis an Tionól Saoránach. Grianghrafadóir: 'An Tionól Saoránach'

Siúlóid dúlra an Tionóil Leanaí agus Daoine Óga. Arna éascú ag RUA Productions, Grianghraf le hEleanor (Ball Tionóil)



Pléití an Tionóil Leanaí agus Daoine Óga. Grianghrafadóir: RUA Productions.



## An Tionól Leanaí agus Daoine Óga maidir le Cailliúint Bithéagsúlachta

D'fhoilsigh céad Tionól na hÉireann Leanaí agus Daoine Óga maidir le Cailliúint Bithéagsúlachta a tuarascáil deiridh i mí Aibreáin 2023, ag éileamh go mbeadh an bhithéagsúlacht ag croílár na cinnteoireachta agus go gcuirfí leanaí agus daoine óga san áireamh sa chaoi ina bhfreagraímid do chailliúint bithéagsúlachta.

Tháinig an Tionól le chéile thar dhá dheireadh seachtaine i mí Dheireadh Fómhair agus é mar aidhm aige a chinntiú go mbeidh a dtuairimí ag na saoránaigh is óige in Éirinn maidir leis an gcaoi a bhfreagraíonn Éire don dúshlán a bhaineann le cailliúint bithéagsúlachta. Rinne breis agus 500 leanbh agus duine óg idir 7-17 mbliana d'aois ó ar fud na hÉireann iarratas ar a bheith mar chuid den tionól, agus roghnaíodh 35 acu, a léirigh trasghearradh éagsúil den tsochaí.




Lógó an Tionóil Leanaí agus Daoine Óga. Grianghrafadóir: RUA Productions, Léaráid le Hazel Hurley





Fís an Tionóil Óige. Grianghrafadóir: Hazel Hurley

## An Comhchoiste Oireachtais um Bithéagsúlacht

I mí na Samhna 2022, sheol an Comhchoiste um Chomhshaol agus Gníomh ar son na hAeráide a Thuarascáil ar Bhithéagsúlacht, ina ndéantar 75 moladh thar chúig phríomhthéama a sainaithníodh le linn caidrimh le geallsealbhóirí agus trí aighneachtaí a chur faoi bhráid an Choiste.

**I measc na moltaí bhí:**

- An gá atá le tosaíocht a thabhairt d'ainmniú Limistéir Mhuirí faoi Chosaint (LMfCanna) chomh maith le forbairt agus cur i bhfeidhm láithreach pleananna bainistíochta do LMfCanna ainmnithe reatha agus sa todhchaí chun bithéagsúlacht a athbhunú agus chun tuilleadh damáiste a chosc.
- Cur i bhfeidhm scéime agra-chomhshaoil láidir a thabharfadh breis dreasachtaí d'fheirmeoirí chun limistéir bhithéagsúlachta ar a gcuid talún a chosaint agus a chruthú.
- Beartas a shaothrú chun an fhoraoiseacht a éagsúlú agus chun athléimneacht ár bhforaoisí a mhéadú agus chun bithéagsúlacht a fheabhsú. Cur i bhfeidhm an cur chuige an Leanúnachais Foraoise ar bhonn níos leithne chun soláthar a dhéanamh do bhainistiú foraoise inbhuanaithe níos fearr.
- Acmhainní méadaithe le haghaidh taighde, monatóireachta agus tionscadail bailithe sonraí don bhithéagsúlacht in Éirinn chun eolas a thabhairt do bheartas an Rialtais amach anseo.
- Forálacha reachtacha a thabhairt isteach chun bithéagsúlacht a chosaint agus a chur chun cinn ar bhonn reachtúil; róil agus oibleagáidí a leagan amach ar fud na Ranna agus na gcomhlachtaí poiblí go léir maidir le bithéagsúlacht.
- Oifigigh/Aonaid Bhithéagsúlachta a bhunú laistigh de Ranna Rialtais, Údaráis Áitiúla, agus comhlachtaí poiblí eile nuair is cuí, chun bearta bithéagsúlachta a chomhordú agus a chur chun cinn.
- Comhchoiste um Bithéagsúlacht a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairtí maidir leis an mbithéagsúlacht i ngach comhshaol.





*Lus na bpeiteal. Grianghrafadóir: Neil Lockhart*

# Caibidil a hOcht
## Do bhealach a dhéanamh tríd an PGBN



# Do bhealach a dhéanamh tríd an PGBN

## Struchtúr

Tá **cúig Chuspóir**, sa Phlean, gach ceann acu ag tabhairt aghaidh ar théama difriúil a chuideoidh le réadú na físe don bhithéagsúlacht.

## Nascleanúint

Tá sraith **Torthaí** i ngach Cuspóir a dhéanann cur síos ar na hathruithe a tharlóidh má bhaintear **Gníomhartha** amach.

- Tá **sprioc** ghaolmhar ag gach gníomh, agus is cur síos é sin faoi cheangal ama ar a bhfuil sé d'aidhm ag an ngníomh a bhaint amach.
- Is idirghabhálacha iad na gníomhartha a chuideoidh le baint amach na dtorthaí.
- Tá táscaire(í) intomhaiste ag gach gníomh a cheadóidh monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn.

## Úinéirí gníomhaíochta

I gcás fhormhór na ngníomhaíochtaí tá eagraíocht ainmnithe amháin nó dhó a bheidh freagrach as an ngníomh a chur i gcrích agus as tuairisciú a dhéanamh ar chur chun feidhme na gníomhaíochta. In go leor cásanna tá go leor eagraíochtaí a chuirfidh le seachadadh gníomhaíochta. Níl siad sin ar fad liostaithe, mar go mbeadh na liostaí rófhada nó ní bheadh siad cuimsitheach go leor.

I gcás líon beag gníomhaíochtaí, ní bhraitear aon phríomheagraíocht, toisc go bhféadfaidh líonra taighde, mar shampla, an ghníomhaíocht a dhéanamh, ach b'fhéidir nach mbeidh sí eisiach don líonra sin. Sna cásanna sin, déanfaidh an SPNF, arna thacú ag an MB, obair leantach ar an dul chun cinn a dhéanfar ar fud na gcomhlachtaí ábhartha.

## Liosta acrainmneacha

| Acrainm | Cur síos |
|---|---|
| MC | Measúnacht Chuí |
| ABP | An Bord Pleanála |
| SCTAA | Scéim um Chomhshaol Tuaithe Agra-Aeráide |
| GTUOAB | Gréasán Taighde Uile-Oileáin um an Aeráid agus Bithéagsúlacht |
| PUOP | Plean Uile-Oileáin um Pailneoirí |
| BBNJ | Bithéagsúlacht Mhuirí i Limistéar Lasmuigh den Dlínse Náisiúnta |
| MB | An Mheitheal um Bithéagsúlacht |
| FB | An Fóram Bithéagsúlachta |
| CBT | An Comhbheartas Talmhaíochta |
| PS CBT | Plean Straitéiseach faoin gComhbheartas Talmhaíochta |
| ORGA | Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide |
| CÉB | Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch |
| CCAA | An Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide |
| COFORD | An Chomhairle Náisiúnta um Thaighde agus Forbairt Foraoise in Éirinn |
| PC | Pobal Cleachtais |
| POS | An Phríomh-Oifig Staidrimh |
| TTIC | An Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach |
| RTCGT | An Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe (Tuaisceart Éireann) |
| RTBM | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara |
| RCAC | An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide |
| DELOS | Díríonn togra DELOS ar láithreacha nádúrtha beannaithe i dtíortha forbartha ar fud an domhain. |
| RFTF | An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta |
| RGE | An Roinn Gnóthaí Eachtracha |
| RBATNE | An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta |
| RAIR | An Roinn Airgeadais |
| RTRÁO | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta |
| ROID | An Roinn Oideachais |
| RDC | An Roinn Dlí agus Cirt |
| RI | An Roinn Iompair |
| RCPA | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |
| RFTP | An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail |

| Acrainm | Cur síos |
|---|---|
| **RTCEGSM** | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán |
| **CETFT** | An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) |
| **SDAAF** | An Scéim um Dhíchoimisiúnú, Athshlánú agus Athchóiriú Feabhsaithe |
| **GEC** | An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil |
| **SGRST** | Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí |
| **MTT** | Measúnacht Tionchair Timpeallachta |
| **GEFFC** | An Gréasán Eorpach um Fhaisnéis agus um Fhaire ar an gComhshaol |
| **CNE** | Comhpháirtíocht Nuálaíochta na hEorpa |
| **ENRC** | Eagraíochtaí Neamhrialtasacha Comhshaoil |
| **GCC** | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |
| **EPSOO** | Leagann an Coinbhinsiún maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta i gComhthéacs Trasteorann, dá ngairtear Coinbhinsiún Espoo, na dualgais atá ar Pháirtithe amach maidir leis an tionchar timpeallachta a bhaineann le gníomhaíochtaí áirithe ag próiseas luath sa chóras pleanála a mheas. |
| **AE** | An tAontas Eorpach |
| **SCI AE** | Speiceas Coimhthíoch Ionrach an AE |
| **LIFE an AE** | Is ionstraim chistiúcháin an AE é clár LIFE, a thacaíonn le tograí comhshaoil, chaomhnú an dúlra, agus gníomhú ar son na haeráide tríd an AE. |
| **TCF** | Taighde Comhshaoil Feirme |
| **MRA** | Measúnú ar Riachtanais Airgid um Bithéagsúlacht |
| **SDFB** | Saoráid Dhomhanda um Fhaisnéis Bhithéagsúlachta |
| **TUGG** | Timpeallachtaí Uirbeacha Glasa agus Gorma |
| **GIS** | Córas Faisnéise Geografaí |
| **GLAS** | An Scéim Ghlas do Thimpeallacht na Talmhaíochta ar Bheagán Carbóin |
| **BDCEGS** | Biúró um Dhrugaí agus Coireacht Eagraithe an Gharda Síochána |
| **SGÉ** | Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann |
| **MD** | Meas ar an Dúlra |
| **SCI** | Speiceas Coimhthíoch Ionrach |
| **GFT** | An Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail |
| **INTERREG** | Togra de chuid an AE chun daoine a thabhairt le chéile ar mhaithe le réitigh nuálacha agus inbhuanaithe maidir le dúshláin forbartha réigiúnaí a roinnt. IIÉ - Iascach Intíre Éireann |
| **IPBES** | An tArdán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais |
| **BCL** | Bainistiú Comhtháite Lotnaidí |
| **CTÉEIT** | Comhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Theicneolaíocht |
| **AICD** | An tAontas Idirnáisiúnta do Chaomhnú an Dúlra |

| Acrainm | Cur síos |
|---|---|
| CUÚÁ | Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (CUÚÁ) |
| CGBÁ | Ciste Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúil |
| PGBÁ | Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil |
| TBF | Tíortha Beagfhorbartha |
| LEADER | Tacaíochtaí airgeadais ón Rialtas d'fhiontair phríobháideacha agus grúpaí pobail a fheabhsaíonn caighdeán maireachtála agus gníomhaíocht gheilleagrach i gceantair thuaithe. |
| BOOLUF | Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí |
| FM | Faireachán agus Meastóireacht |
| MME | Measúnú Mílaoise Éiceachórais |
| TRSM | Treoir Réime um Straitéis Mhuirí |
| PGBN | Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Náisiúnta (Éire) |
| INSB | Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta |
| PGN | Plean Gníomhaíochta um Níotráití |
| TNB | Táscaire Náisiúnta Bithéagsúlachta |
| RDB | Réitigh Dhúlrabhunaithe (Sainmhíniú UNEA)[1] |
| PFN | An Plean Forbartha Náisiúnta |
| TGLAN | An Treoir maidir le Gealltanais Laghdaithe Astaíochtaí Náisiúnta |
| CNES | An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach |
| SNF | Suirbhé Náisiúnta ar Fheirmeacha |
| ENR | Eagraíocht Neamhrialtasach |
| LON | Limistéar Oidhreachta Nádúrtha |
| AMÉ | Ard-Mhúsaem na hÉireann |
| GATÉ | Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann |
| SPNF | An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra |
| LTTN | Limistéar Taighde Tosaíochta Náisiúnta |
| CFC | Cúnamh Forbartha Coigríche |
| ORP | Oifig an Rialálaí Pleanála |
| OOP | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| PFFIAC | Plean Forbartha Fuinnimh In-athnuaite Amach ón gCósta |
| OSPAR | Córas a oibríonn 15 Rialtas agus an AE le chéile chun muirthimpeallacht Oirthuaisceart an Atlantaigh a chosaint. |
| CGT | Creat Gníomhaíochta Tosaíochta |

1 Comhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe, Márta 2022

| Acrainm | Cur síos |
|---|---|
| **PEACEPLUS** | Clár maoinithe de chuid an Aontais Eorpaigh a thacaíonn le síocháin agus rathúnas ar fud Thuaisceart Éireann agus na gcontaetha ar an teorann, agus é ag tógáil ar an obair a rinne cláir PEACE agus INTERREG roimhe seo. |
| **RAMSAR** | Coinbhinsiún maidir le Bogaigh a bhfuil Tábhacht Idirnáisiúnta leo go háirithe mar Ghnáthóg d'Éin Uisce |
| **PBAnna** | Pleananna Bainistíochta Abhantraí |
| **LTT** | Limistéir Taighde Tosaíochta |
| **LfCSanna** | Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta |
| **SFI** | Sprioc Forbartha Inbhuanaithe |
| **MST** | Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta |
| **CCEC** | Córas na gCuntas Eacnamaíoch Comhshaoil |
| **FEÉ** | Fondúireacht Eolaíochta Éireann |
| **ÚCIM** | An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara |
| **SOLAS** | Is é SOLAS an ghníomhaireacht Stáit a bhfuil sé de chúram uirthi earnáil Breisoideachais agus Oiliúna den scoth a thógáil chun todhchaí na hÉireann a chothú. |
| **LfCSanna** | Limistéir faoi Chosaint Speisialta |
| **ETIM** | Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic |
| **BIÉ** | Bonneagar Iompair Éireann |
| **TRANSLATE** | Díríonn TRANSLATE, togra taighde Met Éireann, ar chaighdeánú a dhéanamh ar mheastacháin aeráide náisiúnta d'Éirinn agus chun seirbhísí aeráide a fhorbairt chun riachtanais earnáil oiriúnaithe na hÉireann ó thaobh faisnéis aeráide de a sholáthar. |
| **LTÚ** | Limistéar Talmhaíochta a Úsáidtear |
| **UÉ** | Uisce Éireann |
| **RA** | An Ríocht Aontaithe |
| **NA** | Na Náisiúin Aontaithe |
| **WCPA** | An Coimisiún Domhanda um Limistéir faoi Chosaint |
| **TRU** | An Treoir Réime maidir le hUisce |
| **UÉ** | Uiscebhealaí Éireann |



Cosán aolchloiche. Grianghrafadóir: Deirdre Lynn

# Éire i 2050 – Fís don Bhithéagsúlacht

**Tá meas ar an mbithéagsúlacht in Éirinn. Caomhnaítear í, athneartaítear í agus úsáidtear í ar bhealach inbhuanaithe. Déantar cúram de sheirbhísí éiceachórais freisin, rud a chothaíonn pláinéad sláintiúil agus a chuireann buntáistí ar fáil do chách**




## Cuspóir 1:
## Glac le Cur Chuige Uile-Rialtais, Uile-Shochaí i leith na Bithéagsúlachta



## Cuspóir 2:
## Freastal ar Riachtanais Phráinneacha Chaomhnaithe agus Athchóirithe



## Cuspóir 3:
## Rannchuidiú an Dúlra do Dhaoine a Dhaingniú




## Cuspóir 4:
## Feabhas a chur ar an mBonn Fianaise le haghaidh Gníomhaíochta maidir leis an mBithéagsúlacht




## Cuspóir 5:
## Rannchuidiú na hÉireann le Tionscnaimh Idirnáisiúnta Bhithéagsúlachta a Neartú

# Cuspóir a hAon

## Glac le Cur Chuige Uile-Rialtais, Uile-Shochaí i leith na Bithéagsúlachta





## Réamhrá ar an gCuspóir sin

Cuireann an Cuspóir sin cur chuige Rialtais Uile, Sochaí Uile i leith na bithéagsúlachta chun cinn ag teacht le huaillmhianta Choinbhinsiún na NA maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CÉB) agus neartaíonn sé na socruithe rialachais chun tuairisciú ar chur i bhfeidhm an Phlean.

Tá bithéagsúlacht na hÉireann riachtanach d'ár bhforbairt shóisialta, slite beatha agus rath eacnamaíochta. Trí na seirbhísí éiceachórais a chuireann sé ar fáil, cuireann an bhithéagsúlacht taca faoi inbhuanaitheacht agus táirgiúlacht na n-earnálacha talmhaíochta, foraoiseachta agus iascaigh, chomh maith leis an iliomad gnóthas agus tionscal atá ag brath ar an gcomhshaol nádúrtha nó ar amhábhair nádúrtha. Tá sé tábhachtach mar sin go ndéantar príomhshruthú ar an mbithéagsúlacht ar fud earnálacha rialtais agus sóisialta agus geilleagracha, agus go gcuirtear san áireamh í ag gach leibhéal den phróiseas cinnteoireachta náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

Éilíonn sé sin ar gach roinn agus gníomhaireacht rialtais, ar an rialtas áitiúil, ar an earnáil phríobháideach, agus ar an tsochaí shibhialta tiomantas a thabhairt do ghníomhaíocht, bunaithe ar thuiscint láidir ar thábhacht na bithéagsúlachta.

Ní mór tacú le feachtas feasachta le próiseas ionchuimsitheach rannpháirtíochta ina gcaitear le gach duine in Éirinn, gach earnáil, grúpa sainleasa agus pobal mar chomhpháirtithe ar féidir leo cuspóirí an Phlean seo a bhaint amach le chéile.

Tá acmhainní agus acmhainn ag teastáil chun cinntí eolacha, réamhghníomhacha a bhfuil dóthain acmhainní acu a dhéanamh chun na caidrimh seo a chosaint agus a fheabhsú. Is féidir leis an BWG, le hionadaíocht ar fud an Rialtais, iniúchadh a dhéanamh ar na hidirnaisc idir beartais agus gníomhartha ranna, agus na hacmhainní atá ag teastáil chun na gníomhartha sin a sheachadadh.

### Toradh 1A. Feabhas ar struchtúr rialachais agus aschur tuairiscithe

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2023, tá ceanglas reachtúil tugtha isteach ag an Rialtas maidir le PGBNanna | 1A1 | Chuir SPNF an PGBN ar bhonn reachtúil | SPNF | Ritheadh reachtaíocht |
| Faoi Eanáir 2024, tionólfar MB nua agus leathnaithe. | 1A2 | Déanfar athbhreithniú ar chomhdhéanamh an MB idir-rannach chun ionadaíocht níos fearr ar ranna, gníomhaireachtaí agus earnálacha a chinntiú | An MB | Tá rannpháirtíocht ranna agus earnála sa MB aontaithe agus ag obair |
| Faoi 2024, cuirtear rianaire dul chun cinn don PGBN i bhfeidhm | 1A3 | Forbróidh SPNF agus INSB rianaire dul chun cinn chuige sin Plean atá inchomparáide le Rianaire Gníomhaíochtaí Straitéise Bithéagsúlachta an AE a mhapálann an Plean seo le Comhaontuithe Comhshaoil Iltaobhacha freisin | SPNF agus INSB | Rianaire dul chun cinn curtha i bhfeidhm |
| Faoi 2024, agus gach bliain ina dhiaidh, tuairiscíonn aonáin ábhartha faoina gcuid dul chun cinn i leith an Phlean seo | 1A4 | Tabharfaidh gach aonán a bhfuil freagracht acu ar ghníomhartha laistigh den Phlean seo uasdátú bliantúil ar dhul chun cinn agus cuideoidh siad le hAthbhreithniú Eatramhach agus Deiridh an Phlean | Gach Páirtí Leasmhar Ábhartha | Líon na bpáirtithe le hathbhreithnithe críochnaithe gach bliain |
| Faoi 2026, beidh Athbhreithniú Eatramhach ar an bPlean ullmhaithe ag grúpa tras-rannach | 1A5 | Ullmhóidh an Mheitheal um Bithéagsúlacht Athbhreithniú Eatramhach ar an bPlean chun leibhéal an chur i bhfeidhm a mheas agus chun moltaí ar mhaithe le feabhsú nó tuilleadh gníomhaíochta a ullmhú | An MB | Athbhreithniú Eatramhach foilsithe |
| Faoi Nollaig 2030, ullmhóidh grúpa tras-roinne Athbhreithniú Deiridh ar an bPlean | 1A6 | Ullmhóidh an MB, le hionchuir neamhspleácha, Athbhreithniú Deiridh ar an bPlean chun measúnú a dhéanamh ar mhéid an chuir i bhfeidhm agus ullmhóidh sé moltaí don chéad PGBN eile | An MB | Athbhreithniú Deiridh Foilsithe |
| Ó 2024, cuirfear tuarascálacha dul chun cinn faoi bhráid na nGrúpaí/na gCoistí ábhartha ar bhonn bliantúil | 1A7 | Tuairisceoidh an MB don 'Ghrúpa Oifigeach Sinsearach ar an gComhshaol agus Athrú Aeráide' ar a laghad dhá uair sa bhliain nó níos minice agus, más gá, chuig aon Fhochoiste Comh-Aireachta ar Bhithéagsúlacht, Dúlra, Aeráid nó Comhshaol agus chuig aon choiste Oireachtais chuí a bhunaítear chun críche na Bithéagsúlachta nó an Dúlra | An MB | Tuairiscíonn do na Grúpaí/ Coistí ábhartha |

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Ó 2024, cuirfear tuarascálacha dul chun cinn faoi bhráid na nGrúpaí/na gCoistí ábhartha ar bhonn bliantúil | 1A8 | Gheobhaidh an tAire tuarascáil ar dhul chun cinn chur i bhfeidhm an PGBN uair sa bhliain ar a laghad agus cuirfidh siad an tuarascáil sin faoi bhráid na Comh-Aireachta | Gach Comhlacht Ábhartha | Tuairiscíonn don Chomh-Aireacht |
| Faoi 2027 ar a dhéanaí, déanfar uasdátú ar an PGBN seo chun an Plean Náisiúnta Athchóirithe agus beartais ábhartha eile a chur san áireamh | 1A9 | Nuashonróidh an MB an PGBN tar éis fhoilsiú an Phlean Náisiúnta Athchóirithe agus breithnithe ar bheartais ábhartha atá ag teacht chun cinn | An MB | Plean Athnuaite |
| Faoi 2026, tá ailíniú níos fearr idir Táscairí Náisiúnta Bithéagsúlachta agus réimsí beartais eile | 1A10 | Déanfaidh an foghrúpa MB ar tháscairí athbhreithniú ar an liosta reatha de Tháscairí Náisiúnta Bithéagsúlachta, mapálfaidh siad táscairí le riachtanais tuairiscithe, agus déanfaidh siad moltaí maidir le conas na bearnaí a aithníodh a líonadh | An MB | Athbhreithniú ar Tháscairí Náisiúnta Bithéagsúlachta;<br><br>Foilsiú na dTorthaí |

## Toradh 1B. Tá méadú tar éis teacht ar chumas eagrúcháin agus acmhainní don bhithéagsúlacht ag gach leibhéal den Rialtas

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2024, bunófar socruithe feabhsaithe maoinithe | 1B1 | Lorgóidh SPNF maoiniú ilbhliantúil d'infheistíocht sa bhithéagsúlacht | SPNF | Maoiniú ilbhliantúil deimhnithe |
| Faoi 2024, aithnítear róil agus dualgais na ranna rialtais, na ngníomhaireachtaí agus na n-eagraíochtaí i leith cuspóirí na gníomhaíochta bithéagsúlachta a aithnítear a bhaint amach | 1B2 | Déanfaidh SPNF athbhreithniú ar rialachas an dúlra in Éirinn, chomh maith le róil agus dualgais na ranna rialtais, na ngníomhaireachtaí agus na n-eagraíochtaí i leith gníomhartha agus gealltanais gníomhaíochta bithéagsúlachta a bhaint amach | SPNF | Athbhreithniú foilsithe |
| Faoi 2024, déanfar athbhreithniú ar an acmhainn agus ar an gcumas tras-rannach atá riachtanach chun spriocanna bithéagsúlachta a bhaint amach | 1B3 | Déanfaidh gach Roinn agus Comhlacht Rialtais ábhartha iniúchadh ar shaineolas bithéagsúlachta agus ar riachtanais oiliúna ar fud an rialtais chun a chinntiú go bhfuil an saineolas cuí ar fáil chun an Plean seo a chur i bhfeidhm | Gach Roinn agus Eagraíocht Rialtais ábhartha | Líon na gcúrsaí traenála nua;<br>Líon na mball foirne a bhfuil sé de chúram orthu oibriú ar thascanna bithéagsúlachta |

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2024, feabhas curtha ag an Rialtas ar an maoirseacht a bhaineann le caiteachas poiblí a bhfuil tionchar aige ar thorthaí bithéagsúlachta in Éirinn | 1B4 | Forbróidh agus cuirfidh an Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (RCPSPA) córais i bhfeidhm chun rianú agus tuairisciú a dhéanamh ar dháileadh caiteachais ar bhearta atá dírithe ar bhithéagsúlacht a fheabhsú | RCPSPA | Cur i bhfeidhm na gcóras chun tuairisciú a dhéanamh ar chaiteachas bithéagsúlachta |
| Faoi 2024, feabhas curtha ag an Rialtas ar an maoirseacht a bhaineann le caiteachas poiblí a bhfuil tionchar aige ar thorthaí bithéagsúlachta in Éirinn | 1B5 | Forbróidh agus cuirfidh RCPSPA córais i bhfeidhm chun rianú agus tuairisciú a dhéanamh ar dháileadh caiteachais ar bhearta a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar an mbithéagsúlacht | RCPSPA | Rianú agus tuairisciú ar chaiteachas poiblí a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach spriocanna bithéagsúlachta |
| Faoi 2024, tá feabhas curtha ag an Rialtas ar thuiscint i leith caiteachas bithéagsúlachta reatha agus riachtanais airgeadais bhithéagsúlachta thuartha | 1B6 | Déanfaidh SPNF athbhreithniú ar na moltaí a eascraíonn ón tionscadal taighde de chuid Measúnú ar Riachtanais Airgid um Bithéagsúlacht (MRAB) agus molfar conairí dá gcur i bhfeidhm | SPNF | Athbhreithniú MRA críochnaithe; |
| Faoi 2024, tá feabhas curtha ag an Rialtas ar thuiscint i leith caiteachas bithéagsúlachta reatha agus riachtanais airgeadais bhithéagsúlachta thuartha | 1B7 | Déanfaidh an Fóram Bithéagsúlachta (FB) athbhreithniú neamhspleách ar an MRA um Bithéagsúlacht agus pleananna airgeadais ábhartha eile | FB | Athbhreithniú críochnaithe ar fhreagra SPNF ar mholtaí an MRA |
| Faoi 2025, cuirtear an Plean Gníomhaíochta Straitéiseach ó athbhreithniú an SPNF i bhfeidhm | 1B8 | Cuirfidh SPNF an Plean Gníomhaíochta Straitéiseach ó Athbhreithniú an SPNF i bhfeidhm | SPNF | Líon na ngníomhartha i bPlean Gníomhaíochta Straitéiseach SPNF a cuireadh i bhfeidhm |
| Faoi 2026, beidh cumas méadaithe ag gach Údarás Áitiúil chun gach dualgas atá ag teastáil a bhaineann le bithéagsúlacht a éascú agus a chur i bhfeidhm ar an leibhéal áitiúil | 1B9 | Oibreoidh an Chomhairle Oidhreachta le hÚdaráis Áitiúla chun Clár Oifigeach Bithéagsúlachta a bhunú le | FB | Athbhreithniú críochnaithe ar fhreagra SPNF ar mholtaí an MRA |

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2024, cuirfear maoiniú ar fáil chun caomhnú agus athchóiriú bithéagsúlachta fadtéarmach a chur i bhfeidhm | 1B10 | Cuirfidh an SPNF bearta fadtéarmacha i bhfeidhm chun tacú le caomhnú agus athchóiriú bithéagsúlachta tríd an gCiste Aeráide agus Dúlra | SPNF | Bearta curtha i bhfeidhm |
| Faoi 2026, beidh cumas méadaithe ag gach Údarás Áitiúil chun gach dualgas atá ag teastáil a bhaineann le bithéagsúlacht a éascú agus a chur i bhfeidhm ar an leibhéal áitiúil | 1B9 | Oibreoidh an Chomhairle Oidhreachta le hÚdaráis Áitiúla chun Clár Oifigeach Bithéagsúlachta a bhunú le hOifigeach Bithéagsú-lachta tiomnaithe i ngach Údarás Áitiúil | An Chomhairle Oidhreachta | Líon na nOifigeach Bithéagsúlachta sna hÚdaráis Áitiúla |
| Faoi 2024, cuirfear maoiniú ar fáil chun caomhnú agus athchóiriú bithéagsúlachta fadtéarmach a chur i bhfeidhm | 1B10 | Cuirfidh na Ranna agus Gníomhaireachtaí Ábhartha bearta fadtéarmacha i bhfeidhm chun tacú le caomhnú agus athchóiriú bithéagsúlachta tríd an gCiste Bonneagair Aeráide agus Dúlra | SPNF | Bearta curtha i bhfeidhm |

## Toradh 1C: Roinntear freagracht don bhithéagsúlacht ar fud an rialtais ar fad

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2024, pléadh na moltaí ón dTionól Saoránach maidir le Cailliúint Bithéagsúlachta ina n-iomláine | 1C1 | Measfaidh an Rialtas conclúidí an Choiste Oireachtais ar an Tionól Saoránach maidir le Cailliúint Bithéagsúlachta ina n-iomláine | Ranna Ábhartha | Freagraí ar na moltaí a cuireadh isteach |
| Faoi 2024, pléadh na moltaí ón dTionól Saoránach maidir le Cailliúint Bithéagsúlachta ina n-iomláine | 1C2 | Scrúdóidh SPNF na slite ar féidir aitheantas foirmeálta a thabhairt do chearta an dúlra, lena n-áirítear an seans go gcuirfear athrú bunreachtúil i bhfeidhm | SPNF | Tuarascáil ar thorthaí |
| Faoi 2024, feictear ar chuspóirí an PGBN mar chuid de Chéim 2 den Athbhreithniú Náisiúnta ar Úsáid Talún | 1C3 | Cuirfidh na Ranna agus na Gníomhaireachtaí atá freagrach as an PGBN le Céim 2 den Athbhreithniú Náisiúnta ar Úsáid Talún freisin | Ranna agus Gníom-haireachtaí Ábhartha | Ionchur curtha ar fáil don Athbhreithniú Náisiúnta ar Úsáid Talún |
| Faoi 2026, tá an Straitéis Gníomhaíochta Bithéagsúlachta curtha i bhfeidhm ag an OOP ina hiomláine | 1C4 | Cuirfidh an OOP a Straitéis Gníomhaíochta Bithéagsúlachta 2022-2026 i bhfeidhm, lena n-áirítear Oifigeach Bithéagsúlachta a cheapadh, chun tacú le spriocanna PGBN | OOP | Ceapachán Oifigeach Bithéagsúlachta don OOP; Líon na ngníomhartha críochnaithe i Straitéis Gníomhaíochta Bithéagsúlachta OOP |

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2026, beidh Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta i bhfeidhm ag gach Údarás Áitiúil | 1C5 | Foilseoidh an Chomhairle Oidhreachta treoirlínte nuashonraithe maidir le Pleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúla a tháirgeadh agus lena gcomhtháthú le Pleananna Forbartha Cathrach agus Contae | An Chomhairle Oidhreachta | Treoirlínte uasdátaithe foilsithe chun Pleananna Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil a chur le chéile |
| Faoi dheireadh 2026, beidh Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta i bhfeidhm ag gach Údarás Áitiúil | 1C6 | Beidh Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil glactha ag gach Údarás Áitiúil faoi dheireadh 2026 faoi réir athbhreithniú rialta agus próisis leasaithe i gcomhréir le treoirlínte caighdeánacha ábhartha | Gach Údarás Áitiúil | Líon na bPleananna Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúla i bhfeidhm;<br>Líon na bPleananna Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúla á bhforbairt |

## Toradh Bithéagsúlachta 1D: Tugtar tacaíocht do thograí bithéagsúlachta ar fud na sochaí ina hiomláine

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2027, méadófar feasacht an phobail i leith na bithéagsúlachta faoi 20% i gcomparáid le bonnlíne 2024 | 1D1 | Tógfaidh SPNF agus comhlachtaí ábhartha eile ar thomhais bhithéagsúlachta agus feasachta atá ann cheana féin chun nasc an phobail leis an mbithéagsúlacht a mheas | SPNF | Bonnlíne náisiúnta maidir le feasacht i leith na bithéagsúlachta bunaithe |
| Faoi 2027, méadófar feasacht an phobail i leith na bithéagsúlachta faoi 20% i gcomparáid le bonnlíne 2024 | 1D2 | Méadóidh Údarás na Gaeltachta feasacht agus rannpháirtíocht an phobail Gaeltachta i leith na bithéagsúlachta leis an Scéim Fostaíochta Pobail agus an Scéim Shóisialta Tuaithe | Údarás na Gaeltachta | Dul chun cinn ar chláir feasachta bithéagsúlachta i gcomhar le soláthraithe socrúcháin pobail Gaeltachta a sholáthraíonn Scéim Fostaíochta Pobail agus Scéim Shóisialta Tuaithe |
| Faoi 2024, foilsítear Straitéis Eolaíochta Saoránach um Bithéagsúlacht agus tá sí idir lámha | 1D3 | Forbróidh agus cuirfidh an INSB Straitéis Eolaíochta Saoránach um Bithéagsúlacht i bhfeidhm chun rannpháirtíocht saoránach le bithéagsúlacht talún, fionnuisce agus mhuirí a spreagadh agus chun feasacht níos fearr a spreagadh maidir le luach na bithéagsúlachta áitiúla | INSB | Straitéis Eolaíochta Saoránach um Bithéagsúlacht foilsithe agus dul chun cinn ina leith; Táscairí Náisiúnta Bithéagsúlachta (TNB)-A.2.iii. Líon na dtaifead bitheolaíoch seolta chuig na scéimeanna faireacháin saoránach náisiúnta atá bunaithe ar an eolaíocht |

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2024, tá pobail ag obair le chéile chun rochtain a fháil ar mhaoiniú atá ar fáil do thograí bithéagsúlachta | 1D4 | Leanfaidh an SPNF, RTBM, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP) agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) ag tógáil tacaíochta do thionscnaimh bhithéagsúlachta phobail amhail CNEnna, scéim deontais na dTionscadal Taifeadta Beag, Ciste Comhshaoil agus Dúlra na Fondúireachta Pobail d'Éirinn, LEADER, Clár Oibre Áitiúil 21, Ciste an Oileáin Chomhroinnte, Scéim na nDeontas Oidhreachta Pobail, Scéim Rannpháirtíochta Pobail na dTailte Móna agus Scéim Deontais Geo-Oidhreachta Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann (SGÉ) | SPNF, RTBM, RFTP agus RCAC | Maoiniú ar fáil le haghaidh tacaíochta a bhaineann leis an mbithéagsúlacht |
| Faoi 2027, tabharfar tacaíocht do gach Údarás Áitiúil tionscadail a bhaineann le bithéagsúlacht a chur i gcrích ar bhonn bliantúil | 1D5 | Leanfaidh an SPNF ag tacú le tionscadail bhithéagsúlachta na nÚdarás Áitiúil tríd an CGBÁ, lena n-áirítear gníomhaíocht ar speicis choimhthíocha ionracha, ar feadh shaolré an Phlean seo | SPNF | Líon maoinithe tarraingthe anuas tríd an CGBÁ |
| Faoi 2026, tugtar tacaíocht do Ghnó don Bhithéagsúlacht Éireann chun fás | 1D6 | Tabharfaidh SPNF agus RTBM maoiniú agus tacaíocht d'obair Gnó don Bhithéagsúlacht Éireann agus cuirfidh siad an obair chéanna chun cinn agus an grúpa á bhunú don chéad trí bliana | SPNF agus RTBM | Méid maoinithe don Ardán Gnó don Bhithéagsúlacht; Aschur straitéiseach do Ghnó don Bhithéagsúlacht a sheachadadh. |
| Faoi 2025, tá 900 gnó bainteach le Gnó don Bhithéagsúlacht | 1D7 | Oibreoidh Gnó don Bhithéagsúlacht le gnólachtaí chun gníomhaíocht na hearnála príobháidí i leith na bithéagsúlachta a spreagadh | Gnódon Bhithé-agsúlacht Éireann | Líon na ngnólachtaí a bhfuil baint acu le Gnó don Bhithéagsúlacht Éireann |
| Faoi 2023, bunaítear córas chun acmhainní na hearnála príobháidí a nascadh le tionscadail bhithéagsúlachta iomchuí | 1D8 | Cuirfidh Gnó don Bhithéagsúlacht córas ar fáil chun acmhainní na hearnála príobháidí a nascadh le tionscadail bhithéagsúlachta iomchuí | Gnó don Bhithé-agsúlacht Éireann | Líon na dtograí bithéagsúlachta a fhaigheann maoiniú ón earnáil phríobháideach tríd an Ardán Gnó don Bhithéagsúlacht |

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2024, feabhsóidh an FB for-rochtain trasna earnálacha chun a rannpháirtíocht i gceapadh beartais phoiblí a chumasú ar bhealach níos éifeachtaí | 1D9 | Áireoidh an FB éascaitheoirí caidrimh ghníomhaigh agus rannpháirtíochta poiblí chun tacú le cuimsitheacht agus ionadaíocht ó ghrúpaí earnálacha éagsúla | FB | Líon na ngrúpaí earnála a ndéanann FB ionadaíocht ar a son |
| Faoi 2024, tá Fóram na nÓg i leith na Bithéagsúlachta i bhfeidhm | 1D10 | Tabharfaidh SPNF tacaíocht do bhunú Fhóram Bithéagsúlachta na nÓg tríd an modh cuí | SPNF | Fóram na nÓg i leith na Bithéagsúlachta bunaithe |
| Faoi 2025, beidh rochtain ag baill foirne agus conraitheoirí san earnáil phoiblí atá ag obair i dtimpeallachtaí íogair ar thraenáil scileanna speisialaithe maidir leis an dúlra | 1D11 | Déanfaidh Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí (BOOLUF) le tacaíocht ó SPNF, OOP agus Solas an Clár Oiliúna um Scileanna Dúlra a phíolótú d'fhonn é a leathnú ar fud na tíre | BOOLUF, SPNF, OOP agus Solas | Líon na gconraitheoirí a thugann faoin gcúrsa Traenála Scileanna maidir leis an Dúlra |
| Faoi 2026, beidh rannpháirtíocht an phobail agus na bpáirtithe leasmhara i gcur i bhfeidhm beartais comhshaoil a bhaineann le bithéagsúlacht agus caomhnú na bithéagsúlachta príomhshruthaithe ag Éirinn | 1D12 | Cuirfidh RTBM, RTRÁO agus páirtithe leasmhara eile lena gcaidreamh agus feabhsóidh siad a rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara talún, fionnuisce, cósta agus mara agus leis an bpobal i gcoitinne chun buntáistí na bithéagsúlachta agus seirbhísí éiceachórais a chur chun cinn, chomh maith le húsáid fhreagrach inbhuanaithe acmhainní a chur chun cinn freisin | RTBM, RTRÁO | Líon na n-imeachtaí for-rochtana a reáchtáladh chun bithéagsúlacht agus éiceachórais na hÉireann a chur chun cinn; Líon na gcomhairliúchán agus na bhfóram poiblí a reáchtáladh chun tacú le baint na bpáirtithe leasmhara agus an phobail i gcoitinne le cur i bhfeidhm beartais comhshaoil a bhaineann leis an mbithéagsúlacht |

## Toradh 1E. Tá an creat reachtaíochta do chaomhnú na bithéagsúlachta láidir, soiléir agus infheidhmithe

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2027, tá an reachtaíocht leasaithe a thagann ó athbhreithniú SPNF ar na hAchtanna um Fhiadhúlra i bhfeidhm | 1E1 | Reáchtálfaidh SPNF athbhreithniú ar reachtaíocht um Fhiadhúlra | SPNF | Reachtaíocht leasaithe foilsithe |
| Faoi 2027, tá an reachtaíocht leasaithe a thagann ó athbhreithniú SPNF ar na hAchtanna um Fhiadhúlra i bhfeidhm | 1E2 | Reachtaíocht le foilsiú ag an SPNF chun bunús dlí a sholáthar do na Páirceanna Náisiúnta | SPNF | Reachtaíocht foilsithe |
| Faoi 2030 tá comhlíonadh méadaithe le reachtaíocht um fhiadhúlra i gcomhar le gníomhaireachtaí trí bhrath, forfheidhmiú agus ardú feasachta fheabhsaithe | 1E3 | Oibreoidh an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra le grúpaí ábhartha amhail An Garda Síochána, Seirbhís Custam na gCoimisinéirí Ioncaim, agus na breithiúna chun oiliúint agus acmhainní leordhóthanacha a chinntiú chun reachtaíocht chomhshaoil agus fiadhúlra a fhorfheidhmiú | SPNF agus comhlachtaí ábhartha | Acmhainn forfheidhmithe méadaithe;<br><br>Tuilleadh feasachta poiblí; Leibhéil mhéadaithe chomhlíontachta |
| Faoi 2024, déanfar athbhreithniú ar na Rialacháin um Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT) (Talmhaíocht) | 1E4 | Déanfaidh RTBM athbhreithniú ar na Rialacháin MTT (Talmhaíocht) | RTBM | Athbhreithniú ar Rialacháin MTT (Talmhaíocht) reatha críochnaithe |
| Faoi 2024, beidh Pleananna Bainistíochta ina mbonn ar Bhainistíocht na bPáirceanna Náisiúnta | 1E5 | Deimhnigh Pleananna Bainistíochta do na Páirceanna Náisiúnta faoi 2024 i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta Straitéiseach SPNF | SPNF | Tá Pleananna Bainistíochta i bhfeidhm do gach Páirc Náisiúnta SPNF |
| Faoi 2024, cinntigh go bhfuil na prionsabail a bhaineann le húsáid fheasach curtha san áireamh san Ordú Séasúir Oscailte | 1E6 | SPNF le bheith i gceannas Athbhreithniú ar an Ordú Séasúir Oscailte | SPNF | Athbhreithniú foilsithe |

# Cuspóir a Dó
## Freastal ar Riachtanais Phráinneacha Chaomhnaithe agus Athchóirithe





## Réamhrá ar an gCuspóir sin

Is í príomhaidhm Chuspóir 2 ná gníomhú i leith na ndúshlán caomhantais agus athchóirithe náisiúnta is práinní atá os comhair na hÉireann. I bhfianaise fhairsinge agus chastacht na ndúshlán caomhantais talún, uisce, mara agus fiadhúlra sin, tá gá le méadú suntasach ar iarrachtaí agus acmhainní. Tá gníomhartha sa Chuspóir sin chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin fionnuisce, mhara, talmhaíochta agus foraoiseachta, chomh maith le héagsúlacht ghéiniteach agus speicis ionracha. Is iomaí gníomh atá fite fuaite le beartais atá ann cheana féin ar fud na n-earnálacha/na réimsí téamacha sin.

Tá cosaint agus athchóiriú na limistéar agus na speiceas ainmnithe atá ann cheana ríthábhachtach chun an Cuspóir sin a bhaint amach. Déanann Straitéis Bhithéagsúlachta an AE agus an GBF foráil do spriocanna uaillmhianacha athchóirithe agus leathnú ar Limistéir Thalún agus Mhuirí faoi Chosaint. Pléann gníomhartha faoin gCuspóir sin leis na spriocanna nua sin, chomh maith le hullmhú agus cur i bhfeidhm pleananna caomhantais agus athchóirithe do ghnáthóga agus speicis.

Rialaíonn bithéagsúlacht an aeráid agus cosnaíonn sí sinn ó adhaimsir agus na héifeachtaí eile a bhaineann le hathrú aeráide. Is é an t-athrú aeráide an chúis is mó atá le cailliúint bhithéagsúlachta. Tuartar sna meastacháin go n-athrófar an dáileadh speiceas. Ní féidir le gnáthóga díghrádaithe cur suas le tionchair an athraithe aeráide chomh maith céanna agus ní féidir leo seirbhísí éiceachórais atá ag teastáil ó dhaoine chun dul i ngleic leis an athrú aeráide a chur ar fáil. Baineann na gníomhartha le cur i bhfeidhm an Phlean Oiriúnaithe Bithéagsúlachta don Athrú Aeráide le béim ar leith ar athshlánú agus athbhunú na dtailte portaigh.

Díríonn Cuspóir 2 ar speicis ionracha a bhainistiú freisin. Tá speicis ionracha ina gcúis shuntasach le cailliúint bithéagsúlachta toisc go n-atáirgeann siad go tapa agus bíonn an bua acu ar speicis dhúchasacha le haghaidh bia, uisce agus spáis.

Leagtar amach sa Chuspóir seo na gníomhartha ar mhaithe le héagsúlacht ghéiniteach na bpobal fiáine, saothraithe agus ceansaithe a chosaint. Tá éagsúlacht ghéiniteach tábhachtach toisc go bhfuil seans níos fearr ann go mairfeadh an speiceas in ainneoin an athraithe aeráide. D'fhéadfadh briseadh agus caillteanas na ngnáthóg éagsúlacht ghéiniteach a ísliú trí phobail níos lú a chruthú, áit a dtarlaíonn ionphórú. Bíonn pobail ag streachailt ansin chun dul in oiriúint do athruithe timpeallachta cosúil le triomach. Tabharfaidh cur i bhfeidhm Phrótacal Nagoya CÉB agus an Rialachán AE a bhaineann leis bunús láidir le haghaidh cinnteacht dlí agus oscailteacht níos láidre do sholáthraithe agus úsáideoirí na n-acmhainní géiniteacha araon.

### Toradh 2A: Neartaítear an chosaint atá ann do limistéir shonraithe atá ann cheana féin agus speicis atá faoi chosaint agus feabhsaítear caomhnú agus athbhunú laistigh den líonra limistéir cosanta atá ann cheana féin

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2024, forfheidhmiú feabhsaithe na dTreoracha um Ghnáthóga agus Éin | 2A1 | Críochnóidh an SPNF roghnú agus fógairt láithreán d'fhonn gnáthóga Iarscríbhinne agus speicis atá liostaithe ar Threoracha an AE maidir le Gnáthóga agus Éin a chosaint | SPNF | Sciar de LfCSanna agus LfCSanna sonraithe ag an Ionstraim Reachtúil |
| Faoi 2024, forfheidhmiú feabhsaithe na dTreoracha um Ghnáthóga agus Éin | 2A2 | Foilseoidh SPNF cuspóirí caomhantais a bhaineann go sonrach le láithreáin, mar aon leis an gcur chuige a úsáidtear, le haghaidh gach LfCS agus LfCS atá ann cheana féin | SPNF | Sciar de LfCSanna agus LfCSanna a bhfuil cuspóirí caomhantais atá sonrach don suíomh (CCSSanna) foilsithe |
| Faoi 2030, tá feabhas ag teacht ar stádas na ngnáthóg agus na speiceas faoi chosaint faoin Treoir maidir le Gnáthóga agus Éin | 2A3 | Cuirfidh an SPNF agus geallsealbhóirí ábhartha na bearta caomhantais is gá chun na cuspóirí caomhantais do láithreáin Natura 2000 a bhaint amach i bhfeidhm agus forbróidh siad bearta breise, agus cuirfidh siad i bhfeidhm iad, de réir mar is gá, chun rannchuidiú le stádas fabhrach caomhantais a bhaint amach go náisiúnta | SPNF agus páirtithe leasmhara ábhartha | Treochtaí i stádas na ngnáthóg agus na speiceas faoi chosaint faoi na Treoracha um Ghnáthóga agus Éin |
| Faoi 2025, tá athbhreithniú déanta ag SPNF ar a chóras ceadúnaithe agus toilithe chun gníomhaíochtaí inbhuanaithe a éascú laistigh de láithreáin Natura 2000 | 2A4 | Críochnóidh SPNF athbhreithniú ar a gcórais cheadúnaithe agus toilithe tar éis comhairliúcháin le comhlachtaí ábhartha eile chun gníomhaíochtaí inbhuanaithe a éascú laistigh de láithreáin Natura 2000 | SPNF | Deireadh le hathbhreithniú ar chórais cheadúnaithe agus toilithe |
| Faoi 2030, i gcomhréir le Straitéis Bhithéagsúlachta an AE, ní léiríonn gnáthóga agus speicis faoi na Treoracha um Ghnáthóga agus Éin aon mheath ar threochtaí agus stádas caomhantais, agus sroichfidh 30% ar a laghad díobh siúd nach bhfuil stádas fabhrach acu an stádas sin nó léireoidh siad treocht dhearfach | 2A5 | Foilseoidh an SPNF Pleananna Gníomhaíochta Speiceas nó Freagartha Bagairtí, agus cuirfidh siad i bhfeidhm iad, le spriocanna daonra do speicis faoi bhagairt agus i mbaol atá i stádas neamhfhabhrach nó a bhfuil treochtaí laghdaitheacha acu | SPNF | Líon Pleananna Gníomhaíochta Speiceas nó Freagartha Bagairtí foilsithe agus curtha i bhfeidhm;<br><br>Treochtaí Táscairí Náisiúnta Bithéagsúlachta (TNB)-B.6 i stádas na speiceas atá faoi bhagairt agus i mbaol; |

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2030, i gcomhréir le Straitéis Bhithéagsúlachta an AE, ní léiríonn gnáthóga agus speicis faoi na Treoracha um Ghnáthóga agus Éin aon mheath ar threochtaí agus stádas caomhantais, agus sroichfidh 30% ar a laghad díobh siúd nach bhfuil stádas fabhrach acu an stádas sin nó léireoidh siad treocht dhearfach | 2A6 | Tacóidh SPNF agus eagraíochtaí ábhartha eile le cláir chaomhantais atá sonrach do speicis agus gnáthóga | SPNF agus páirtithe leasmhara ábhartha | Treochtaí i stádas na ngnáthóg agus na speiceas atá faoi chosaint faoi na Treoracha |
| Faoi 2030, i gcomhréir le Straitéis Bhithéagsúlachta an AE, ní léiríonn gnáthóga agus speicis faoi na Treoracha um Ghnáthóga agus Éin aon mheath ar threochtaí agus stádas caomhantais, agus sroichfidh 30% ar a laghad díobh siúd nach bhfuil stádas fabhrach acu an stádas sin nó léireoidh siad treocht dhearfach | 2A7 | Déanfaidh Údarás na Gaeltachta athbhreithniú ar eastáit agus tailte laistigh dá zóin oibríochta agus é mar aidhm aige go gcruthófar pleananna bainistíochta atá sonrach don láithreán; limistéir a aithint atá laistigh de thailte Natura 2000 nó atá nasctha go héiceolaíoch le tailte Natura 2000 chun tacú le spriocanna caomhantais na láithreán seo a bhaint amach; tailte a aithint atá oiriúnach le cur san áireamh sa Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí agus an seans ann go mbeadh siad ina gcomhpháirtí leis an bplean; tailte a aithint atá oiriúnach do Chonairí Bithéagsúlachta, a dhéanann aithris ar struchtúr agus éagsúlacht an fhásra dhúchasaigh | Údarás na Gaeltachta | Athbhreithniú ar thailte críochnaithe; |
| Faoi 2024, beidh réamhlimistéir aitheanta ag Éirinn a ghealltar mar limistéir chosanta amach anseo faoi Straitéis Bhithéagsúlachta an AE | 2A8 | Aithneoidh SPNF agus páirtithe leasmhara ábhartha na limistéir a chuirfear mar limistéir faoi chosaint de réir na gcritéar a leagtar amach i Straitéis Bhithéagsúlachta an AE | SPNF agus páirtithe leasmhara ábhartha | Méad na limistéar geallta |
| Faoi 2030, gníomhartha bainistíochta do speicis faoi bhagairt a sheachadadh | 2A9 | Tacóidh an SPNF, an OOP, agus eagraíochtaí ábhartha eile le tionscnaimh chaomhnaithe lasmuigh den láthair agus oibreoidh siad le zúnna, uisceadáin, agus gairdíní lusanna chun speicis dhúchasacha a bhfuil gá le caomhnú a aithint a d'fhéadfadh leas a bhaint as bainistíocht lasmuigh den láthair | SPNF, OOP | Tacaíodh le Líon na dtograí caomhantais ex-situ |

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2030, gníomhartha bainistíochta do speicis faoi bhagairt a sheachadadh | 2A10 | Bunóidh Zú Bhaile Átha Cliath Ionad Náisiúnta do Mhaireachtáil Speiceas ag Zú Bhaile Átha Cliath, rud a chuirfidh le hacmhainn náisiúnta do mheasúnuithe caomhantais speiceas, pleanáil chaomhantais agus gníomh | Zú Bhaile Átha Cliath | Ionad Náisiúnta do Mhaireachtáil Speiceas bunaithe agus ag feidhmiú |
| Faoi 2030, beidh líonra Páirceanna Náisiúnta agus Anaclanna Dúlra leathnaithe agus feabhsaithe ag an SPNF | 2A11 | Tacú le bunú, leathnú agus feabhsú na bPáirceanna Náisiúnta agus na nAnaclann Dúlra | SPNF | Infheistíocht mhéadaithe i bPáirceanna Náisiúnta agus Anaclanna Dúlra nua agus reatha |

## Toradh 2B: Seirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais faoin tuath mhór caomhnaithe agus athbhunaithe – talmhaíocht agus foraoiseacht

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2027, deiseanna barrfheabhsaithe faoi bheartais talmhaíochta agus forbartha tuaithe agus beartais ábhartha eile a rachaidh chun tairbhe na bithéagsúlachta i bhfeidhm | 2B1 | Cinnteoidh RTBM go dtabharfar dreasacht d’fheirmeoirí chun gnáthóga a chruthú agus a chothabháil ar fheirmeacha mar chuid de PS CBT na hÉireann 2023 - 2027 agus den Phlean Forbartha Tuaithe, a thagann faoin PS CBT | RTBM | PS CBT R.31: Sciar an limistéir talmhaíochta a úsáidtear (LTÚ) faoi ghealltanais a dtacaítear leo chun tacú le caomhnú nó athchóiriú bithéagsúlachta, cleachtais feirmeoireachta le meas ar an dúlra san áireamh;<br>PS CBT R.32: Sciar na bhfeirmeacha a bhaineann leas as tacaíocht infheistíochta CBT a chuireann le bithéagsúlacht PS CBT R.33 An sciar de cheangaltais iomlána limistéar Natura 2000 a dtacaítear leo PS CBT R.34: Sciar den limistéar talmhaíochta a úsáidtear (LTÚ) faoi ghealltanais thacaithe chun bainistíocht a dhéanamh ar ghnéithe tírdhreacha, fálta sceach agus crainn san áireamh |

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2027, deiseanna barrfheabhsaithe faoi bheartais talmhaíochta agus forbartha tuaithe agus beartais ábhartha eile a rachaidh chun tairbhe na bithéagsúlachta i bhfeidhm | 2B2 | Tacóidh agus spreagfaidh RTBM agus páirtithe leasmhara ábhartha eile leis an Scéim um Chomhshaol Tuaithe Agra-Aeráide (SCTAA) agus Pleananna Inbhuanaitheachta Feirme mar chuid de PS CBT na hÉireann | RTBM agus páirtithe leasmhara ábhartha | Stádas na ngnáthóg agus na speiceas a bhfuil tionchar ag cleachtais talmhaíochta orthu<br><br>PS CBT R.31 Gnáthóga agus speicis a chaomhnú: Sciar den Limistéar Talmhaíochta a Úsáidtear (LTÚ) faoi ghealltanais bhainistíochta a thacaíonn leis an mbithéagsúlacht a chaomhnú nó a athchóiriú, cleachtais feirmeoireachta le meas ar an dúlra san áireamh; PS CBT R.33 Bainistíocht Natura 2000 a fheabhsú: Sciar de limistéar iomlán Natura 2000 faoi ghealltanais a dtacaítear leo;<br><br>PS CBT R.34 Gnéithe tírdhreacha a chaomhnú: Sciar den Limistéar Talmhaíochta a Úsáidtear faoi ghealltanais maidir le gnéithe tírdhreacha a bhainistiú, fálta sceach agus crainn san áireamh |
| Faoi 2027, deiseanna barrfheabhsaithe faoi bheartais talmhaíochta agus forbartha tuaithe, foraoiseachta, agus beartais ábhartha eile a rachaidh chun tairbhe na bithéagsúlachta i bhfeidhm | 2B3 | Tacóidh SPNF agus RTBM le tograí Feirmeoireacht don Dúlra a chuireann go sonrach leis an nasc éiceolaíoch sa tírdhreach, tograí i dTuaisceart Éireann trí Chiste an Oileáin Chomhroinnte san áireamh | SPNF agus RTBM | Táscairí Náisiúnta Bithéagsúlachta (TNB)-F.1.iii. Líon na bhfeirmeacha nó an méid airgid a tugadh d'fheirmeoirí i bhfóirdheontais Natura do chaomhnú na bithéagsúlachta;<br>Méid na limistéar ina bhfuil gníomhaíochtaí bainistíochta i bhfeidhm chun nasc a mhéadú nuair is cuí |
| Faoi 2030, méadófar talamh le feirmeoireacht orgánach go 10% | 2B4 | Tacóidh RTBM agus páirtithe leasmhara ábhartha eile le feirmeoirí agus iad ag athrú go dtí an fheirmeoireacht orgánach | RTBM agus páirtithe leasmhara ábhartha | Limistéar talún faoi tháirgeacht orgánach;<br><br>R.29 Sciar den limistéar talmhaíochta a úsáidtear (LTÚ) tacaithe ag CBT d'fheirmeoireacht orgánach le roinnt idir cothabháil agus tiontú |

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2030, beidh gnéithe tírdhreacha bithéagsúlachta saibhre ag ar a laghad 4% de thalamh talmhaíochta | 2B5 | Tacóidh RTBM agus geallsealbhóirí ábhartha eile le feirmeoirí chun gnéithe tírdhreacha bithéagsúlachta a chosaint, a athchóiriú agus a chruthú ar an bhfeirm | RTBM agus páirtithe leasmhara ábhartha | Sciar den limistéar talmhaíochta a úsáidtear (LTÚ) faoi ghealltanais thacaithe chun bainistíocht a dhéanamh ar ghnéithe tírdhreacha, fálta sceach agus crainn san áireamh |
| Faoi 2030, i gcomhréir le Straitéis Bhithéagsúlachta an AE, laghdófar úsáid agus riosca lotnaidicídí 50% faoi 2030 | 2B6 | Cuirfidh RTBM, Údaráis Áitiúla, agus geallsealbhóirí ábhartha eile bearta reatha agus nua chun feidhme chun úsáid lotnaidicídí ceimiceacha a laghdú, i gcomhréir le creat rialúcháin an AE maidir le lotnaidicídí | RTBM, Údaráis Áitiúla agus páirtithe leasmhara ábhartha | Céatadán laghdaithe in úsáid agus baol na lotnaidicídí ceimiceacha, agus úsáid lotnaidicídí dainséaracha, i gcomhréir le creat reachtaíochta an AE do lotnaidicídí |
| Faoi 2027, beidh sainmhínithe, uirlisí agus cosaintí i bhfeidhm chun bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais a bhaineann le córais agra-éiceolaíochta a choinneáil agus a fheabhsú | 2B7 | Oibreoidh RTBM, SPNF, an Chomhairle Oidhreachta, lucht na hacadúlachta agus institiúidí taighde le chéile chun bearta agus uirlisí tacaíochta a fhorbairt a dhéanfaidh seirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais atá bainteach le córais agrai-éiceolaíochta a chothabháil agus a fheabhsú, lena n-áirítear feirmeoireacht agus talamh feirme le Meas ar an Dúlra agus | RTBM, SPNF, an Chomhairle Oidhreachta agus páirtithe leasmhara ábhartha | Maoiniú curtha ar fáil chun tacú le Clár MD na hÉireann; PS CBT R.31 Gnáthóga agus speicis a chaomhnú: Sciar den LTÚ faoi cheangaltais bhainistíochta a thacaíonn le caomhnú nó le hathchóiriú na bithéagsúlachta, lena n-áirítear cleachtais feirmeoireachta MD |
| Faoi 2030, dul i ngleic leis na príomhfhadhbanna maidir le fadhbanna bainistíochta dóiteáin agus falscaí atá ag teacht chun cinn in Éirinn | 2B8 | Oibreoidh RTBM, SPNF agus NDFEM le gach páirtí leasmhar ábhartha chun straitéis náisiúnta bainistíochta dóiteáin a fhorbairt | RTBM, SPNF agus NDFEM | Grúpa Bainistíochta Dóiteáin idir-rannach a bhunú leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir<br><br>Straitéis náisiúnta um bainistíocht dóiteáin a fhorbairt a chloíonn leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr |

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2030, tabharfar aghaidh ar shaincheisteanna tábhachtacha a bhaineann le bainistiú fianna in Éirinn | 2B9 | Leanfaidh SPNF de bheith ag obair le RTBM agus le gach geallsealbhóir ábhartha chun moltaí a fhorbairt d'fhonn feabhas a chur ar éifeachtacht bainistíochta fianna fiáine in Éirinn | SPNF, RTBM agus páirtithe leasmhara ábhartha | Moltaí déanta ag páirtithe leasmhara tríd an nGrúpa Straitéise um Bainistíocht Fianna:<br><br>Plean cur chun feidhme aontaithe ag SPNF, RTBM & páirtithe leasmhara<br><br>Dul chun cinn maidir le seachadadh an phlean cur chun feidhme, líon na bhfianna a laghdú san áireamh.<br><br>Líon na moltaí curtha i bhfeidhm |
| Faoi 2024, tá gníomhartha soiléire aitheanta ag Straitéis Foraoiseachta Náisiúnta agus Clár Foraoiseachta na hÉireann chun bithéagsúlacht a fheabhsú | 2B10 | Soláthróidh an RTBM gníomhartha chun bithéagsúlacht a fheabhsú, lena n-áirítear feabhas a chur ar sheirbhísí cultúrtha ó fhoraoisí na hÉireann tríd an Straitéis Foraoiseachta Náisiúnta agus trí Chlár Foraoiseachta 2023-2027. | RTBM | Líon na ngníomhartha chun bithéagsúlacht agus seirbhísí cultúir sa Straitéis Foraoiseachta Náisiúnta agus Clár Foraoiseachta a fheabhsú |
| Tacaíocht leanúnach do phlandú crann dúchasach | 2B11 | Leanfaidh an RTBM ag cur plandú crann dúchasacha chun cinn agus/nó ag tacú leis trí Údaráis Áitiúla agus eagraíochtaí Stáit/leathstáit eile | RTBM | Méadú i limistéar faoi chlúdach na gcrann dúchasach;<br><br>Glacadh le haon scéimeanna ábhartha d'Údaráis Áitiúla nó eagraíochtaí Stáit/leathstáit eile |
| Faoi 2027, tá stoc plandaí dúchasacha náisiúnta agus áitiúil éagsúlaithe ar fáil do scéimeanna um plandú crann agus tírdhreach | 2B12 | Spreagfaidh Údaráis Áitiúla, Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ), SPNF, agus Oifig na nOibreacha Poiblí soláthar níos iontaofa agus úsáidfidh siad speicis, cineálacha agus pórtha dúchasacha ó fhoinsí dúchasacha cuí ina gcuid oibreacha tírdhreachtaithe, nuair is féidir | Údaráis Áitiúla, BIÉ, SPNF | Infhaighteacht foinsí náisiúnta/áitiúla de speicis, cineálacha, agus pórtha dúchasacha;<br><br>% na gcrann dúchasach úsáidte in obair thírdhreachaithe i gcomparáid leis an tagarmharc. |

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2030, i gcomhréir le Straitéis Bhithéagsúlachta an AE, cuirtear deireadh le meath na bpailneoirí agus méadaíonn a líon arís | 2B13 | Cuirfidh an INSB i gcomhar le comhpháirtithe i dTuaisceart Éireann agus gníomhaithe eile atá liostaithe i bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí 2021-2025 gníomhartha iomchuí atá liostaithe sa Phlean i bhfeidhm agus tacóidh siad le gníomhaíochtaí caomhnaithe pailneoirí ar thalamh feirme tar éis 2025 | INSB agus páirtithe leasmhara ábhartha | Líon na ngníomhartha ón bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí curtha i bhfeidhm;<br><br>Fianaise ar ghníomh a rinneadh chun tacú le pailneoirí feirme tar éis 2026 |
| Faoi 2030, i gcomhréir le Straitéis Bhithéagsúlachta an AE, cuirtear deireadh le meath na bpailneoirí agus méadaíonn a líon arís | 2B14 | Leanfaidh SPNF agus RTBM ar aghaidh ag cur maoinithe ar fáil le haghaidh fhaireachán an INSB ar phailneoirí, lena n-áirítear athbhreithniú saineolach ar leordhóthanacht na n-idirghabhálacha caomhnaithe atá ann cheana | SPNF agus RTBM | Maoiniú do ghníomhartha monatóireachta pailneoirí INSB;<br><br>Táscairí Náisiúnta Bithéagsúlachta (TNB) – B.2. Treochtaí i Stádas na bhFeithidí;<br><br>Athbhreithniú foilsithe |
| Faoi 2027, beidh deiseanna optamaithe i bhfeidhm faoi thalmhaíocht, forbairt tuaithe, foraoiseacht agus beartais ábhartha eile chun leasa na bithéagsúlachta | 2B15 | Cinnteoidh SPNF go bhfuil dóthain acmhainní ag Scéim Phlean Feirme SPNF chun líon na bhfeirmeacha a bhfuil bearta caomhantais á ndéanamh acu a leathnú. | SPNF | Líon na bhfeirmeacha i Scéim an Phlean Feirme |
| Faoi 2024, cinntigh go n-íoslaghdófar tionchar bearta cáilíochta uisce ar bhithéagsúlacht | 2B16 | Tacóidh RTBM, RTRÁO agus SPNF le tabhairt faoi thaighde ag Teagasc ar na himpleachtaí atá ag beart curaíochta éadoimhne an Phlean Gníomhaíochta um Níotráití ar éin sa tuath i gcoitinne | RTBM, RTRÁO agus SPNF | Foilsiú an taighde |
| Faoi 2030, iarracht feabhsaithe agus athchóirithe mhéadaithe ar fud eastát Coillte | 2B17 | Feabhsóidh agus athchóireoidh Coillte an bhithéagsúlacht atá ann cheana féin ar a n-eastát (90,000 heicteár); 20%) | Coillte | Achar eastát Coillte feabhsaithe agus athchóirithe |
| Faoi 2025, cur le sciar eastát Coillte atá faoi bhainistíocht don dúlra | 2B18 | Cuirfidh Coillte le hachar a eastáit atá bainistithe go príomha don dúlra ó 20% go 30% (os cionn 44,000 heicteár breise) go gearrthéarmach (faoi 2025) | Coillte | Sciar den eastát bainistithe don dúlra |

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2030, cur le sciar d'eastát foraoise Coillte atá faoi bhainistíocht don dúlra | 2B19 | Méadóidh Coillte an t-achar dá n-eastát foraoise atá á bhainistiú go príomha don dúlra ó 20% go 50% san fhadtéarma, trí bhithéagsúlacht a fheabhsú agus a athchóiriú agus foraoisí nua a phlandú, ar coillearnacha dúchasacha a leath díobh | Coillte | Sciar d'eastát foraoise Choillte arna bhainistiú don dúlra<br><br>Achar de choillearnacha dúchasacha curtha |

## Toradh 2C: Seirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais faoin tuath caomhnaithe agus athchóirithe – tailte portaigh & gníomhú ar son na haeráide

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2025, cuirfear bearta faoin Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna i bhfeidhm | 2C1 | Cuirfidh SPNF, Bord na Móna, RCAC, RTBM, Coillte, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna 2015-2025 i bhfeidhm, agus athruithe beartais ina dhiaidh sin, ag cur san áireamh athbhreithniú meántéarmach 2021 | Gach páirtí leasmhar ábhartha | Líon na ngníomhartha críochnaithe sa Straitéis Náisiúnta um Thailte Portaigh |
| Faoi dheireadh 2024, beidh Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta uasdátaithe foilsithe ag Bord na Móna | 2C2 | Forbróidh agus foilseoidh Bord na Móna Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta uasdátaithe | Bord na Móna | Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Bhord na Móna foilsithe;<br>Líon na ngníomhartha curtha i bhfeidhm chun bithéagsúlacht a fheabhsú |
| Faoi 2026, déanfaidh Bord na Móna 33,000 heicteár dá thailte móna a athshlánú faoin Scéim um Dhíchoimisiúnú, Athshlánú agus Athchóiriú Feabhsaithe (SDAAF) | 2C3 | Oibreoidh Bord na Móna mar oibritheoir ar an Scéim um Dhíchoimisiúnú, Athshlánú agus Athchóiriú Feabhsaithe (SDAAF), SPNF mar Rialtóir na scéime, agus Ranna ábhartha eile i gcomhpháirtíocht chun an scéim a chur i bhfeidhm.<br>Beidh cláir i bhfeidhm ar thailte móna an SDAAF chun monatóireacht a dhéanamh ar astuithe carbóin, cáilíocht uisce, fásra, gnáthóga agus bithéagsúlacht | Bord na Móna, SPNF agus páirtithe leasmhara ábhartha | Méadracht foilsithe ón SAADF, lena n-áirítear heicteáir de thailte portaigh athshlánaithe; bearta caighdeáin uisce; torthaí suirbhéanna bithéagsúlachta; torthaí monatóireachta astaíochtaí carbóin; Monatóireacht ar lean chun tionchar na mbeart a sheiceáil |
| Faoi 2024, déanfaidh SPNF athbhreithniú ar Phlean Oiriúnaithe Earnála Bithéagsúlachta um an Athrú Aeráide 2019-2024 | 2C4 | Déanfaidh SPNF athbhreithniú ar thoradh Phlean Oiriúnaithe Earnála Bithéagsúlachta um an Athrú Aeráide 2019 agus foilseoidh sé é | SPNF | Foilsiú tuarascála ar Phlean Oiriúnaithe Earnála Bithéagsúlachta na hÉireann um an Athrú Aeráide |

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2024, daingnítear beartas agus cleachtas oiriúnaithe aeráide tríd an mbithéagsúlacht a mheas sa chéad chéim eile de phleananna earnála um athrú aeráide | 2C5 | Breithneoidh an chéad Chreat Náisiúnta um Oiriúnú eile moltaí a bhaineann le bithéagsúlacht ó Athbhreithniú 2022 ar an gCreat Náisiúnta um Oiriúnú (CNO) lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le comhtháthú na réimsí beartais náisiúnta ábhartha, comhar trasearnála, agus réitigh dhúlrabhunaithe | RCAC | Moltaí ábhartha curtha i bhfeidhm sa CNO |
| Faoi 2025, tá dul chun cinn suntasach déanta chun athchóiriú agus athfhliuchadh a dhéanamh ar phortach ardaithe agus bratphortaigh i limistéir faoi chosaint | 2C6 | Cuirfidh SPNF na gníomhartha athchóirithe/athfhliuchta a leagtar amach sa Phlean Bainistíochta Náisiúnta do Phortaigh Ardaithe ar Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta iad 2017-2022, i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 na hÉireann agus feabhsóidh sé athchóiriú na mbratphortach | SPNF | Líon na ngníomhartha curtha i bhfeidhm; Achar na dtailte portaigh athchóirithe/athshlánaithe |
| Faoi 2025, tá réitigh dhúlrabhunaithe ag cur le spriocanna náisiúnta aeráide | 2C7 | Chun tacú leis an gCuspóir Náisiúnta Aeráide maidir le geilleagar atá athléimneach ó thaobh aeráide de, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus atá neodrach ó thaobh na haeráide de, atá lán de bhithéagsúlacht a bhaint amach, cuirfidh RCAC, RTBM, RTRÁO, Údaráis Áitiúla, agus Oifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide réitigh dhúlrabhunaithe ar talamh chun cinn i gcláir náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla thuaithe agus uirbeacha | Gach páirtí leasmhar ábhartha | Líon na gclár agus na mbeartas a chuimsíonn réitigh dhúlrabhunaithe |

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2025, tá réitigh dhúlrabhunaithe ag cur le spriocanna náisiúnta aeráide | 2C8 | Chun tacú leis an gCuspóir Náisiúnta Aeráide maidir le geilleagar atá athléimneach ó thaobh aeráide de, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus atá neodrach ó thaobh na haeráide de, atá lán de bhithéagsúlacht a bhaint amach, cuirfidh an SPNF agus comhlachtaí ábhartha eile réitigh dhúlrabhunaithe fionnuisce, idirchriosacha, chósta agus mhuirí chun cinn (amhail athchóiriú cósta agus bogach agus athchóiriú éiceachóras 'carbóin ghoirm') i gcláir náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla thuaithe agus uirbeacha | SPNF | Maoiniú d'athneartú na ngnáthóg carbóin ghoirm (m.sh., féar mara agus riasca goirt);<br>Achar de limistéir idirchriosacha, chósta agus mhara clúdaithe ag cláir athchóirithe |

## Ooradh 2D: Déantar caomhnú agus athbhunú ar sheirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais sa mhuirthimpeallacht agus timpeallacht fhionnuisce

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2027, cuirtear na bearta caomhantais agus athbhunaithe a leagtar amach sa tríú PBA i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil bainistíocht inbhuanaithe á déanamh ar ár n-uiscí nádúrtha, go bhfuil ár n-acmhainní fionnuisce faoi chosaint ionas nach ndéantar tuilleadh meatha orthu; agus nuair is gá, déantar aibhneacha, lochanna agus limistéir uisce chósta a athchóiriú chuig stádas éiceolaíoch maith ar a laghad | 2D1 | Déanfaidh comhlachtaí ábhartha ar nós RTRÁO, RTBM, Údaráis Áitiúla, agus comhpháirtithe PBA a sheachadadh chun stádas éiceolaíoch uisce a chosaint, a fheabhsú agus chun monatóireacht níos fearr a dhéanamh air le linn an tríú timthriall den PBA | Gach Comhlacht Ábhartha | Táscairí Náisiúnta Bithéagsúlachta (TNB)-B.7.ii Líon na ngnáthóg fionnuisce arna dtuairisciú mar 'Stádas Éiceolaíochta Maith' faoi Stádas monatóireachta cháilíocht an uisce in Éirinn de chuid na Treorach Réime maidir le hUisce (TRU);<br><br>Líon na mbeart PBA (Clár na mBeart) curtha i bhfeidhm |

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2027, cuirfear bearta cosanta agus athchóirithe atá sonraithe sa tríú PBA in Éirinn i bhfeidhm lena chinntiú go ndéanfar ár n-uiscí nádúrtha a bhainistiú go hinbhuanaithe; go gcosnófar acmhainní fionnuisce ionas nach mbeidh aon mheath ann a thuilleadh; agus nuair is gá, déantar aibhneacha, lochanna agus limistéir uisce chósta a athchóiriú chuig stádas éiceolaíoch maith ar a laghad | 2D2 | Cuirfidh Uisce Éireann a Phlean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce (2015-2040) i bhfeidhm, a chuspóir chun an timpeallacht a chosaint agus a fheabhsú ach go háirithe, chomh maith leis an bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta | Uisce Éireann | Dul chun cinn ar Phlean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce (2015-2040) |
| Faoi 2027, cuirfear bearta cosanta agus athchóirithe atá sonraithe sa tríú PBA in Éirinn i bhfeidhm lena chinntiú go ndéanfar ár n-uiscí nádúrtha a bhainistiú go hinbhuanaithe; go gcosnófar acmhainní fionnuisce ionas nach mbeidh aon mheath ann a thuilleadh; agus nuair is gá, déantar aibhneacha, lochanna agus limistéir uisce chósta a athchóiriú chuig stádas éiceolaíoch maith ar a laghad | 2D3 | Cinnteoidh RTRÁO agus Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (CUÚÁ) go ndéanfar limistéir uisce ardstádais a chosaint go héifeachtach agus a athbhunú tríd an gClár Abhantrach Spota Ghoirm | RTRÁO agus CUÚÁ | Idirdhealú abhantraí ardstádais agus tosaíocht tugtha do bhearta caomhantais;<br>Aschur ó chóras monatóireachta náisiúnta;<br>Bunachar sonraí GIS láraithe nó bunachar sonraí gníomhaíochtaí curtha i bhfeidhm agus ag feidhmiú |

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2025, gníomhaíochtaí uile an Phlean Gníomhaíochta um Níotráití (PGN) a chur i bhfeidhm | 2D4 | Tacóidh RTBM le spriocanna an PGN trí chinntiú a dhéanamh go spreagann PS CBT na hÉireann bainistíocht chothaitheach chiorclach agus logánta chomh maith le líon na gcaillteanas Nítrigine, Fosfair, agus ithreach chuig an timpeallacht uisceach a laghdú, agus réitigh dhúlrabhunaithe á gcur san áireamh | RTBM | Líon na ngnáthóg fionnuisce tuairiscithe mar “Stádas Éiceolaíoch Maith” faoin tacar sonraí monatóireachta faireachais TRU don mhonatóireacht den Treoir maidir le Níotráití; PS CBT R.21: Caighdeán uisce a chosaint: Sciar den limistéar talmhaíochta a úsáidtear (LTÚ) faoi ghealltanais a dtacaítear leo do chaighdeán limistéar uisce; PS CBT R.22 Bainistíocht inbhuanaithe cothaitheach: Sciar den limistéar talmhaíochta a úsáidtear (LTÚ) faoi ghealltanais a bhaineann le bainistíocht cothaitheach fheabhsaithe |
| Faoi 2027, buntáistí barrfheabhsaithe maidir le pleanáil bainistíochta ar riosca tuilte agus scéimeanna draenála i bhfeidhm | 2D5 | Oibreoidh Oifig na nOibreacha Poiblí le húdaráis ábhartha chun a chinntiú go n-íoslaghdófar, trí phleanáil Bainistíochta Riosca Tuilte agus Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST), MTT, agus measúnacht chuí (MC) ghaolmhar, cailliúint bithéagsúlachta agus seirbhísí éiceachórais trí bheartais chun bearta bainistíochta riosca tuilte ar fud an dobharcheantair agus neamhstruchtúrtha a chur chun cinn | OOP agus páirtithe leasmhara ábhartha | Measúnú ar theicnící bainistíochta tuilte nádúrtha a aithint agus a chur chun cinn a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach lena gcur i bhfeidhm in Éirinn; Cuimsiú beart a chuirtear i bhfeidhm ar fud na n-abhantrach agus atá neamhstruchtúrtha laistigh de na roghanna a dhéantar a mheas i bPleananna Bainistíochta Riosca Tuilte |
| Faoi 2027, buntáistí barrfheabhsaithe maidir le pleanáil bainistíochta ar riosca tuilte agus scéimeanna draenála i bhfeidhm | 2D6 | Cinnteoidh OOP go ndéanfar measúnú ar dhraenáil shuntasach (príomhdhraenáil), agus déanfar draenáil tosaigh agus chothabhála a mheas dá tionchar ar an mbithéagsúlacht, ar bhogaigh ach go háirithe | OOP | Cuimsiú ábhar bithéagsúlachta lena mheas i gcláir dhraenála; Líon na measúnuithe ar oibreacha draenála |
| Faoi 2027, buntáistí barrfheabhsaithe maidir le pleanáil bainistíochta ar riosca tuilte agus scéimeanna draenála i bhfeidhm | 2D7 | Cuirfidh OOP, i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha eile, lena eolas agus acmhainn maidir le Réitigh Dhúlrabhunaithe do Bhainistíocht Abhantraí (RDB BA) agus déanfaidh sé measúnú ar RDB BA mar chuid de scéimeanna cosanta tuilte a fhorbairt don todhchaí | OOP agus páirtithe leasmhara ábhartha | Togra taighde SLOWWATERS críochnaithe; Measúnuithe féidearthachta RDB BA chun eolas a dhéanamh d'fhorbairt scéim cosanta tuilte críochnaithe. |

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2027, buntáistí barrfheabhsaithe maidir le pleanáil bainistíochta ar riosca tuilte agus scéimeanna draenála i bhfeidhm | 2D8 | Déanfaidh OOP athbhreithniú ar scéimeanna cosanta tuilte atá ann faoi láthair, agus deiseanna d'athfheistiú a dhéanamh ar bhearta bithéagsúlachta á n-aithint, chomh maith le dea-chleachtas bithéagsúlachta a fhorbairt ó na ceachtanna a foghlaimíodh go treoir do scéimeanna nua | OOP | Líon na scéimeanna athfheistithe; Treoir uasdátaithe |
| Faoi 2026, tá a riachtanais uile dá timpeallacht idirchriosach, chósta, agus mhara faoin Treoir Réime maidir le hUisce (TRU) agus faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí (TRSM) á gcomhlíonadh ag Éirinn agus Stádas Éiceolaíoch Ard nó Maith agus Stádas Timpeallachta Maith, faoi seach, á bhaint amach aici nó á chothabháil aici | 2D9 | Déanfaidh RTRÁO cláir náisiúnta beart a chur i bhfeidhm agus a nuashonrú chun Stádas Éiceolaíoch Ard nó Maith agus Stádas Comhshaoil Maith a bhaint amach laistigh d'uiscí idirchriosacha, cósta agus muirí, ag gníomhú tuilleadh chun tacú le Cinntí, Moltaí agus Comhaontuithe Eile OSPAR, agus chun bithéagsúlacht mhuirí a threisiú ar fud réigiún an Atlantaigh Thoir Thuaidh | RTRÁO | Céatadán de thimpeallacht idirchriosach, chósta agus mhara na hÉireann tuairiscithe mar Stádas Éiceolaíoch Ard nó Maith faoin TRU agus Stádas Timpeallachta Maith faoin TRSM;<br><br>Líon na speiceas agus na ngnáthóg a bhfuil Stádas Éiceolaíoch Maith á bhaint amach acu le gairid, agus torthaí stádais maithe le haghaidh flóra, fána, agus gnáthóga mara á gcoinneáil acu |
| Faoi 2026, tá a riachtanais uile dá timpeallacht idirchriosach, chósta, agus mhara faoin Treoir Réime maidir le hUisce (TRU) agus faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí (TRSM) á gcomhlíonadh ag Éirinn agus Stádas Éiceolaíoch Ard nó Maith agus Stádas Timpeallachta Maith, faoi seach, á bhaint amach aici nó á chothabháil aici | 2D10 | Déanfaidh RTRÁO comhtháthú spriocanna comhshaoil muirí na hÉireann arna mbunú faoin TRSM, agus faoi Chuspóirí Stádais na Treorach Réime maidir le hUisce, a ghlacadh agus a thabhairt chun críche i gcórais phleanála, toilithe agus oibriúcháin do ghníomhaíochtaí daonna i limistéar muirí na hÉireann, rud a chinnteoidh úsáid inbhuanaithe acmhainní agus caomhnú bithéagsúlachta muirí agus seirbhísí éiceachórais | RTRÁO | Cuspóirí timpeallachta na hÉireann bainte amach ina n-iomláine faoin TRSM, lena n-áirítear tríd an gCreat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí a chur i gcrích;<br><br>Spriocanna nua comhshaoil a bhunú tuilleadh faoi Thuairisceoirí TRSM 1 go 11, de réir mar is gá chun Stádas Comhshaoil Maith a bhaint amach agus a choinneáil |

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2026, tá a riachtanais uile dá timpeallacht idirchriosach, chósta, agus mhara faoin Treoir Réime maidir le hUisce (TRU) agus faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí (TRSM) á gcomhlíonadh ag Éirinn agus Stádas Éiceolaíoch Ard nó Maith agus Stádas Timpeallachta Maith, faoi seach, á bhaint amach aici nó á chothabháil aici | 2D11 | Rithfidh RTRÁO reachtaíocht chuimsitheach agus cuirfidh sí i bhfeidhm í. Cuirfidh an reachtaíocht ar a cumas Limistéir Mhuirí faoi Chosaint (LMfCanna) a ainmniú agus a bhainistiú agus cumasóidh sí leathnú na mbeart caomhantais limistéarbhunaithe i dtimpeallacht chósta agus i muirthimpeallacht. Clúdóidh an reachtaíocht sin speicis agus gnáthóga thar na cinn atá liostaithe i dTreoracha an AE chomh maith le gnéithe a sholáthraíonn seirbhísí éiceachórais, lena n-áirítear maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó, agus breithnithe trasteorann a ghabháil nuair is féidir, d'fhonn gníomhú tuilleadh chun tacú le ceanglais TRSM, Coinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh OSPAR, agus bithéagsúlacht mhuirí ar fud an réigiúin | RTRÁO | Líon agus clúdach spásúil LMfCanna ainmnithe laistigh de limistéar mara na hÉireann, ag baint clúdach LMfC ≥10% amach chomh luath agus is féidir agus 30% faoi 2030;<br><br>Líon na speiceas, na ngnáthóg agus na ngnéithe eile seachas iad siúd a liostaítear faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra agus na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga, dá n-ainmnítear LMfCanna; Cúnamh substainteach gaolmhar de shuíomhanna LMfC Éireannacha do ghréasán LMfC OSPAR |
| Faoi 2026, chumasaigh agus thacaigh Éire le héachtaí de chuid Straitéis Timpeallachta Oirthuaisceart an Atlantaigh (STOA) OSPAR 2030 | 2D12 | Leanfaidh RTRÁO ag obair go náisiúnta, agus go hidirnáisiúnta, le páirtithe conarthacha OSPAR, agus le heagraíochtaí agus comhlachtaí seachtracha chun tacú le seachadadh éifeachtach na 12 chuspóir straitéiseacha agus na 54 cuspóir oibriúcháin atá leagtha amach in STOA 2030 de chuid OSPAR agus chun é a chinntiú | RTRÁO | Líon chuspóirí oibríochta agus thascanna bunaidh STOA a dtugann Éire tacaíocht agus a gcuireann sí acmhainní ar fáil dóibh go gníomhach; Líon thascanna STOA ina bhfuil Éire ceaptha mar cheannaire ar an tasc; Líon thascanna STOA críochnaithe le hionchur agus acmhainní gníomhacha na hÉireann |

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Déantar leibhéil stoic éisc tráchtála agus sliogéisc a choinneáil nó a athchóiriú go leibhéil ar féidir leo uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh a luaithe is féidir, i gcomhréir le Comhbheartas Iascaigh an AE (CBI) trí Phleananna Ilbhliantúla agus bearta leasúcháin do stoic leochaileacha a chur chun feidhme go leanúnach | 2D13 | Leanfaidh an RTBM agus geallsealbhóirí ábhartha eile de Chomhbheartas Iascaigh an AE a chur chun feidhme chun foráil a dhéanamh do chaomhnú agus marthanacht fadtéarmach stoc éisc agus sliogéisc agus do bhithéagsúlacht mhuirí. Cinntiú go leanfar le cur i bhfeidhm na bPleananna Ilbhliantúla agus bearta leasúcháin do stoic leochaileacha, a bhfuil sé mar aidhm acu go ndéanann saothrú ar acmhainní mara bitheolaíocha beo daonraí de speicis a ghabhtar a athchóiriú agus a choinneáil thar leibhéil ar féidir leo uastáirge inbhuanaithe a tháirgeadh | RTBM agus páirtithe leasmhara ábhartha | Líon na stoc éisc agus sliogéisc a ndéantar iascaireacht inbhuanaithe orthu; Líon na stoc éisc agus sliogéisc a bhfuil Stádas Timpeallacha Maith á bhaint amach acu nó á chothabháil acu le déanaí faoin TRSM |
| Déantar leibhéil stoic éisc tráchtála agus sliogéisc a choinneáil nó a athchóiriú go leibhéil ar féidir leo uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh a luaithe is féidir, ar an leibhéal náisiúnta laistigh den teorainn sé mhuirmhíle, agus ar leibhéal réigiúnach an AE lasmuigh den teorainn sé mhuirmhíle, i gcomhréir le CBI an AE | 2D14 | Leanfaidh RTBM, Foras na Mara agus páirtithe leasmhara ábhartha eile le bearta bainistíochta iascach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ag leibhéal náisiúnta laistigh den teorann 6 mhíle farraige agus ar leibhéal réigiúnach AE lasmuigh den teorann 6 mhíle farraige chun bithéagsúlacht agus stoic éisc agus sliogéisc a chaomhnú | RTBM, Foras na Mara agus páirtithe leasmhara ábhartha | Líon na stoc éisc agus sliogéisc a ndéantar iascaireacht inbhuanaithe orthu; Líon na stoc éisc agus sliogéisc a bhfuil Stádas Timpeallacha Maith á bhaint amach acu nó á chothabháil acu le déanaí faoin TRSM |
| Leanúint lena chinntiú nach bhfuil drochthionchar suntasach ag iascaigh agus dobharshaothrú tráchtála in Éirinn ar láithreáin Natura 2000 de chuid an AE nó a gnáthóga mara agus speicis mhara cháilitheacha i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha | 2D15 | Cuirfidh RTBM, RTRÁO agus páirtithe leasmhara ábhartha eile bearta i bhfeidhm lena chinntiú nach n-eascraíonn drochthionchair shuntasacha ó iascaigh agus dobharshaothrú i nó in aice le láithreáin AE Natura 2000 | RTBM, RTRÁO agus páirtithe leasmhara ábhartha | Céatadán de láithreáin mhuirí Natura 2000 in Éirinn ina leantar le gach cuspóir caomhantais atá sonrach don láithreán (CCSLanna) a bhaint amach; Líon na ngnáthóg agus na speiceas mara Natura 2000 cáilitheach a fuarthas go raibh stádas dearfach caomhantais ag baint leo trí mhonatóireacht agus measúnú timthriallach |

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Leanúint lena chinntiú go bhfuil gach iascaireacht tráchtála in uiscí na hÉireann á déanamh i gcomhréir iomlán le Comhbheartas Iascaigh (CBI) an AE, le reachtaíocht chaomhantais náisiúnta agus AE, agus le rialacháin ghaolmhara eile | 2D16 | Leanfaidh RTBM, an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara (ÚCIM) agus geallsealbhóirí ábhartha eile de ghníomhaíocht chomhbheartaithe a dhéanamh chun iascaireacht mhídhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialaithe a chomhrac | RTBM, ÚCIM | Líon na gcigireachtaí ar talamh a aimsíonn neamhchomhlíonadh CBI an AE;<br><br>Líon na gcigireachtaí ar muir a aimsíonn neamhchomhlíonadh CBI an AE;<br><br>Líon sháruithe CBI a chinn an Painéal Cinnidh a bheith tromchúiseach |
| Faoi 2026, cinntiú go ndéanfar staidéar cuimsitheach agus léarscáiliú cuimsitheach ar ghnáthóga cósta agus mara na hÉireann ionas gur féidir eolas agus sonraí ardchaighdeáin a chur ar fáil maidir le héagsúlacht bhitheolaíoch mhara agus gnéithe éiceolaíocha | 2D17 | Leanfaidh RTRÁO agus RTBM lena dtaighde ardchaighdeáin agus lena léarscáiliú de mhórthimpeallachtaí cósta agus mara na hÉireann, lena n-áirítear an fharraige dhomhain, rud a thacóidh le limistéir atá ilchineálach ó thaobh bhitheolaíochta de, táirgiúil go nádúrtha, agus tábhachtach ar bhonn éiceachórasach laistigh de limistéar mara na hÉireann, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil tábhachtach do sheasmhacht aeráide, agus gabháil agus stóráil charbóin | RTRÁO agus RTBM | Líon na staidéar taighde ardleibhéil a rinneadh ar ghnáthóga cósta, scairbhe ilchríochaí agus domhainfharraige in uiscí na hÉireann; Céatadán clúdaigh de limistéar mara na hÉireann faoi chlár INFOMAR agus staidéir ghnáthóige ghaolmhara |
| Faoi 2026, cinntiú go bhfuil clár oideachais agus feasachta náisiúnta agus éifeachtach ar an muirthimpeallacht ag Éirinn | 2D18 | Leanfaidh RTBM, RTRÁO, agus geallsealbhóirí ábhartha eile ar aghaidh ag tógáil acmhainneacht náisiúnta agus seachadta in oideachas agus for-rochtain comhshaoil mara agus ag tacú leo, agus ar an gcaoi sin ardófar feasacht ar fharraigí na hÉireann agus ar éagsúlacht bhitheolaíoch agus éiceachórais mhara i measc daoine de gach aois. Grúpa comhordaithe náisiúnta a bhunú de Ranna agus Gníomhaireachtaí tábhachtacha chun díriú ar ghníomhaíochtaí agus aschuir oideachais aonair agus chomhchoiteanna, agus chun obair for-rochtana a chomhordú ionas go gcuirfear beartas comhshaoil mara náisiúnta in iúl go comhleanúnach agus go comhsheasmhach do chách | RTBM, RTRÁO agus páirtithe leasmhara ábhartha | Líon na dtionscnamh nua oideachais agus múscailte feasachta ar tugadh fúthu chun bithéagsúlacht agus éiceachórais mhuirí na hÉireann a chur chun cinn; Líon na n-acmhainní agus áiseanna nua ar líne agus fisiceacha a forbraíodh chun tacú le feasacht an phobail ar bhithéagsúlacht mhuirí na hÉireann agus ar ár bhfarraigí agus ár n-aigéan; Fianaise staitistiúil a thugann le fios go bhfuil feasacht mhéadaithe ag an bpobal ar ábhar na timpeallachta mara agus na bithéagsúlachta agus go bhfuil baint acu leis |

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2026, a chinntiú go mbeidh cuimsiú na hEolaíochta Saoránach mar chuid de chur i bhfeidhm beartais comhshaoil mhuirí ag Éirinn agus i ngníomhaíochtaí a chuireann le caomhnú na bithéagsúlachta muirí | 2D19 | Tógfaidh agus feabhsóidh RTRÁO faisnéis bhithéagsúlachta agus bailiú sonraí agus cartlannú, agus tacóidh siad leo, trí thionscnaimh Eolaíochta Saoránach arna stiúradh timpeall chósta na hÉireann agus in uiscí cois cladaigh agus amach ón gcósta. Cuimseoidh sé sin tograí a chuirfidh le hiarrachtaí sonraí poiblí a bhailiú arna ndéanamh ag ENRanna | RTRÁO | Líon na dtionscnamh agus na dtionscadal Eolaíochta Saoránach mara a dtugtar tacaíocht ghníomhach dóibh agus a sheachadann faisnéis atá luachmhar do mheasúnuithe agus monatóireacht náisiúnta ar stádas bithéagsúlachta mara; Líon na speiceas cósta agus muirí agus cineálacha gnáthóige a gcuirtear sonraí poiblí ina leith le cartlann agus acmhainní an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta;<br><br>Líon na dtaifead bitheolaíoch seolta chuig na scéimeanna faireacháin saoránach náisiúnta atá bunaithe ar an eolaíocht |
| Faoi 2023, cuimseofar ionadaithe Bithéagsúlachta mar chuid de phróiseas Plean um Fhorbairt Fuinnimh In-Athnuaite Amach ón gCósta (PFFIAAC II) | 2D20 | Cinnteoidh RCAC go n-áireofar sa chreat rialachais a bhunófar mar chuid den obair ar OREDP II athbhreithnithe ionadaithe bithéagsúlachta chun a chinntiú go gcuirfear cuspóirí bithéagsúlachta mara san áireamh i bhforbairt an Phlean agus mar chuid den timthriall nuashonraithe don Phlean | RCAC | Tá ionadaí bithéagsúlachta amháin ar a laghad ar an nGrúpa Sonraí agus Eolaíochta agus ar an nGrúpa Stiúrtha le haghaidh PFFIAAC II |
| Faoi 2030, athbhunófar 300 km d'aibhneacha go dtí go bhfuil siad ag sreabhadh go saor | 2D21 | Scrúdóidh RTRÁO, Iascach Intíre Éireann, OOP agus páirtithe leasmhara ábhartha eile athchóiriú 300 km d'aibhneacha go dtí go bhfuil siad ag sreabhadh go saor | RTRÁO, IIÉ, OOP agus comhlachtaí ábhartha eile | Km d'aibhneacha athbhunaithe agus iad ag sreabhadh go saor |

## Toradh 2E: Cosaint déanta ar éagsúlacht ghéiniteach de speicis fhiáine agus cheansaithe

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Lean leis an tacaíocht do chaomhnú agus d'úsáid inbhuanaithe acmhainní géiniteacha in Éirinn | 2E1 | Caomhnú agus úsáid inbhuanaithe acmhainní géiniteacha in Éirinn a chur chun cinn tríd an obair a dhéanann Cúnamh Deontais d'Acmhainní Géiniteacha RTBM | RTBM | Líon agus luach na dtionscadal/na gclár arna dtacú leo ag an deontas |
| Faoi 2030, obair i dtreo sainghnéithe géiniteacha gach speiceas crann dúchasach a aithint chun pobail a bhfuil caomhnú ag teastáil uathu a aithint | 2E2 | Leanann RTBM, Garraithe Náisiúnta na Lus agus eagraíochtaí ábhartha eile le hobair na Meithle ar Acmhainní Géiniteacha Foraoise | RTBM, Garraithe Náisiúnta na Lus agus páirtithe leasmhara ábhartha | Líon na speiceas crann a sainaithníodh a sainghnéithe géiniteacha |
| Faoi 2027, méadaítear acmhainní agus cumas do thograí bithbhaincéireachta fiadhúlra náisiúnta chun todhchaí ghéiniteach fhiadhúlra na hÉireann a chosaint | 2E3 | Bunóidh Zú Bhaile Átha Cliath Mol Bithbhaincéireachta ar mhaithe le fiadhúlra náisiúnta | Zú Bhaile Átha Cliath | Líon na speiceas a ndearnadh bithbhaincéireacht orthu ag an Mol Bithbhaincéireachta Náisiúnta d'Fhiadhúlra i Zú Bhaile Átha Cliath |
| Faoi 2027, tacófar le tograí bithbhaincéireachta náisiúnta do speicis barrthábhachtacha chun tacú le héagsúlacht bhitheolaíoch | 2E4 | Cinnteoidh SPNF, RTBM agus ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha go méadófar na hacmhainní agus an cumas atá ar fáil do thograí bithbhaincéireachta náisiúnta, ag obair le páirtithe reatha cosúil le Zú Bhaile Átha Cliath chun todhchaí ghéiniteach na speiceas barrthábhachtach a chosaint | SPNF, RTBM agus páirtithe leasmhara ábhartha | Líon na dtograí bithbhaincéireachta a bhfuil tacaíocht faighte acu |
| Faoi 2030, beidh méadú suntasach ar líon na speiceas, na gcineálacha agus na bpórtha dúchasacha a bhfuil bearta caomhantais á ndéanamh ar a son | 2E5 | Leanfaidh RTBM, Garraithe Náisiúnta na Lus agus Cumann Sábhála Síolta Éireann le Straitéisí Náisiúnta um Chaomhnú Géiniteach d'ainmhithe agus do phlandaí a chur i bhfeidhm | RTBM, Garraithe Náisiúnta na Lus agus Cumann Sábhála Síolta Éireann | Líon na speiceas, na gcineálacha nó na bpórtha dúchasacha a bhfuil bearta caomhantais á ndéanamh ar a son |

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2027, tá dul chun cinn á dhéanamh ag Éirinn ar an Straitéis Náisiúnta um Chaomhnú Plandaí | 2E6 | Déanfaidh Garraithe Náisiúnta na Lus nuashonrú agus measúnú ar dhul chun cinn i gcoinne Straitéis Náisiúnta na hÉireann um Chaomhnú Plandaí, de réir na Straitéise Domhanda um Chaomhnú Plandaí | Garraithe Náisiúnta na Lus | Líon na mbeart curtha i gcrích sa Straitéis Náisiúnta um Chaomhnú Plandaí |
| Faoi 2027, tá bainc síolta Éireannacha ag obair i gcomhar le chéile chun bailiúchán síolta ó gach planda atá dúchasach in Éirinn a chothabháil | 2E7 | Oibreoidh Banc Síolta an Fhlóra Fhiáin i nGarraithe Náisiúnta na Lus i gcomhar le bainc síolta eile cosúil leis an mBanc Síolta Faoi Bhagairt i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Gaol Fiáin Bairr, Banc Síolta Gránach agus Prátaí in RTBM agus Banc Síolta na nÚll agus na nGlasraí i seilbh Chumann Sábhála Síolta Éireann agus Banc Síolta Féaraigh agus Seamar i seilbh Teagasc chun a chinntiú go ndéanfar bailiúchán iomlán de shíolta ó gach planda atá dúchasach in Éirinn a chothabháil | Garraithe Náisiúnta na Lus | Líon na síolta bailithe, próiseáilte agus forshealbhaithe sa bhanc síolta |
| Faoi 2024, beidh creat oibríochta do chur i bhfeidhm Phrótacal Nagoya curtha i ngníomh | 2E8 | Cuirfidh SPNF creat oibríochta i bhfeidhm chun cur i bhfeidhm a éascú i gcomhar le páirtithe leasmhara eile/údaráis inniúla trasna na n-earnálacha agus na ngníomhaireachtaí Rialtais eile | SPNF | Creat oibríochta i bhfeidhm |

## Toradh 2F: Tá Plean Náisiúnta Athchóirithe i bhfeidhm chun cur le mianta Straitéis Bhithéagsúlachta an AE 2030 agus le spriocanna athchóirithe domhanda

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2026, tá Plean Náisiúnta Athchóirithe foilsithe | 2F1 | Oibreoidh SPNF, RTBM agus páirtithe leasmhara ábhartha eile chun ailíniú a dhéanamh ar tháscairí atá ann cheana agus/ nó táscairí nua a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar athbhunú na n-éiceachóras | SPNF agus RTBM agus páirtithe leasmhara ábhartha | Táscairí oiriúnacha i bhfeidhm chun dul chun cinn a thomhas |
| Faoi 2026, tá Plean Náisiúnta Athchóirithe foilsithe | 2F2 | Aithneoidh RTRÁO, i gcomhar le RTBM, OOP agus RCAC agus páirtithe leasmhara ábhartha eile, sineirgí idir athbhunú dúlra agus maolú/oiriúnú athraithe aeráide agus cosc tubaistí, agus tús áite a thabhairt do na bearta seo | RTRÁO, RTBM, OOP, RCAC agus páirtithe leasmhara ábhartha | Tugtar tús áite do bhearta athbhunaithe dúlra le sineirgí mar a dhéantar cur síos orthu sa Phlean Náisiúnta Athchóirithe |
| Faoi 2026, tá Plean Náisiúnta Athchóirithe foilsithe | 2F3 | Pléifidh RTRÁO, i gcomhar le RTBM, OOP agus RCAC le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal agus an Plean Náisiúnta Athchóirithe á fhorbairt | RTRÁO, RTBM, OOP, RCAC agus páirtithe leasmhara ábhartha | Taifead déanta ar phróiseas comhairliúcháin phoiblí don Phlean Náisiúnta Athchóirithe |
| Faoi 2026, tá Plean Náisiúnta Athchóirithe foilsithe | 2F4 | Forbróidh RTRÁO, i gcomhar le RTBM, OOP agus RCAC, Plean Náisiúnta Athchóirithe | RTRÁO, RTBM, OOP, RCAC agus páirtithe leasmhara ábhartha | Plean Náisiúnta Athchóirithe foilsithe |
| Faoi 2027, tá tús curtha le Plean Náisiúnta Athchóirithe a chur i bhfeidhm | 2F5 | Cuirfidh RTRÁO agus gach páirtí leasmhar ar fud an Rialtais bearta athbhunaithe i bhfeidhm mar a dhéantar cur síos orthu sa Phlean Náisiúnta Athchóirithe, laistigh de na tréimhsí ama cuí | RTRÁO agus páirtithe leasmhara ábhartha | Bearta athchóirithe i bhfeidhm de réir na tréimhse ama atá le leagan amach sa Phlean Náisiúnta Athchóirithe |
| Faoi 2027, tá monatóireacht á déanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Athchóirithe | 2F6 | Déanfaidh RTRÁO agus gach páirtí leasmhar ar fud an Rialtais monatóireacht ar chur i bhfeidhm an Phlean Náisiúnta Athchóirithe | RTRÁO agus páirtithe leasmhara ábhartha | Córais mhonatóireachta i bhfeidhm |

### Toradh 2H: Déantar rialú agus bainistíocht ar speicis choimhthíocha ionracha (SCI) ar bhonn uile-oileáin chun an tionchar diúltach atá acu ar bhithéagsúlacht a laghdú agus déantar bearta chun dul i ngleic le tabhairt isteach agus leathadh SCI nua don timpeallacht

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2030, déanfar SCI a rialú, a bhainistiú, agus nuair is féidir, scriostar iad | 2H1 | Bunóidh SPNF aonad SCI chun cur chun feidhme an chreata reachtaíochta agus beartais a bhrostú, lena n-áirítear acmhainní sonracha forfheidhmithe | SPNF | Aonad SCI agus aonad forfheidhmithe bunaithe agus ag obair laistigh den SPNF |
| Faoi 2030, déanfar SCI a rialú, a bhainistiú, agus nuair is féidir, scriostar iad | 2H2 | Forbróidh SPNF, in éineacht le Ranna agus comhlachtaí poiblí ábhartha eile, pleananna náisiúnta chun gnéithe de Rialachán SCI an AE agus an reachtaíocht náisiúnta ábhartha a chur i bhfeidhm, chomh maith le hobair ar phleananna comhoibríocha i gcás ina bhfuil gné uile-oileáin nó Thuaidh-Theas le haghaidh tionchair SCI | SPNF agus páirtithe leasmhara ábhartha | Tá pleananna náisiúnta i bhfeidhm chun na hairteagail ábhartha de Rialacháin AE SCI (1143/2014) a chur i bhfeidhm chun dualgais na mBallstát a chomhlíonadh; Forbrófar Plean Bainistíochta Náisiúnta do Speiceas Coimhthíoch Ionrach agus cuirfear i bhfeidhm é mar a leagadh amach sa chlár rialtais; |
| Faoi 2030, déanfar SCI a rialú, a bhainistiú, agus nuair is féidir, scriostar iad | 2H3 | Tabharfaidh SPNF reachtaíocht náisiúnta nua isteach chun uasdátú a dhéanamh ar reachtaíocht atá ann cheana agus chun éifeacht a thabhairt do ghnéithe de Rialachán AE SCI 1143/2014, chomh maith le dualgais a cheapadh do SCI uisceach | SPNF | Reachtaíocht chun Rialachán AE SCI a chur i bhfeidhm sa chomhthéacs náisiúnta foilsithe agus curtha i bhfeidhm |
| Faoi 2030, déanfar SCI a rialú, a bhainistiú, agus nuair is féidir, scriostar iad laistigh de Limistéir Chosanta agus a rialú go héifeachtach i gceantair uirbeacha, pheirea-uirbeacha, sa tuath níos leithne agus i limistéir mhuirí agus chósta | 2H4 | Déanfaidh SPNF, i gcomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha go léir, gníomhaíochtaí ar an talamh a acmhainniú agus a chur chun feidhme chun tarluithe de speicis choimhthíocha ionracha a rialú, a bhainistiú, agus, nuair is féidir agus is indéanta, a dhíothú, lena n-áirítear clampaí de speicis ionracha a bhaint de Limistéir faoi Chosaint agus Páirceanna Náisiúnta | SPNF agus páirtithe leasmhara ábhartha | Táscairí Náisiúnta Bithéagsúlachta (TNB)-D.3.i Limistéar ina gcuirtear bainistíocht ar speiceas ionrach i bhfeidhm |
| Faoi 2030, déanfar SCI a rialú, a bhainistiú, agus nuair is féidir, scriostar iad laistigh de Limistéir Chosanta agus a rialú go héifeachtach i gceantair uirbeacha, pheirea-uirbeacha, sa tuath níos leithne agus i limistéir mhuirí agus chósta | 2H5 | Forbróidh SPNF, INSB agus comhpháirtithe ábhartha prótacail thiomnaithe bhithshlándála, nósanna imeachta caighdeánacha oibriúcháin agus treoirlínte do Ranna Rialtais | SPNF, INSB agus páirtithe leasmhara ábhartha | Líon na bprótacal, na mbeart agus na dtreoirlínte a cuireadh le chéile |

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2030, tá rialú agus bainistíocht á ndéanamh againn ar speicis choimhthíocha ionracha agus déantar iad a dhíothú nuair is féidir laistigh de Limistéir faoi Chosaint agus déantar bainistíocht éifeachtach orthu i limistéir uirbeacha, phearuirbeacha, faoin tuath agus i limistéir mhara agus chósta | 2H6 | Cuirfidh SPNF, INSB, agus comhpháirtithe ábhartha bearta molta i bhfeidhm ag eascairt as Tuarascáil 2021 an GCC Uimh. 368 Cosc, Rialú agus Díothú Speiceas Coimhthíoch Ionrach | SPNF, INSB agus páirtithe leasmhara ábhartha | Líon na mbeart curtha i bhfeidhm |
| Faoi 2030, tá rialú agus bainistíocht á ndéanamh againn ar speicis choimhthíocha ionracha agus déantar iad a dhíothú nuair is féidir laistigh de Limistéir faoi Chosaint agus déantar bainistíocht éifeachtach orthu i limistéir uirbeacha, phearuirbeacha, faoin tuath agus i limistéir mhara agus chósta | 2H7 | Leanfaidh leis an INSB le Measúnuithe Riosca a chur le chéile do speicis a d'fhéadfadh a bheith coimhthíoch agus ionrach | INSB | Líon na Measúnuithe Riosca críochnaithe; Táscairí Náisiúnta Bithéagsúlachta (TNB)-C.3.i Líon na speiceas SCI nua |
| Faoi 2030, tá rialú agus bainistíocht á ndéanamh againn ar speicis choimhthíocha ionracha agus déantar iad a dhíothú nuair is féidir laistigh de Limistéir faoi Chosaint agus déantar bainistíocht éifeachtach orthu i limistéir uirbeacha, phearuirbeacha, faoin tuath agus i limistéir mhara agus chósta | 2H8 | Aontóidh Éire don Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Rialú agus Bainistiú Uisce Ballasta agus Dríodar Long, agus forfheidhmeoidh an Roinn Iompair (RI) na ceanglais ar bord long a bhfuil bratach na hÉireann orthu, ina ról mar stát brataí agus ar bord long a bhfuil bratacha eachtrannach orthu i gcalafoirt na hÉireann atá faoi rialú stáit ar chalafoirt. Glacfaidh an RI páirt i bhFeachtas Géariniúchta Mheabhrán Comhthuisceana Pháras ar chur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin Uisce Ballasta in 2025 | RI | Daingniú an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Rialú agus Bainistiú Uisce Ballasta agus Dríodar Long |

# Cuspóir a Trí
## Rannchuidiú an Dúlra do Dhaoine a Dhaingniú





## Réamhrá ar an gCuspóir sin

Baineann an bhithéagsúlacht lenár ngnáthshaol, ó ghnáthóga agus speicis choitianta a mbímid ag plé leo ó lá go lá, go tacaíocht dhobhraite cosúil leis na buntáistí meabhairshláinte a bhíonn i gceist le bheith sa dúlra, nó na traidisiúin chultúrtha agus theangeolaíocha a bhíonn ag ár bplandaí agus tírdhreacha. Tugtar seirbhísí éiceachórais ar na buntáistí díreacha agus indíreacha seo.

Tá sé mar aidhm ag an gCuspóir seo aitheantas agus cosaint a thabhairt don réimse fairsing seirbhísí a sholáthraíonn an dúlra, le béim faoi leith ar an turasóireacht, oidhreacht agus teanga. Mar shampla, is féidir le cultúr na hÉireann ár dtuiscint agus nasc leis an dúlra a neartú, lena n-áirítear tríd an nGaeilge agus trí bhithéagsúlacht agus tírdhreacha na nGaeltachtaí. Mar náisiún, is féidir linn teacht ar ár gcur chuige soiléir chun breathnú agus cur síos a dhéanamh ar ár gcaidreamh leis an domhan nádúrtha.

Tá ról tábhachtach ag córas pleanála na hÉireann i gcosaint na bithéagsúlachta trí chinntiú go ndéantar forbairt nua go hinbhuanaithe agus nach bhfuil tionchar diúltach aige ar an timpeallacht. Tá deiseanna ann chun bithéagsúlacht a sheachadadh sa mheasúnú ar na hiarratais phleanála nua, chomh maith le húsáid prionsabal dea-chleachtais do dhearadh uirbeach agus bainistíocht tírdhreacha, amhail bonneagar glas agus réitigh dhúlrabhunaithe.

Tá sé mar aidhm freisin ag an gCuspóir seo go gcinnteoimis go bhfuil na daoine a bhfuil na scileanna agus oideachas ceart acu againn chun cabhrú lenár mbithéagsúlacht a chaomhnú agus a athbhunú do na glúnta atá romhainn. Caithfidh an earnáil phríobháideach a cuid a dhéanamh sna hiarrachtaí seo, agus cuimsítear gníomhartha chun luas a chur le hiarrachtaí ó na hearnálacha tráchtála agus airgeadais.

### Toradh 3A: Aithnítear, tá meas ar, forbraítear agus cuirtear oidhreacht nádúrtha agus éagsúlacht bhithchultúir na hÉireann chun cinn sa bheartas agus sa chleachtas

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2027, tá gach gníomh maidir le bithéagsúlacht agus oidhreacht nádúrtha á fhorbairt nó críochnaithe | 3A1 | Déanfaidh RTRÁO maoiniú agus seachadadh ar Oidhreacht Éireann 2030, plean oidhreachta náisiúnta 10 mbliana na hÉireann | RTRÁO | Líon na ngníomhartha ó Phlean Oidhreacht Éireann 2030 atá á bhforbairt nó críochnaithe |
| Faoi dheireadh 2024, ionchorpróidh bonneagar na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (RTCEGSM) atá maoinithe faoin bPlean Forbartha Náisiúnta (PFN) bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais | 3A2 | Cuimseoidh RTCEGSM bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais, seirbhísí cultúrtha ach go háirithe, in iarrachtaí comhfhorbartha áite agus infheistíocht i mBonneagar Cultúrtha Réigiúnach ina próisis luachála maidir le tionscadail chaipitil | RTCEGSM | Critéir maidir le bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais mar chuid den luacháil ar thionscadail infheistíochta RTCEGSM |
| Faoi dheireadh 2027, cuirfear feabhas ar luach bithchultúrtha na dtimpeallachtaí uirbeacha glasa agus gorma (TUGG) i ngach limistéar údaráis áitiúil | 3A3 | Oibreoidh Údaráis Áitiúla chun deiseanna chun luach bithchultúrtha TUGG a fheabhsú a aithint agus freagairt dóibh trí straitéisí deartha cuí, úsáid na n-amharcealaíon agus na dtaibhealaíon, trí chothromas rochtana a fheabhsú chun úsáid TUGG ag grúpaí pobail a chur chun cinn, agus seirbhísí cultúrtha a chomhtháthú i bpleananna gníomhaíochta bithéagsúlachta áitiúla | Údaráis Áitiúla | Líon na PGBÁnna lena n-áirítear gníomhaíochtaí chun luach bithchultúrtha TUGG a fheabhsú |
| Faoi 2027, tá taitneamhachtaí cultúrtha a bhaineann leis an mbithéagsúlacht tar éis a gcuid iarrachtaí i leith na rannpháirtíochta poiblí, na feasachta agus an athraithe iompair a fheabhsú | 3A4 | Forbróidh Zú Bhaile Átha Cliath agus údaráis ábhartha eile agus eagraíochtaí iarrachtaí na dtaitneamhachtaí cultúrtha a bhaineann leis an mbithéagsúlacht i leith na rannpháirtíochta poiblí, na feasachta agus an athraithe iompair | Zú Bhaile Átha Cliath agus páirtithe leasmhara ábhartha | Méadú i líon na bhfeachtas feasachta a bhaineann leis an mbithéagsúlacht ag Zú Bhaile Átha Cliath, agus spreagadh feachtas athraithe iompair nua chun tionchar intomhaiste i measc cuairteoirí a chothú |
| Faoi dheireadh 2024, ráiteas beartais maidir le bithéagsúlacht, tírdhreach, topagrafaíocht, forbairt phobail agus an Ghaeilge foilsithe, le plean gníomhaíochta i bhfeidhm faoi dheireadh 2025 | 3A5 | Cuirfidh Údarás na Gaeltachta agus RTCEGSM ráiteas beartais maidir le bithéagsúlacht, tírdhreach, topagrafaíocht, forbairt phobail agus an Ghaeilge le chéile, agus aithneoidh siad gníomhartha chun caomhnú na bithéagsúlachta a imeascadh le tograí forbartha teanga | Údarás na Gaeltachta agus RTCEGSM | Ráiteas beartais agus gníomhartha molta foilsithe; % na ngníomhartha molta curtha i bhfeidhm |

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2027, aithnítear ról na nOileán Gaeltachta agus phobail na nOileán i gcosaint agus i gcaomhnú na hoidhreachta cultúrtha agus nádúrtha | 3A6 | Lorgóidh Údarás na Gaeltachta ról tábhachtach na nOileán Gaeltachta agus phobail na nOileán i gcaomhnú na hoidhreachta cultúrtha agus nádúrtha a mhéadú, i gcomhthéacs Straitéis Ghlas Údarás na Gaeltachta | Údarás na Gaeltachta | Forbairt i gcoinne Straitéis Ghlas Údarás na Gaeltachta; Rannpháirtíocht na nGrúpaí Forbartha Oileán Gaeltachta in oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha a chosaint agus a chaomhnú |
| Faoin mbliain 2023, beidh Beartas Turasóireachta Inbhuanaithe na hÉireann ar aon dul le cur i bhfeidhm an PGBN agus tacóidh sé leis | 3A7 | Cuirfidh an Beartas um Thurasóireacht Inbhuanaithe atá le foilsiú in 2023 an PGBN san áireamh d'fhonn ár mbithéagsúlacht a chaomhnú agus a athchóiriú agus, ar a seal, cáilíocht iomlán ár dtairiscintí turasóireachta a chinntiú | RTCEGSM | Líon na ngníomhartha a bhfuil bithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais á n-imeascadh i bplean leantach tar éis 2024 |
| Faoi 2024, tá ceisteanna bithéagsúlachta imeasctha i bpleananna athchóirithe agus athbhunaithe do phríomhshuíomhanna oidhreachta | 3A8 | Déanfaidh OOP athbhreithniú ar bheartais agus ar chleachtais maidir le hathchóiriú agus athbhunú bhonneagar agus léirmhíniú cuairteora an OOP ag príomhshuíomhanna oidhreachta ar fud na tíre, agus iad ag cinntiú go meascfar ceisteanna bithéagsúlachta le tionscadail agus feabhsuithe sa todhchaí go cuí | OOP | Gníomhartha taifeadta glactha le linn athchóirithe chun bithéagsúlacht a chuimsiú, nó fáthanna taifeadta maidir leis an bhfáth nach raibh na gníomhartha seo ag teastáil |
| Faoi 2024, tá an OOP ag obair chun bithéagsúlacht a fheabhsú ag láithreáin Réadmhaoine Stairiúla Náisiúnta | 3A9 | Reáchtálfaidh OOP iniúchtaí ag láithreáin iomadúla, cuirfidh sé feabhsuithe agus moltaí i bhfeidhm, agus roinnfidh sé na sonraí a bhaileofar | OOP | Líon na n-iniúchtaí láithreáin déanta;<br><br>Líon na ngníomhartha curtha i bhfeidhm chun bithéagsúlacht a fheabhsú ar láithreáin a raibh iniúchtaí déanta orthu;<br><br>Líon na mbunachar sonraí ar láithreáin a ndearnadh iniúchadh orthu roinnte |
| Faoi 2023, tá na sineirgí idir an Straitéis Náisiúnta um Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe - OFI go 2030 agus an 4ú PGBN sainaitheanta ag ranna ábhartha | 3A10 | Oibreoidh An Roinn Oideachais (RO), An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE), agus SPNF (mar atá liostaithe sa straitéis) le chéile chun aidhmeanna na Straitéise Náisiúnta um Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe - OFI go dtí 2030 agus an 4ú PGBN a ailíniú agus chun gníomhaíochtaí frithpháirteacha a fhorbairt agus a chur chun cinn | RO, RBATNE agus SPNF | Líon na ngníomhartha ábhartha ón Straitéis Náisiúnta um Oideachais maidir le Forbairt Inbhuanaithe 2030 a chuirtear i bhfeidhm |

## Toradh 3B: Aithnítear agus feabhsófar ról na bithéagsúlachta i dtacaíocht a thabhairt don fholláine, do shlite beatha, don fhiontraíocht agus don fhostaíocht

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2023, cuimsíonn Straitéis Náisiúnta Áineasa Faoin Aer na hÉireann ceisteanna bithéagsúlachta | 3B1 | Déanfaidh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP) i gcomhar le Comhairle na Tuaithe cinnte go gcuirfear gnéithe bithéagsúlachta, go háirithe luach na seirbhísí cultúrtha don mheabhairshláinte agus don fholláine san áireamh sa Straitéis Náisiúnta Áineasa Faoin Aer | RFTP le Comhairle na Tuaithe | Líon na ngníomhartha bithéagsúlachta sa Straitéis Náisiúnta Áineasa Faoin Aer |
| Faoi 2024, tuairiscíonn gnólachtaí Éireannacha i gcomhréir leis an Treoir ón AE maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (TTIC), lena n-áirítear bithéagsúlacht | 3B2 | Beidh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) i gceannas ar chur i bhfeidhm TTIC an AE nuair a ghlacfar é, a éilíonn tuairisciú faisnéise comhshaoil lena n-áirítear bithéagsúlacht | RFTF | Trasuíomh agus cur i bhfeidhm ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) |
| Faoi 2024, ionchorpróidh Fiontraíocht Éireann bithéagsúlacht ina cuid gníomhaíochtaí | 3B3 | Oibreoidh RFTF le Fiontraíocht Éireann chun bithéagsúlacht a chuimsiú ina cláir agus gníomhaíochtaí ábhartha | RFTF agus Fiontraíocht Éireann | Líon chláir Fiontraíocht Éireann a bhfuil gné bithéagsúlachta cuimsithe iontu |
| Faoi 2024, d'éirigh le Gníomhaireacht Forbartha Tionscail (GFT) a bearta bithéagsúlachta óna straitéis um Théarnamh agus Fás Inbhuanaithe a Spreagadh 2021-2024 a bhaint amach | 3B4 | Oibreoidh RFTF le GFT chun bearta bithéagsúlachta a chur le chéile ina gclár réadmhaoine, i gcomhréir lena gealltanais do bhearta bithéagsúlachta a leagtar amach i straitéis GFT um Théarnamh agus Fás Inbhuanaithe a Spreagadh 2021-2024 | RFTF agus GFT | Bearta bithéagsúlachta forbartha agus seachadta |
| Faoi 2023, déanfaidh an Roinn Airgeadais (RAIR) bithéagsúlacht a phríomhshruthú laistigh dá cuid oibre aeráide agus airgeadais inbhuanaithe | 3B5 | Cuimseoidh RAIR bithéagsúlacht ina cuid oibre ar an aeráid agus airgeadas inbhuanaithe, lena n-áirítear á cur san áireamh i seirbhísí airgeadais, maoiniú forbraíochta iltaobhach agus ceapadh beartais fhioscaigh, de réir mar is cuí | RAIR | Cuirtear ceist na bithéagsúlachta san áireamh i gcáipéisíocht an bhuiséid agus i mbeartais eile |


| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2023, tá moltaí sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta Bitheacnamaíochta ar úsáid inbhuanaithe agus cosaint na bithéagsúlachta agus an chaipitil nádúrtha | 3B6 | Molfaidh an Grúpa Forfheidhmithe Ardleibhéil Náisiúnta um Bitheacnamaíocht, faoin RCAC agus RTBM, úsáid inbhuanaithe agus cosaint na bithéagsúlachta agus an chaipitil nádúrtha mar chuid den Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta Bitheacnamaíochta agus cinnteoidh sé ailíniú leis an Ráiteas Beartais Náisiúnta ar an mBithgheilleagar | An Grúpa Forfheidhmithe Ardleibhéil Náisiúnta um Bitheacna-maíocht | Líon na moltaí le haghaidh úsáid inbhuanaithe agus cosaint na bithéagsúlachta agus an chaipitil nádúrtha sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta Bitheacnamaíochta |
| Faoi 2027, cuimsíonn measúnuithe féidearthachta do thionscadail bhitheacnamaíochta féidearthacht timpeallachta agus shóisialta mar an caighdeán | 3B7 | I gcomhréir leis an bprionsabal inbhuanaitheachta leagtha amach sa Ráiteas Beartais Náisiúnta ar an mBithgheilleagar, cinnteoidh an Grúpa Forfheidhmithe Ardleibhéil Náisiúnta um Bitheacnamaíocht, faoin RCAC agus RTBM, go gcuimseofar féidearthacht timpeallachta agus shóisialta i measúnuithe féidearthachta ar thionscadail bhitheacnamaíochta, agus, ar a laghad, nach laghdaíonn ná nach ndíghrádaíonn gníomhaíochtaí bitheacnamaíochta seasmhacht na bithéagsúlachta agus go ndéantar dul chun cinn i dtreo an bhithéagsúlacht a fheabhsú | An Grúpa Forfheidhmithe Ardleibhéil Náisiúnta um Bitheacn-amaíocht | Líon na dtograí taighde agus léirithe d'fhorbairt bitheacnamaíochta le staidéir féidearthachta timpeallachta agus shóisialta; |
| Faoi 2024, tá measúnú ar scileanna bithéagsúlachta atá ag teastáil do ghnólachtaí inbhuanaithe críochnaithe | 3B8 | Déanfaidh Gnó don Bhithéagsúlacht Éireann measúnú ar na scileanna bithéagsúlachta a theastaíonn chun tacú le forbairt gnólachtaí inbhuanaithe, agus cuirfidh sé na torthaí i láthair an Aonaid Taighde ar Scileanna agus an Margadh Saothair agus aonáin ábhartha eile lena mbreithniú | Gnó don Bhithéagsúlacht Éireann | Measúnú ar na scileanna bithéagsúlachta atá ag teastáil |
| Faoi 2023, tá rianú agus tuairisciú á dhéanamh ag an gclár Origin Green ar ghníomhaíochtaí feirme agus ball cuideachta ar an mbithéagsúlacht ar bhonn bliantúil | 3B9 | Oibreoidh Bord Bia agus Ranna ábhartha lena chinntiú go gcuireann an clár Origin Green buntáistí don bhithéagsúlacht ar fáil, lena n-áirítear tríd an gclár Feirmeoireacht don Dúlra, i gcomhar leis an bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí agus tograí eile | Bord Bia agus páirtithe leasmhara ábhartha | Táscairí bithéagsúlachta ábhartha faoin gclár Origin Green |


| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2023, tá treoir ag gnólachtaí beaga maidir le conas a dtionchar ar an bithéagsúlacht a laghdú agus tacú le gníomhaíochtaí laistigh den PGBN | 3B10 | Fiosróidh Gnó don Bhithéagsúlacht Éireann conas a d'fhéadfadh gníomhaíochtaí a bhaineann le bithéagsúlacht do ghnólachtaí beaga a áireamh san Fhoireann Uirlisí Aeráide Don Ghnó chun cabhrú leo a dtionchar ar an mbithéagsúlacht a laghdú agus chun cur le baint amach an PGBN seo | Gnó don Bhithéagsúlacht Éireann | Athbhreithniú críochnaithe ar conas is féidir leis an Sraith Straitéisí Aeráide don Ghnó gníomhú ar son na bithéagsúlachta a chuimsiú |
| Faoi dheireadh 2027, tá measúnú déanta ag 90% de bhaill Gnó don Bhithéagsúlacht don Bhithéagsúlacht Éireann ar a dtionchair agus spleáchais ar an mbithéagsúlacht, le 60% ar a laghad faoi dheireadh 2025 | 3B11 | Tabharfaidh Gnó don Bhithéagsúlacht Éireann tacaíocht do ghnólachtaí i measúnuithe ábharthachta a reáchtáil agus a dtionchair agus spleáchais ar an dúlra agus bithéagsúlacht a dhéanamh amach | Gnó don Bhithéagsúlacht Éireann | % na mball Gnó don Bhithéagsúlacht Éireann le measúnuithe críochnaithe ar thionchair agus spleáchais ar an mbithéagsúlacht |
| Faoi dheireadh 2025, tá sé threoir earnála maidir le dea-chleachtais don ghnó foilsithe ag Gnó don Bhithéagsúlacht Éireann | 3B12 | Cuirfidh Gnó don Bhithéagsúlacht Éireann treoir ar fáil do ghnólachtaí Éireannacha ar thionscnaimh idirnáisiúnta ábhartha amhail an Tascfhórsa um Nochtaí Airgeadais a bhaineann leis an Dúlra, agus Spriocanna don Dúlra bunaithe ar an Eolaíocht srl. | Gnó don Bhithéagsúlacht Éireann | Táscairí Náisiúnta Bithéagsúlachta (TNB)-E.2. Líon na gcáipéisí treorach bithéagsúlachta foilsithe |
| Faoi 2025, tacóidh SPNF le forbairt tionscadail dheonaigh caomhnaithe dúlra | 3B13 | Féachaint le deiseanna saorálaíochta caomhnaithe dúlra a bhunú trí chomhpháirtíochtaí comhoibríocha | SPNF | Tá deiseanna saorálaíochta do chaomhnú an dúlra ar fáil go poiblí |

## Toradh 3C: Éascóidh agus daingneoidh pleanáil agus forbairt cúnamh na bithéagsúlachta do dhaoine

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2030, beart déanta maidir le freagracht roinnte do chaomhnú na bithéagsúlachta | 3C1 | Déanann gach Údarás Poiblí agus comhlacht earnála príobháideach iarracht gan glanchaillteanas bithéagsúlachta a bheith acu trí straitéisí, pleanáil, bearta íoslaghdaithe, cúiteamh cuí agus/nó infheistíocht i mbonneagar Gorm-Glas | Gach páirtí leasmhar ábhartha | Líon pleananna a chuireann in iúl spriocanna gan glanchaillteanas |
| Faoi 2024, tá treoir ar fáil maidir le deachleachtas bithéagsúlachta, bonneagar glas agus réitigh dhúlrabhunaithe i bpleanáil agus forbairt | 3C2 | Oibreoidh Oifig an Rialálaí Pleanála (ORP) chun Páipéar Cás-Staidéir a ullmhú agus a fhoilsiú ina scrúdófar na cleachtais is fearr maidir le bonneagar glas, réitigh dhúlrabhunaithe, agus seirbhísí éiceachórais a chomhtháthú in ullmhú na bpleananna úsáide talún | ORP | Páipéar Cás-Staidéir foilsithe faoi 2027 |
| Faoi 2030, déanfar cuspóirí an PGBN, nuair is cuí, a ailíniú le pleananna reachtúla úsáide talún na dTionól Réigiúnach agus na nÚdarás Pleanála, agus a chomhtháthú laistigh díobh, agus laistigh de PGBÁnna | 3C3 | Beidh gach Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach, Plean Forbartha Cathrach agus Contae, Plean Ceantair Áitiúil agus PGBÁ ailínithe le cuspóirí an PGBN, nuair is cuí | RTRÁO, [Tionóil Réigiún-acha, Údaráis Phleanála, Údaráis Áitiúla, Oifig an Rialálaí Pleanála] | Líon na Straitéisí Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach, Pleananna Forbartha Cathrach agus Contae, Pleananna Ceantair Áitiúil agus PGBÁnna a ailíníonn le cuspóirí an PGBN |
| Faoi 2024, an RI chun feabhas a chur ar an mbreithniú ar thionchair chomhshaoil áitiúla, lena n-áirítear tionchair Bhithéagsúlachta, i measúnú scéimeanna iompair | 3C4 | Nuashonróidh an RI treoir agus modheolaíochtaí measúnaithe iompair chun breithniú feabhsaithe ar thionchair áitiúla chomhshaoil agus bhithéagsúlachta a áireamh | RI | Foilsiú an Chreata Breithiúnais Iompair (CBI) |

# Cuspóir a Ceathair
## Feabhas a chur ar an mBonn Fianaise le haghaidh Gníomhaíochta maidir leis an mBithéagsúlacht





## Réamhrá ar an gCuspóir sin

Tá sé mar aidhm ag Cuspóir a Ceathair an bonn fianaise le haghaidh gníomhaíochta ar bhithéagsúlacht a fheabhsú, a bheidh mar bhonn agus mar thaca ag cinntí a bhaineann le bithéagsúlacht amach anseo.

Aithneoidh na gníomhartha bearnaí sa taighde a éascóidh éilimh thaighde níos dírithe ó chomhlachtaí maoinithe.

Moltar gníomhartha chun riachtanais scileanna don bhithéagsúlacht a aithint agus dul i ngleic leo, amhail scileanna éiceolaíochta agus tacsanomaíochta, chomh maith leis an ngá an bhithéagsúlacht a phríomhshruthú ar fud disciplíní taighde eile.

Is meafar eacnamaíoch don dúlra a chuireann an dúlra i dtéarmaí a luachanna iomadúla do shaol agus folláine daoine é Caipiteal Nádúrtha (CN). Cuimsíonn CN ár mbithéagsúlacht, éiceachórais agus córais dhomhanda eile. Is éard atá sa chur chuige CN ná na haonáin agus na próisis sin a aithint, a thomhas agus luach ar chur orthu. Taispeánann na cuntais seo athruithe i sláinte ár CN thar am agus is féidir é a úsáid chun eolas a fháil do chinntí maidir le beartas náisiúnta cosúil le húsáid talún, sláinte daonna, maolú agus oiriúnú maidir le hathrú aeráide, fuinneamh, iompar, cáin, oideachas, srl.

Nuair a imeasctar iad leis an gcóras cuntasaíochta náisiúnta, léiríonn cuntais caipitil nádúrtha an costas eacnamaíoch a bhaineann le leanúint leis an nádúr a dhíghrádú agus is féidir leo eolas a dhéanamh do phleananna nua le haghaidh todhchaí níos sábháilte, níos sláintiúla agus níos inmharthana go heacnamaíoch do chách. Díreoidh gníomhartha ar chomhoibriú chun cuntasaíocht éiceachórais a fhorbairt agus obair i dtreo measúnú a dhéanamh ar stoic, sreafaí agus treochtaí i seirbhísí éiceachórais.

Is iad sonraí agus monatóireacht bithéagsúlachta agus éiceachórais na príomhréimsí béime faoin gCuspóir seo toisc go gcuirfidh siad an fhianaise atá ag teastáil chun dul chun cinn na hÉireann sa Phlean seo a mheas ar fáil. Leanfaidh na gníomhartha atá beartaithe le cláir nua fhadtéarmacha um bailiú agus monatóireacht sonraí agus bunóidh siad iad. Chomh maith leis sin, cabhróidh siad caighdeánú a dhéanamh ar bhailiú agus scaipeadh sonraí bithéagsúlachta agus éiceachórais.

### Toradh 4A: Beidh tuiscint níos fearr ag eagraíochtaí maoinithe taighde ar an taighde agus na scileanna atá ag teastáil chun dul i ngleic le bearnaí taighde bithéagsúlachta

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2026, críochnófar athbhreithniú ar bhearnaí scileanna bithéagsúlachta | 4A1 | Déanfaidh na heagraíochta ábhartha iarratas chuig an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (SGRST) chun athbhreithniú a dhéanamh ar na scileanna atá ag teastáil chun dul i ngleic leis an ngéarchéim bithéagsúlachta m.sh., éiceolaithe, tacsanomaithe, agus saineolaithe sonraí bithéagsúlachta | Comhlachtaí ábhartha | Iarratas comhlánaithe chuig SGRST; Cinneadh SGRST le measúnú a chríochnú; Gníomhartha arna nglacadh chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí scileanna (coinníoll maidir le glacadh le measúnú agus é a chríochnú) |
| Faoi 2024, déanfar bearnaí taighde bithéagsúlachta, atá riachtanach chun tacú le caomhnú agus athchóiriú, a shainaithint agus a chur in ord tosaíochta | 4A2 | Déanfaidh gréasáin taighde agus beartais ábhartha measúnú ar na tosaíochtaí taighde agus bearnaí eolais a bhaineann le caomhnú agus athbhunú bithéagsúlachta | Comhlachtaí ábhartha | Foilsiú na dtosaíochtaí taighde bithéagsúlachta náisiúnta |
| Faoi 2024, léireoidh comhlachtaí rialtais ábhartha tosaíochtaí taighde bithéagsúlachta i ngairmeacha ar thaighde | 4A3 | Déanfaidh comhlachtaí rialtais atá freagrach as taighde bithéagsúlachta a mhaoiniú measúnú ar na deiseanna maidir le tosaíochtaí taighde bithéagsúlachta ábhartha a chuimsiú i ngairmeacha ar thaighde de réir mar is cuí | Comhlachtaí rialtais | Liosta náisiúnta de dheiseanna maoinithe a thacaíonn le caomhnú agus athchóiriú bithéagsúlachta; Líon na dtosaíochtaí taighde bithéagsúlachta cuimsithe i nglaonna taighde; An méid maoinithe náisiúnta agus mhaoiniú AE faighte do thaighde bithéagsúlachta |
| Cuirfidh Ard-Mhúsaem na hÉireann (AMÉ) oiliúint leanúnach ar fáil do phríomhghrúpaí tacsanomaíochta | 4A4 | Reáchtálfaidh AMÉ ceardlanna aitheantais do phríomhghrúpaí tacsanomaíochta | AMÉ | Seachadadh ceardlanna aitheantais bliantúla |

### Toradh 4B: Tá rochtain leathan ar shonraí a bhaineann le bithéagsúlacht agus éiceachórais, lena n-áirítear riachtanais chaomhantais, agus tá siad caighdeánaithe

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi dheireadh 2028, tá rochtain níos leithne ar shonraí timpeallachta ábhartha a bhaineann le húdaruithe timpeallachta a bhaineann le measúnuithe timpeallachta (MTT, MC) agus is féidir iad a úsáid chun eolas a dhéanamh do mheasúnuithe timpeallachta tionscadal-bhunaithe sa todhchaí | 4B1 | Déanfaidh an GCC, le tacaíocht ó RTRÁO/SPNF, measúnú a choimisiúnú ar indéantacht réitigh sonraí monatóireachta agus suímh chomhtháite chun sonraí monatóireachta comhshaoil a bhaineann le húdaruithe comhshaoil agus sonraí monatóireachta gaolmhara a bhailítear roimh údarú a dhéanamh agus ina dhaidh | GCC | Féidearthacht réitigh chomhtháite monatóireachta suímh agus sonraí a sholáthar faoi 2028 lena n-áirítear moltaí don chéad chéim eile |
| Faoi 2027, tá OOP tar éis gach tacar sonraí bithéagsúlachta ábhartha a chur ar fáil go poiblí | 4B2 | Baileoidh OOP sonraí bithéagsúlachta ar bhealach caighdeánaithe agus cuirfidh sé na sonraí seo ar fáil go poiblí | OOP | Líon na dtacar sonraí OOP curtha ar fáil |
| Faoi 2027, tá Garraithe Náisiúnta na Lus tar éis digitiú a dhéanamh ar shamplaí plandaí soithíocha luslainne na hÉireann | 4B3 | Soláthróidh Garraithe Náisiúnta na Lus sonraí ó eiseamail luslainne dhigitithe ón Luslann Náisiúnta de réir EU FAIR | Garraithe Náisiúnta na Lus | Digitiú na samplaí luslainne;<br>Sonraí samplaí luslainne foilsithe |
| Faoi 2029, cuirfidh AMÉ catalóga de chodanna dá bailiúcháin bhithéagsúlachta ar fáil | 4B4 | Foilseoidh AMÉ catalóga de na bailiúcháin Polacaet, Platyhelminthes agus Aculeata | AMÉ | Líon na gcatalóg a foilsíodh mar ailt agus leabhair phiarmheasúnaithe |
| Faoi 2030, leathnóidh AMÉ na samplaí géiniteacha de chéiticigh Éireannacha atá ar fáil a thug eolaithe saoránaigh go deonach agus cuirfidh siad ar fáil iad don taighde | 4B5 | Leathnóidh AMÉ an bonneagar chun spás a chur ar fáil do Thaisce na hÉireann d'Fhíochán Géiniteach Céiticeach, agus leanfaidh siad le fearais samplála agus traenáil a chur ar fáil d'eolaithe saoránaigh | AMÉ | Trealamh samplála a dháileadh ar eolaithe saoránaigh (meastachán os cionn 1,000)<br><br>Beidh taisclann agus rochtain ar shamplaí géiniteacha de chéiticigh Éireannacha ar fáil don taighde |
| Faoi 2027, tá comhroinnt eolais á héascú idir tionscadail LIFE an AE | 4B6 | Éascóidh RCAC agus RTRÁO comhtháthú agus ailíniú agus comhroinnt eolais idir tionscadail LIFE an AE a sheachadann tairbhí don bhithéagsúlacht, don aeráid agus don uisce | RCAC agus RTRÁO | Gníomhartha chun comhroinnt eolais idir tionscadail LIFE an AE a chur chun cinn m.sh., comhdhálacha, cruinnithe |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2030, beidh Bithéagsúlacht agus sonraí gaolmhara ar fáil go fairsing | 4B7 | Cinnteoidh SPNF agus comhlachtaí ábhartha eile go gcloíonn sonraí bithéagsúlachta agus sonraí gaolmhara le beartas oscailte sonraí náisiúnta | SPNF | Líon na dtacar sonraí oscailte a bhaineann le bithéagsúlacht |
| Faoi 2026, rochtain fheabhsaithe ar shonraí gnáthóige díorthaithe ó staidéir allamuigh | 4B8 | Scrúdóidh INSB, i gcomhpháirtíocht le SPNF comhtháthú léarscáilithe gnáthóige le léarscáiliú clúdaigh talún agus déanfaidh sé measúnú ar bhearnaí sonraí | INSB agus SPNF | Bunaítear próiseas chun sonraí gnáthóige a chomhtháthú le léarscáiliú clúdaigh talún |

## Toradh 4C: Tá cláir fhadtéarmacha monatóireachta i bhfeidhm chun spriocanna caomhantais agus athbhunaithe a threorú

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2024, tá cláir monatóireachta bithéagsúlachta láidir a dhóthain chun athruithe a aithint thar am agus ár riachtanais tuairisceoireachta náisiúnta, réigiúnacha agus domhanda a chomhlíonadh | 4C1 | Leanfar le monatóireacht ar ghnáthóga agus ar speicis a liostaítear faoi Threoir Dúlra an AE agus feabhsófar iad de réir mar is gá ag an SPNF agus RCAC | SPNF agus RCAC | Líon na speiceas liostaithe atá cuimsithe sna cláir mhonatóireachta |
| Faoi 2024, tá cláir monatóireachta bithéagsúlachta láidir a dhóthain chun athruithe a aithint thar am agus ár riachtanais tuairisceoireachta náisiúnta, réigiúnacha agus domhanda a chomhlíonadh | 4C2 | Forbróidh SPNF agus eagraíochtaí ábhartha clár monatóireachta suíomhbhunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar athruithe sa bhithéagsúlacht le himeacht ama | SPNF | Tá an clár forbartha |
| Faoi 2024, tá cláir monatóireachta bithéagsúlachta láidir a ndóthain chun athruithe a aithint thar am agus ár riachtanais tuairisceoireachta náisiúnta, réigiúnacha, agus dhomhanda a chomhlíonadh | 4C3 | Feabhsófar comhoibriú ar fud an Rialtais chun tacú le monatóireacht bithéagsúlachta, agus chun tacú le riachtanais tuairisceoireachta a bhaineann leis an mbithéagsúlacht don TRU, TRSM, TGLAN, Straitéis Bhithéagsúlachta an AE agus an CÉB ach go háirithe | Comhlachtaí Rialtais Ábhartha | Líon na gcomhoibrithe straitéiseacha rialtais i bhfeidhm;<br>% de na riachtanais tuairisceoireachta a bhaineann leis an mbithéagsúlacht atá á shásamh |

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2024, tá cláir monatóireachta bithéagsúlachta láidir a dhóthain chun athruithe a aithint thar am agus ár riachtanais tuairisceoireachta náisiúnta, réigiúnacha agus domhanda a chomhlíonadh | 4C4 | Tacóidh gach eagraíocht ábhartha le cúnamh eolaíocht saoránach chun tacú le monatóireacht ar an mbithéagsúlacht | Gach páirtí leasmhar ábhartha | Sraith tograí faoi réir eolaíocht saoránach níos láidre |
| Faoi 2026, beidh treoir agus modheolaíocht fheabhsaithe le haghaidh suirbhéireacht agus mapáil gnáthóg ar fáil | 4C5 | Déanfaidh an Chomhairle Oidhreachta athbhreithniú agus uasdátú ar an Treoir Dea-chleachtais do Shuirbhéireacht agus Léarscáiliú Gnáthóg chun riachtanais agus srianta i léarscáiliú gnáthóige a léiriú | An Chomhairle Oidhreachta | Treoir uasdátaithe foilsithe faoi 2027 |
| Foilsiú leanúnach na Liostaí Dearga ábhartha thar thréimhse ama an Phlean | 4C6 | Foilseoidh SPNF, le hionchur ó pháirtithe leasmhara ábhartha, measúnuithe Liosta Dearg do ghrúpaí speiceas nua agus déanfaidh sé uasdátú ar Liostaí Dearg atá ann cheana féin chun speicis talún agus mara le tosaíocht chaomhantais agus bearnaí eolais do speicis tosaíochta a aithint | SPNF agus páirtithe leasmhara ábhartha | Líon na measúnuithe Liosta Dearg uasdátaithe agus foilsithe |
| Faoi 2024, déanfar tuarascáil na hÉireann ar Staid an Eolais ar Bhithéagsúlacht (de chuid INSB in 2010) a nuashonrú chun príomhbhearnaí eolais a léiriú agus úsáidtear í chun creat monatóireachta bithéagsúlachta náisiúnta a fhorbairt | 4C7 | Déanfaidh INSB uasdátú ar Staid an Eolais agus Príomhbhearnaí Eolais i dtuarascáil Bhithéagsúlachta na hÉireann mar bhunús d'fhorbairt creat bithéagsúlachta monatóireachta náisiúnta | INSB | Staid an eolais agus príomhbhearnaí eolais i dtuarascáil bhithéagsúlachta na hÉireann uasdátaithe;<br><br>Creat monatóireachta bithéagsúlachta náisiúnta forbartha faoi 2025 |
| Faoi dheireadh 2023, tá suirbhé bonnlíne córasach de speicis ionracha tosaíochta agus príomhshuíomhanna lárnacha déanta le monatóireacht thréimhsiúil i ndiaidh sin | 4C8 | Forbróidh INSB, in éineacht le páirtithe stáit ábhartha, suirbhé bonnlíne córasach ar speicis ionracha tosaíochta agus príomhshuíomhanna tionscnaimh déanta agus monatóireacht ina dhiaidh sin. Beidh an stát i gceannas air sin agus tacóidh cláir rannpháirtíochta Eolaíocht Saoránach leis | INSB | Foilsíodh torthaí suirbhé bonnlíne |

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2027, déanfar faireachán ar a dtionchar ar bhearta don bhithéagsúlacht arna gcur chun feidhme faoin gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) | 4C9 | Déanfaidh RTBM monatóireacht ar na treochtaí i mbearta atá dearfach don bhithéagsúlacht faoi PS CBT | RTBM | Stádas na ngnáthóg agus na speiceas a mbíonn tionchar ag cleachtais talmhaíochta orthu<br>Sciar na bhfeirmeacha a bhaineann leas as tacaíocht infheistíochta CBT a chuireann le bithéagsúlacht<br><br>Sciar na bhfeirmeacha a bhaineann leas as tacaíocht infheistíochta CBT a chuireann le bithéagsúlacht<br><br>Sciar de limistéar iomlán Natura 2000 faoi ghealltanais a dtacaítear leo<br><br>Sciar den limistéar talmhaíochta a úsáidtear (LTÚ) faoi ghealltanais thacaithe chun bainistíocht a dhéanamh ar ghnéithe tírdhreacha, fálta sceach agus crainn san áireamh<br><br>Athruithe ar scóráil na Scéime Íocaíochta Bunaithe ar Thorthaí faoi thacaíocht scéime agra-chomhshaoil |
| Faoi 2030, déantar measúnuithe bithéagsúlachta gnáthóige ar gach feirm atá sa Suirbhé Náisiúnta ar Fheirmeacha (SNF) | 4C10 | Tógfaidh RTBM agus Teagasc agus páirtithe leasmhara ábhartha eile ar an acmhainn obair a dhéanamh i dtreo a chinntiú go ndéantar measúnuithe bithéagsúlachta gnáthóige ar gach feirm SNF ar bhonn rialta, agus déanfaidh sé iarracht measúnuithe bithéagsúlachta a chur san áireamh ar an Suirbhé Feirmeacha Beaga | RTBM agus Teagasc | Líon na measúnuithe bithéagsúlachta ar ghnáthóga críochnaithe ar gach feirm SNF |
| Faoi 2025, beidh clár náisiúnta fadtéarmach i bhfeidhm chun cáilíocht, cainníocht, nascacht agus athrú gnáthóg ar thailte talmhaíochta a mheasúnú agus a mhonatóiriú | 4C11 | Oibreoidh RTBM agus páirtithe leasmhara ábhartha eile le chéile chun an clár a chur le chéile a fheabhsóidh infhaighteacht sonraí chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar thionchar na mbeartas reatha agus tuiscint níos fearr a fháil ar bheartas sa todhchaí | RTBM agus páirtithe leasmhara ábhartha | Clár bunaithe |


| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Cuirfidh AMÉ treoir, tacaíocht agus acmhainní leanúnacha ar fáil chun stóráil samplaí dearbháin fhadtéarmach ó chláir monatóireachta a chinntiú | 4C12 | Déanfaidh AMÉ bainistíocht ar thaiscí samplaí dearbháin ó mhonatóireacht agus taighde bainistithe ag comheagraíochtaí, AMÉ, INSB agus eile san áireamh | Treoir foilsithe ar ullmhú samplaí, lipéadú, iompar agus stóráil fhadtéarmach; | Treoir foilsithe ar ullmhú samplaí, lipéadú, iompar agus stóráil fhadtéarmach;<br><br>Stór inrochtana eiseamal dearbháin ó chláir mhonatóireachta fhadtéarmacha a bhaineann lena dtaifid dhigitithe |

## Toradh 4D: Tá measúnuithe náisiúnta ar sheirbhísí éiceachórais ullmhaithe ag Éirinn

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2027, tá córais agus caighdeáin do chuntasaíocht caipitil nádúrtha á bhforbairt agus á gcur i bhfeidhm in Éirinn | 4D1 | Déanfar gréasán saineolaithe i gCuntasaíocht Caipitil Nádúrtha a bhunú d'oileán na hÉireann | RCAC, RTRÁO agus páirtithe leasmhara ábhartha | Bunú an ghréasáin |
| Faoi 2027, tá córais agus caighdeáin do chuntasaíocht caipitil nádúrtha á bhforbairt agus á gcur i bhfeidhm in Éirinn | 4D2 | Comhoibreoidh an Phríomh-Oifig Staidrimh (POS) chun cuntasaíocht éiceachórais agus modhanna agus caighdeáin tuairiscithe in Éirinn a chur chun cinn, i gcomhréir le creat CÉ CCEC | POS | Forbrófar cuntais éiceachórais na hÉireann i gcomhréir le creat CÉ CCEC |
| Faoi 2027, príomhsruthú ar an gcur chuige caipitil nádúrtha tras-earnála | 4D3 | Forbróidh comhlachtaí ábhartha treoir chuí do phríomhearnálacha ar úsáid na Cuntasaíochta Caipitil Nádúrtha. | Comhlachtaí ábhartha | Treoir forbartha |
| Faoi 2027, na chéad chuntais éiceachórais náisiúnta críochnaithe | 4D4 | Forbróidh POS cuntais éiceachórais d'Éirinn | POS | Cuntais éiceachórais náisiúnta ullmhaithe ag Éirinn |
| Faoi 2027, an chéad mheasúnú ar chuntais éiceachórais náisiúnta críochnaithe | 4D5 | Déanfaidh eagraíochtaí ábhartha measúnú náisiúnta ar stoic, sreabhadh agus treochtaí i seirbhísí éiceachórais chun éiceachórais tosaíochta agus bagairtí don chaipiteal nádúrtha a aithint leis na huirlisí cuí, le déanamh i gcomhar le húdaráis ábhartha i dTuaisceart Éireann | Eagraíochtaí ábhartha | Measúnú náisiúnta ar sheirbhísí éiceachórais críochnaithe |

# Cuspóir a Cúig

## Rannchuidiú na hÉireann le Tionscnaimh Idirnáisiúnta Bhithéagsúlachta a Neartú





## Réamhrá ar an gCuspóir sin

Tá sé mar aidhm ag Cuspóir a Cúig rannchuidiú na hÉireann le tionscnaimh idirnáisiúnta bhithéagsúlachta a neartú, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le heolaíocht agus sonraí, amhail an tArdán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais (IPBES), agus Ardán Bithéagsúlachta an AE. Pléann an Cuspóir sin leis an gcaoi a nglacann Éire páirt i bpróisis rialachais idirnáisiúnta, cosúil le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CÉB NA).

Aithnítear an tábhacht a bhaineann le cur chuige uile-oileáin, go háirithe sa chaoi a mbaineann sé le tacaíocht a thabhairt do ghréasáin taighde agus le dul i ngleic le speicis choimhthíocha ionracha.

Beidh ról lárnach ag an gcomhoibriú le tíortha eile ionas gur féidir an cuspóir seo a bhaint amach, go háirithe sa chaoi a mbaineann sé leis an tacaíocht ar féidir le hÉirinn a thabhairt do Thíortha is Lú Forbartha agus Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha trí chabhair airgeadais agus eolas a roinnt.

Tiomsóidh Éire ár sonraí bithéagsúlachta agus tabharfaidh sí é do mhoil agus gréasáin sonraí domhanda atá ag obair chun tuiscint níos fearr a fháil ar staid dhomhanda na bithéagsúlachta, amhail an tSaoráid Domhanda ar Fhaisnéis Bhithéagsúlachta (SDFB) agus an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (GEC).

### Toradh 5A: Comheagraítear eolaíocht, beartas agus gníomh ar chaomhnú agus athbhunú bithéagsúlachta go héifeachtach i gcur chuige uile-oileáin

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2024, oibreoidh cuibhreannais tras-teorann le chéile chun maoiniú deontais a fháil chun tograí a bhaineann leis an mbithéagsúlacht a sholáthar | 5A1 | Coinneoidh SPNF bithéagsúlacht mar réimse fócais faoin togra Oileán Comhroinnte, agus spreagfaidh sé grúpaí cosúil le LIFE an AE, PEACE Plus agus INTERREG chun deiseanna cómhaoinithe a thapú | SPNF | Táscairí Náisiúnta Bithéagsúlachta (TNB)-D.4.ii Líon maoinithe don bhithéagsúlacht ó chlár LIFE an AE Líon na dtionscadal bithéagsúlachta trasteorann |
| Faoi 2025, tá cur chuige uile-oileáin glactha ag Éirinn i leith speicis ionracha | 5A2 | Oibreoidh SPNF agus páirtithe leasmhara ábhartha eile ar Phlean Bainistíochta Náisiúnta i leith Speiceas Coimhthíoch Ionrach (atá ag teacht), agus leanfaidh sé lena gcomhoibriú le húdaráis Thuaisceart Éireann ar ghníomhartha uile-oileáin a aithint agus a sheachadadh chun dul i ngleic le SCI | SPNF agus páirtithe leasmhara ábhartha | Plean Bainistíochta Náisiúnta i leith Speiceas Coimhthíoch Ionrach forbartha agus curtha i bhfeidhm;<br>Déantar códú ar chomhoibriú uile-oileáin ar SCI idir údaráis ábhartha |
| Faoi 2027, tá tosaíochtaí infheistíochta ar bhithéagsúlacht sa chaibidil Oileán Comhroinnte den Phlean Forbartha Náisiúnta curtha i bhfeidhm | 5A3 | Cuirfidh SPNF agus ranna ábhartha Rialtais eile na cuspóirí infheistíochta bithéagsúlachta den Oileán Comhroinnte sa PFN nua i gcrích, a fhaigheann acmhainní trí Chiste an Oileáin Chomhroinnte agus foinsí eile. | SPNF agus páirtithe leasmhara ábhartha | Líon na dtosaíochtaí infheistíochta curtha i bhfeidhm |
| Faoi 2027, tá taighde aeráide agus bithéagsúlachta á bhforbairt ag an GTUOAB le tacú ón rialtas | 5A4 | Oibreoidh an Rialtas le Gníomhaireacht Chomhshaoil Thuaisceart Éireann (NIEA) agus leis an Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe (Tuaisceart Éireann) (DAERA) chun tacú le hobair an Líonra Uile-Oileáin um Thaighde Aeráide agus Bithéagsúlachta | Comhlachtaí ábhartha | Maoiniú don GTUOAB |
| Faoi 2025, tacaítear leis an bPlean Uile-Oileáin um Pailneoirí (PUOP) | 5A5 | Leanfaidh na comhlachtaí ábhartha lena dtacaíocht don Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí | Comhlachtaí ábhartha | Líon na n-éachtaí PUOP bainte amach |
| Faoi 2028, tá an bunús fianaise ar thionchair reatha agus sa todhchaí den athrú aeráide ar bhithéagsúlacht neartaithe | 5A6 | Tógfaidh ranna ábhartha, gníomhaireachtaí, agus institiúidí acadúla Thuaidh agus Theas ar an taighde atá ann chun tionchair reatha agus thuartha den athrú aeráide ar an mbithéagsúlacht a mheas | Comhlachtaí ábhartha | Líon na dtionscadal taighde ar thionchair an athraithe aeráide ar bhithéagsúlacht maoinithe |

## Toradh 5B: Déanann Éire gníomh go hidirnáisiúnta chun comhoibriú a dhéanamh le tíortha, earnálacha, disciplíní agus pobail eile chun dul i ngleic leis an ngéarchéim bithéagsúlachta

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2023, tá Éire tar éis cuimsiú na bithéagsúlachta i dtaidhleoireacht agus maoiniú idirnáisiúnta a neartú | 5B1 | I gcomhréir le Treochlár Airgeadais Aeráide na hÉireann 2022, agus chun aidhmeanna an GBF 30% de thalamh agus de mhara a chosaint faoi 2030 a chur chun cinn, méadóidh an Roinn Gnóthaí Eachtracha (DFA) rannchuidiú Cúnaimh Forbartha Thar Lear de chuid na hÉireann do thionscadail a bhaineann le bithéagsúlacht, agus tabharfaidh siad tús áite do na Tíortha is Lú Forbairt agus na Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha | RGE | Beidh caomhnú/athbhunú bithéagsúlachta mar 15% ar a laghad d'Airgeadas Aeráide bliantúil na hÉireann mar cheann de na cuspóirí beartaithe cláraithe<br><br>Méadóidh Éire a tacaíocht do shonrú agus bainistíocht na limistéar muirí faoi chosaint |
| Faoi 2023, tá Éire tar éis cuimsiú na bithéagsúlachta i dtaidhleoireacht agus maoiniú idirnáisiúnta a neartú | 5B2 | Déanfaidh an RGE abhcóideacht ar son bainistíocht inbhuanaithe aigéan, cosaint aigéan, agus pobail leochaileacha chósta trí rannpháirtíocht i bhfóraim idirnáisiúnta, go háirithe an UNFCCC agus Comhphléití a bhaineann leo, agus an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD, 2012), ag aithint ról tábhachtach an aigéin i ngníomhaíocht aeráide agus i gcaomhnú na bithéagsúlachta domhanda | RGE | Rannpháirtíocht mhéadaithe le Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha ar thograí Aigéin agus Dúlra trí mhaoiniú agus abhcóideacht idirnáisiúnta |
| Faoi 2023, tá Éire tar éis cuimsiú na bithéagsúlachta i dtaidhleoireacht agus maoiniú idirnáisiúnta a neartú | 5B3 | Tacóidh Éire le hiarrachtaí chun teacht i bhfeidhm tapa an Chomhaontais dhomhanda nua maidir le Bithéagsúlacht Mhuirí lasmuigh de Dhlínse Náisiúnta (BBNJ), agus bunú a struchtúr, agus pleananna uaillmhianacha oibre laistigh dá chreat | Comhlachtaí ábhartha | Daingniú na hÉireann den Chomhaontas ar chaomhnú agus úsáid inbhuanaithe d'éagsúlacht bhitheolaíoch mhuirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta faoi dheireadh 2024 |
| Faoi 2025, tá Éire tar éis a rannpháirtíocht i dtionscadail bhithéagsúlachta idirnáisiúnta a fheabhsú | 5B4 | Feabhsóidh Éire a rannpháirtíocht i dtograí agus taighde bithéagsúlachta AE agus idirnáisiúnta, e.g., Ardán Bithéagsúlachta an AE, CÉB, An Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis i mBaol, OSPAR, RAMSAR agus IPBES | Comhlachtaí ábhartha | Cuidíonn rannpháirtíocht le tograí bithéagsúlachta náisiúnta go soiléir |

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2025, beidh Éire tar éis cur lena rannpháirtíocht le tionscnaimh bhithéagsúlachta idirnáisiúnta | 5B5 | Fiosróidh SPNF, in éineacht le heagraíochtaí maoinithe taighde ábhartha agus eagraíochtaí a dhéanann taighde, bealaí chun rannpháirtíocht mhéadaithe ó phobal taighde na hÉireann i dtuarascálacha measúnaithe, i gcruinnithe agus i bpróisis ainmniúcháin IPBES a spreagadh | SPNF | Líon na mball foirne eolaíochta agus/nó institiúidí ag glacadh páirt i bpróiseas measúnuithe IPBES;<br><br>Líon na gcruinnithe IPBES ar fhreastail saineolaithe bunaithe in Éirinn orthu |
| Faoi 2025, glacann Éire le bearta feabhsaithe chun cosaint i gcoinne baol calaoise agus tionchair indíreacha eile a bhaineann lena beartas breosla iompair in-athnuaite agus spriocanna maidir le húsáid bhithbhreosla, agus an riosca ard ILUC agus tionchar diúltach ar bhithéagsúlacht dhomhanda á meas | 5B6 | Cuirfidh RI grúpa oibre le chéile chun measúnú leochaileachta deonach a chur le chéile de sholáthar bithbhreosla reatha agus tuartha sa todhchaí go hÉirinn, agus é mar aidhm go n-aithneofar raon feidhme le haghaidh riosca do chalaois bithbhreosla (rud a bheidh riosca ILUC ard ina thoradh air) agus tionchair indíreacha eile mar aon le moltaí i dtaobh feabhsuithe a dhéanamh | RI | Beartas maidir le Breoslaí In-athnuaite Iompair 2023-2025/Scéim Deimhnithe don Oibleagáid Breosla Iompair In-athnuaite (OBII) |

## Toradh 5C: Feabhsaíonn Éire a rannchuidiú chuig stór sonraí bithéagsúlachta idirnáisiúnta

| Sprioc | Uimhir an ghnímh | Gníomh | Páirtí/ Páirtithe | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| Faoi 2024, beidh córas i bhfeidhm chun rannchuidithe feabhsaithe le moil agus líonraí sonraí AE agus idirnáisiúnta a éascú | 5C1 | Cinnteoidh SPNF, AMÉ agus INSB go méadóidh Éire cainníocht agus cáilíocht a rannchuidithe le moil sonraí bithéagsúlachta Eorpacha agus idirnáisiúnta agus líonraí amhail an tSaoráid Faisnéise Domhanda Bithéagsúlachta agus an GEC | SPNF, AMÉ agus INSB | Líon na rannchuidithe sonraí chuig moil agus gréasáin sonraí bithéagsúlachta Eorpacha agus idirnáisiúnta |

# Baill na Meithle um Bithéagsúlacht

| Roinn/Eagraíocht |
|---|
| An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara |
| An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide |
| An Roinn Oideachais |
| An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta |
| An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail |
| An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |
| Iascach Intíre Éireann |
| Uisce Éireann |
| Foras na Mara |
| Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta |
| Oifig na nOibreacha Poiblí |
| Teagasc |
| Comhairle Oidhreachta |
| Bord Na Móna |
| Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach |
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha |
| An Phríomh-Oifig Staidrimh |
| COBÁC - Cathaoirleach an Fhóraim Bithéagsúlachta |
| An Roinn Iompair |

## Baill an Fhóraim Bithéagsúlachta

| Eagraíocht |
|---|
| Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath |
| Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann |
| Coillte |
| An Taisce |
| Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh |
| Institiúid Chairte na hÉiceolaíochta agus na Bainistíochta Comhshaoil |
| Cairde Éanlaith Éireann |
| Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Contae Shligigh |
| Oifigeach Bithéagsúlachta, Comhairle Contae DLR |
| FACE Éireann / Cumann Náisiúnta na gComhairlí Áitiúla Géime (CNCÁG) |
| Zú Bhaile Átha Cliath |
| Nasc Tuaithe na hÉireann |
| An Grúpa Éireannach maidir le Míolta Móra agus Deilfeanna |
| An Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe (TÉ) |
| Coláiste na hOllscoile, Corcaigh |
| IBEC |

## Comhaltaí den Ardán um Ghnó ar son na Bithéagsúlachta

| Eagraíocht |
|---|
| Caipiteal Nádúrtha Éireann |
| Gnó sa Phobal in Éirinn |
| Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta |
| An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara |

# Tagairtí

Bullock, C. H., O'Callaghan, C., Ní Dhubháin, Á., Iwata, Y., O'Donoghue, C., Ryan, M., Upton, V., Byrne, K. A., Irwin, S., O'Halloran, J. and Kelly-Quinn, M. (2016) "A review of the range and value of ecosystem services from Irish forests.", Irish Forestry. Available at: https://journal.societyofirishforesters.ie/index.php/forestry/article/view/10846

CSO Pulse Survey 2022 – Our Lives Outdoors at: https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/fp/fp-olod/pulsesurveyapril-may2022-ourlivesoutdoorssnapshotofresults/spendingtimeoutdoors/

EPA (2021) Water Quality in Ireland 2016-2021. A report by the Environmental Protection Agency, Ireland.

European Environment Agency (nd) "Breeding Population and Distribution Trends" [Online] Available at: https://www.eea.europa.eu/themes/biodiversity/state-of-nature-in-the-eu/article-12-national-summary-dashboards-archived/breeding-population-and-distribution-trends

Fitzpatrick, U., Murray, T. E., Paxton, R. J., Breen, J., Cotton, D., Santorum, V., Brown, M. J. F. (2007) Rarity and decline in bumblebees - A test of causes and correlates in the Irish fauna. Biological Conservation, 136(2): 185-194.

Gilbert, G., Stanbury, A., and Lewis, L. (2021) "Birds of Conservation Concern in Ireland 4: 2020–2026" Irish Birds 43: 1–22

IPBES (2019) Summary for policymakers of the global assessment report on biodiversity and ecosystem services of the Intergovernmental Science-Policy Platform on Biodiversity and Ecosystem Services. Díaz, S., Settele, J., Brondízio E. S., Ngo, H. T., Guèze, M., Agard, J., Arneth, A., Balvanera, P., Brauman, K. A., Butchart, S. H. M., Chan, K. M. A., Garibaldi, L. A., Ichii, K., Liu, J., Subramanian, S. M., Midgley, G. F., Miloslavich, P., Molnár, Z., Obura, D., Pfaff, A., Polasky, S., Purvis, A., Razzaque, J., Reyers, B., ,Chowdhury, R., Shin, Y. J., Visseren-Hamakers, I. J., Willis, K. J. and Zayas, C. N. (eds.). IPBES secretariat, Bonn, Germany. 56 pages.

Norton, D., Hynes, S. and Boyd J. (2018) Valuing Ireland's Blue Ecosystem Services. Environmental Protection Agency Technical Report No 239

NPWS (2019). The Status of EU Protected Habitats and Species in Ireland. Volume 1: Summary Overview. Unpublished NPWS report. Edited by: Deirdre Lynn and Fionnuala O'Neill

WEF (2022). The Global Risks Report 2022 https://www3.weforum.org/docs/WEF_The_Global_Risks_Report_2022.pdf

# Aguisín 1

## Ailíniú leis an gCreat Bithéagsúlachta Domhanda

| SPRIOC GBF | SPRIOC | Rannchuidiú an PGBN, nó beartas Rialtais ábhartha eile, leis na Spriocanna Domhanda Bithéagsúlachta |
|---|---|---|
| **SPRIOC 1** | A chinntiú go bhfuil gach limistéar faoi phleanáil spásúlachta rannpháirtíochta, chomhtháite agus bithéagsúlachta agus/nó próisis bhainistíochta éifeachtacha a thugann aghaidh ar athrú ar úsáid talún agus mara, chun caillteanas limistéar lena mbaineann ardtábhacht ó thaobh na bithéagsúlachta de a thabhairt, lena n-áirítear éiceachórais ardsláine éiceolaíochta, gar do nialas faoi 2030, agus cearta na bpobal dúchasach agus na bpobal áitiúil á n-urramú. | Oibríonn an PGBN ar an bprionsabal go gcuirfear i bhfeidhm na rialacháin atá ann cheana a bhaineann le Treoracha an AE maidir le cosaint na bithéagsúlachta. Áirítear leis sin Airteagal 6 den Treoir um Ghnáthóga (92/43/CEE) a chuireann ceangal ar bhallstáit 'measúnacht chuí' (MC) a dhéanamh ar aon phlean nó tionscadal a bhféadfadh tionchar suntasach dóchúil a bheith aige ar aon Suíomh Eorpach; an Treoir um Measúnacht Tionchair Timpeallachta (2011/92/AE) a chumhdaíonn measúnú comhshaoil is féidir a dhéanamh le haghaidh tionscadal aonair; an Treoir um Measúnacht Straitéiseach Comhshaoil (2001/42/CE) do phleananna poiblí nó do chláir phoiblí; agus an Treoir maidir le Dliteanas Comhshaoil (2004/35/CE) bunaithe ar an bprionsabal "íoc mar a thruaillítear" chun damáiste don chomhshaol a chosc agus a leigheas. Teastaíonn comhairliúchán poiblí ó gach próiseas measúnaithe tionchair. |
| **SPRIOC 2** | A chinntiú, faoi 2030, go mbeidh 30 faoin gcéad ar a laghad de na limistéir ina bhfuil éiceachórais dhíghrádaithe talún, uisce intíre, agus mhuirí agus chósta faoi athchóiriú éifeachtach, chun feabhas a chur ar fheidhmeanna agus ar sheirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais, ar shláine éiceolaíoch, agus ar nascacht. | Áirítear ar ghníomhartha laistigh den PGBN Plean Náisiúnta Athchóirithe a ullmhú agus a sheachadadh. |

| SPRIOC GBF | SPRIOC | Rannchuidiú an PGBN, nó beartas Rialtais ábhartha eile, leis na Spriocanna Domhanda Bithéagsúlachta |
|---|---|---|
| **SPRIOC 3** | A chinntiú agus a chumasú, faoi 2030, go ndéanfar 30 faoin gcéad ar a laghad de limistéir thalún agus uisce intíre, agus de limistéir mhuirí agus chósta, go háirithe limistéir a bhfuil tábhacht ar leith leo maidir le bithéagsúlacht agus feidhmeanna agus seirbhísí éiceachórais, a chaomhnú agus a bhainistiú go héifeachtach trí chórais limistéar faoi chosaint atá ionadaíoch ó thaobh na héiceolaíocha de, dea-nasctha, agus arna rialú go cothrom agus bearta caomhnaithe éifeachtacha limistéarbhunaithe eile atá dírithe ar chríocha dúchasacha agus traidisiúnta a aithint, nuair is infheidhme, agus lánpháirtiú i dtírdhreacha níos leithne, muirdhreacha, agus san aigéan, agus ag an am céanna a áirithiú go bhfuil aon úsáid inbhuanaithe, nuair is iomchuí sna limistéir sin, ag teacht go hiomlán le torthaí caomhnaithe, ag aithint agus ag urramú cearta na bpobal dúchasach agus na bpobal áitiúla, lena n-áirítear ar a gcríocha traidisiúnta. | Críochnófar roghnú agus fógairt láithreán chun gnáthóga agus speicis Iarscríbhinne a chosaint atá liostaithe ar Threoracha an AE maidir le Gnáthóga agus Éin. Tá réimsí á scrúdú don phróiseas gealltanais de réir na gcritéar atá leagtha amach i Straitéis Bhithéagsúlachta an AE.<br>Tá gealltanais tugtha chun reachtaíocht chuimsitheach a achtú agus a chur i bhfeidhm a chumasaíonn ainmniú agus bainistiú LMfCanna agus chun líonra beart caomhnaithe limistéarbhunaithe na hÉireann sa chomhshaol cósta agus mara a leathnú le líon agus clúdach spásúil na LMfCanna ainmnithe ag sroicheadh 30% faoi 2030. |
| **SPRIOC 4** | Gníomhaíochtaí bainistíochta práinneacha a áirithiú chun stop a chur le díothú speiceas atá faoi bhagairt de bharr an duine agus chun speicis a aisghabháil agus a chaomhnú, go háirithe speicis atá faoi bhagairt, chun an riosca díothaithe a laghdú go suntasach, chomh maith leis an éagsúlacht ghéiniteach a chothabháil agus a athbhunú laistigh de dhaonraí de speicis dhúchasacha fhiáine agus cheansaithe, agus eatarthu, chun a n-acmhainneacht oiriúnaitheach a choinneáil, lena n-áirítear trí chleachtais chaomhnaithe agus bainistíochta inbhuanaithe ar an láthair agus lasmuigh den láthair, agus idirghníomhaíochtaí idir an duine agus an fiadhúlra a bhainistiú go héifeachtach chun coinbhleacht idir an duine agus an fiadhúlra a íoslaghdú le haghaidh cómhaireachtála. | Sonraíonn gníomhartha PGBN cur i bhfeidhm na mbeart caomhnaithe atá riachtanach chun na cuspóirí caomhnaithe do láithreáin Natura 2000 a bhaint amach agus na Pleananna Gníomhaíochta Speiceas nó Freagairt Bagairtí a chur i bhfeidhm. Áirítear leis sin spriocanna daonra a leagan síos do speicis faoi bhagairt agus atá i mbaol atá i Stádas Neamhfhabhrach nó a bhfuil treochtaí laghdaitheacha acu, tacaíocht do chláir caomhnaithe speiceas, agus tacaíocht do chaomhnú lasmuigh den láthair lena n-áirítear bainc síolta agus bithbhainc. Áireoidh Plean Náisiúnta Athchóirithe gníomhartha freisin chun gnáthóga a chosaint do speicis. |
| **SPRIOC 5** | A chinntiú go bhfuil úsáid, baint agus trádáil speiceas fiáin inbhuanaithe, sábháilte agus dlíthiúil, rud a choisceann róshaothrú, ag íoslaghdú tionchair ar speicis agus ar éiceachórais nach spriocspeicis iad, agus laghdú a dhéanamh ar an mbaol go dtarlóidh eisileadh pataigineach, agus an cur chuige éiceachórais á chur i bhfeidhm agus meas agus cosaint á tabhairt ag an am céanna ar ghnáthúsáid inbhuanaithe ag daoine dúchasacha agus pobail áitiúla. | Tá córais toilithe i bhfeidhm chun saothrú speiceas cosanta a bhainistiú. Áiríonn an PGBN gníomh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras ceadúnaithe agus toilithe sin. |

| SPRIOC GBF | SPRIOC | Rannchuidiú an PGBN, nó beartas Rialtais ábhartha eile, leis na Spriocanna Domhanda Bithéagsúlachta |
|---|---|---|
| **SPRIOC 6** | Tionchair speiceas coimhthíoch ionrach ar bhithéagsúlacht agus ar sheirbhísí éiceachórais a dhíchur, a íoslaghdú, a laghdú, agus/nó a mhaolú trí bhealaí chun speicis choimhthíocha a thabhairt isteach a shainaithint agus a bhainistiú, rud a choiscfidh tabhairt isteach agus bunú speiceas coimhthíoch ionrach tosaíochta, trí rátaí tabhairt isteach agus bunaíochta speiceas coimhthíoch eile atá ar eolas a bheith ionrach, nó a d'fhéadfadh a bheith ionrach, a laghdú 50 faoin gcéad ar a laghad faoi 2030, agus trí speicis choimhthíocha ionracha a dhíothú nó a rialú, go háirithe i suíomhanna tosaíochta, amhail oileáin. | Tá ard-uaillmhian ag an PGBN maidir le speicis choimhthíocha ionracha a rialú, lena n-áirítear pleananna náisiúnta a fhorbairt chun gnéithe de Rialachán an AE maidir le Speicis Choimhthíocha Ionracha agus an reachtaíocht náisiúnta ábhartha a chur chun feidhme, gníomhaíocht chaomhnaithe a chur chun feidhme chun speicis choimhthíocha ionracha a rialú agus a bhaint, measúnuithe riosca a fhoilsiú, prótacail bhithshlándála agus nósanna imeachta caighdeánacha oibriúcháin a fhorbairt. |
| **SPRIOC 7** | Rioscaí truaillithe agus tionchar diúltach truaillithe ó gach foinse a laghdú faoi 2030, go leibhéil nach bhfuil díobhálach don bhithéagsúlacht agus d'fheidhmeanna agus seirbhísí éiceachórais, agus éifeachtaí carnacha á gcur san áireamh, lena n-áirítear: (a) trí chothaithigh iomarcacha a chailltear don chomhshaol a laghdú faoi leath ar a laghad, lena n-áirítear trí thimthriall agus úsáid cothaitheach níos éifeachtaí; (b) tríd an riosca foriomlán ó lotnaidicídí agus ó cheimiceáin an-ghuaiseacha a laghdú faoi leath ar a laghad, lena n-áirítear trí bhainistíocht chomhtháite lotnaidí, bunaithe ar an eolaíocht, agus slándáil bhia agus slite beatha á gcur san áireamh; agus (c) trí thruailliú plaisteach a chosc, a laghdú agus oibriú i dtreo deireadh a chur leis. | Tá rialú truaillithe clúdaithe ag go leor beartas, lena n-áirítear an 3ú PBA atá le teacht a leagfaidh amach an cur chuige a ghlacfaidh Éire agus í ag obair chun a haibhneacha, a lochanna, a hinbhir agus a huiscí cósta a chosaint agus a athchóiriú thar an tríú timthriall de TRU an AE. Spreagann an PGN bainistiú cothaitheach ciorclach agus logánta agus laghdaítear cailliúint Nítrigine, Fosfair agus ithreach don chomhshaol uisceach dá bharr. Tá gealltanais ann bearta atá ann cheana agus bearta nua a chur chun feidhme chun úsáid agus riosca lotnaidicídí ceimiceacha a laghdú, chomh maith le húsáid lotnaidicídí níos guaisí i gcomhréir le creat rialála an AE maidir le lotnaidicídí. Tá íoslaghdú tionchar truaillithe plaisteach clúdaithe sa Phlean Gníomhaíochta Dramhaíola le haghaidh Geilleagar Ciorclach. |
| **SPRIOC 8** | Tionchar an athraithe aeráide agus aigéadú na n-aigéan ar bhithéagsúlacht a íoslaghdú agus a hathléimneacht a mhéadú trí ghníomhartha maolaithe, oiriúnaithe agus laghdaithe riosca tubaiste, lena n-áirítear trí réitigh dhúlrabhunaithe agus/nó cuir chuige atá bunaithe ar éiceachórais, ag laghdú tionchair dhiúltacha agus ag cothú tionchair dhearfacha na gníomhaíochta aeráide ar an mbithéagsúlacht ag an am céanna. | Léirítear na naisc leis an Athrú Aeráide trí iarrachtaí athchóirithe ar ghnáthóga a fheabhsaíonn athléimneacht i gcoinne athrú aeráide, go háirithe tailte móna.<br>Cuirfear Réitigh Dhúlrabhunaithe (RDB) chun cinn i gcláir náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, lena n-áirítear scéimeanna faoisimh tuilte. Forbrófar na cleachtais is fearr maidir le comhtháthú RDB in ullmhú na bpleananna |
| **SPRIOC 9** | A chinntiú go bhfuil bainistiú agus úsáid speiceas fiáin inbhuanaithe, agus ar an gcaoi sin sochair shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil a sholáthar do dhaoine, go háirithe iad siúd atá i mbaol agus iad siúd is mó atá ag brath ar bhithéagsúlacht, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí inbhuanaithe atá bunaithe ar bhithéagsúlacht, táirgí agus seirbhísí a fheabhsaíonn an bhithéagsúlacht, agus a chosnaíonn agus a spreagann gnáthúsáid inbhuanaithe de chuid daoine dúchasacha agus pobail áitiúla. | Teastaíonn ceadúnas urthrá chun feamainn a bhaint as an urthrá. Cuirtear prionsabail na huastáirgeachta inbhuanaithe i bhfeidhm ar éisc agus sliogéisc. Tá córais toilithe i bhfeidhm freisin do gach speiceas faoi chosaint. |

| SPRIOC GBF | SPRIOC | Rannchuidiú an PGBN, nó beartas Rialtais ábhartha eile, leis na Spriocanna Domhanda Bithéagsúlachta |
|---|---|---|
| SPRIOC 10 | A chinntiú go ndéantar limistéir faoi thalmhaíocht, dobharshaothrú, iascach agus foraoiseacht a bhainistiú go hinbhuanaithe, go háirithe trí úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta, lena n-áirítear trí mhéadú suntasach ar chur i bhfeidhm cleachtas atá neamhdhíobhálach don bhithéagsúlacht, amhail diansaothrú inbhuanaithe, cur chuige agra-éiceolaíochta agus cineálacha cur chuige nuálaíocha eile, rannchuidiú le hathléimneacht agus le héifeachtúlacht agus táirgiúlacht fhadtéarmach na gcóras táirgthe sin, agus le slándáil bhia, le bithéagsúlacht a chaomhnú agus a athbhunú agus le rannchuidiú an dúlra le daoine a choinneáil, lena n-áirítear feidhmeanna agus seirbhísí éiceachórais. | Tá sé mar aidhm ag SCTAA faoi PS CBT cabhrú le dul i ngleic le meath na bithéagsúlachta trí chur chuige bunaithe ar thorthaí, chomh maith le gníomhaíochtaí feirme agus tírdhreacha saincheaptha.<br>I measc na moltaí don Chlár Foraoiseachta nua tá sprioc bhliantúil crainn leathanduilleacha a mhéadú go 50% den phlandú iomlán agus bearta spriocdhírithe d'fhoraoisí dúchasacha agus seirbhísí éiceachórais. Cuirfidh an polasaí sin chun cinn forleathnú na bhforaoisí dúchasacha, agus is féidir limistéir churtha a bhainistiú le haghaidh táirgeadh adhmaid trí úsáid a bhaint as cur chuige an Leanúnachais Foraoise nuair atá sé ag teacht le bithéagsúlacht ar an láthair.<br>Leanfaidh Éire ag cur CBI an AE i bhfeidhm chun soláthar a dhéanamh do chaomhnú fadtéarmach stoc éisc agus sliogéisc agus bithéagsúlacht mhuirí.<br>Tá sé d'aidhm ag Pleananna Ilbhliantúla agus bearta feabhais do stoic leochaileacha a áirithiú go ndéantar daonraí saothraithe a athchóiriú agus a choinneáil agus acmhainní bitheolaíocha beo na mara á saothrú. |
| SPRIOC 11 | Rannchuidiú an dúlra le daoine a athchóiriú, a choinneáil agus a fheabhsú, lena n-áirítear feidhmeanna agus seirbhísí éiceachórais, amhail rialáil aeir, uisce, agus aeráide, sláinte ithreach, pailnithe, agus laghdú riosca galair, chomh maith le cosaint ar ghuaiseacha agus tubaistí nádúrtha, trí réitigh dhúlrabhunaithe agus/nó cuir chuige atá bunaithe ar éiceachórais ar mhaithe le gach duine agus leis an dúlra. | Cuirfear RDB chun cinn i gcláir náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, lena n-áirítear scéimeanna faoisimh tuilte. Forbrófar na cleachtais is fearr maidir le comhtháthú RDB in ullmhú na bpleananna úsáide talún. Tá fócas athchóirithe ag an PGBN a chuirfidh le Rannchuidiú an Dúlra le Daoine. |
| SPRIOC 12 | Achar, cáilíocht, agus nascacht spásanna glasa agus gorma, agus rochtain orthu, i limistéir uirbeacha agus dhlúthdhaonra chomh maith leis na tairbhí a bhaineann leo a mhéadú go suntasach go hinbhuanaithe, trí chaomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta a phríomhshruthú, agus trí phleanáil uirbeach atá cuimsitheach don bhithéagsúlacht a chinntiú, trí bhithéagsúlacht dhúchasach a fheabhsú, nascacht éiceolaíochta, agus sláine, agus sláinte agus folláine an duine a fheabhsú agus nasc leis an dúlra, agus rannchuidiú le huirbiú cuimsitheach agus inbhuanaithe agus le soláthar feidhmeanna agus seirbhísí éiceachórais. | Oibreoidh Údaráis Áitiúla chun deiseanna a aithint agus freagairt a thabhairt dóibh chun luach bithchultúrtha na dtimpeallachtaí uirbeacha glasa agus gorma a fheabhsú. |

| SPRIOC GBF | SPRIOC | Rannchuidiú an PGBN, nó beartas Rialtais ábhartha eile, leis na Spriocanna Domhanda Bithéagsúlachta |
|---|---|---|
| **SPRIOC 13** | Bearta éifeachtacha dlí, beartais, riaracháin agus forbartha acmhainní a ghlacadh ar gach leibhéal, de réir mar is iomchuí, chun comhroinnt chothrom agus chothromasach na sochar a eascraíonn as úsáid acmhainní géiniteacha agus as faisnéis seicheamh digiteach ar acmhainní géiniteacha a áirithiú, chomh maith le heolas traidisiúnta a bhaineann le hacmhainní géiniteacha, agus rochtain iomchuí ar acmhainní géiniteacha a éascú, agus faoi 2030, méadú suntasach ar na sochair a roinntear a éascú, i gcomhréir leis na hionstraimí idirnáisiúnta rochtana agus comhroinnte sochar is infheidhme. | Dhaingnigh Éire Prótacal Nagoya le déanaí agus cuirfidh sí creat oibriúcháin i bhfeidhm chun cur i bhfeidhm a éascú i gcomhar le páirtithe leasmhara/údaráis inniúla eile ar fud earnálacha ábhartha agus gníomhaireachtaí Rialtais eile |
| **SPRIOC 14** | Comhtháthú iomlán na bithéagsúlachta agus a luachanna iolracha a chinntiú i mbeartais, i rialacháin, i bpróisis phleanála agus forbartha, i straitéisí díothaithe bochtaineachta, i measúnuithe straitéiseacha comhshaoil, i measúnachtaí tionchair timpeallachta agus, de réir mar is cuí, i gcuntasaíocht náisiúnta, laistigh de gach leibhéal den rialtas agus ar a bhfud agus ar fud gach earnála, go háirithe iad siúd a bhfuil tionchair shuntasacha acu ar an mbithéagsúlacht, ag ailíniú de réir a chéile gach gníomhaíocht ábhartha phoiblí agus phríobháideach, agus sreafaí fioscacha agus airgeadais le spriocanna agus cuspóirí an chreata seo. | Tá gealltanas tugtha sa PGBN meastacháin ar infheistíocht an Rialtais sa bhithéagsúlacht a thiomsú.<br>Díríonn gníomhartha eile ar chomhoibriú chun cuntasaíocht éiceachórais a chur chun cinn agus oibriú i dtreo measúnú a dhéanamh ar stoic, sreafaí agus treochtaí i seirbhísí éiceachórais. |
| **SPRIOC 16** | A áirithiú go spreagtar daoine agus go gcuirtear ar a gcumas roghanna inbhuanaithe tomhaltais a dhéanamh, lena n-áirítear trí chreataí tacaíochta, beartais, reachtacha nó rialála a bhunú, feabhas a chur ar oideachas agus rochtain ar fhaisnéis agus ar roghanna eile atá ábhartha agus cruinn, agus faoi 2030, lorg domhanda tomhaltais a laghdú ar bhealach cothromasach, lena n-áirítear dramhaíl dhomhanda bia a laghdú ina leath, ró-ídiú a laghdú go suntasach agus giniúint dramhaíola a laghdú go suntasach, ionas go mbeidh gach duine in ann maireachtáil go maith i bpáirt le hOllmháthair na Cruinne. | Leagtar amach sa dréacht-Treochlár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl Bhia faisnéis maidir le comhthéacs na dramhaíola bia agus na comhpháirteanna den slabhra soláthair bia atá san áireamh sa treochlár (táirgeadh príomhúil, déantúsaíocht agus próiseáil, miondíol agus dáileadh, bialanna agus seirbhísí bia, agus teaghlaigh). Tá spriocanna beartaithe freisin chun laghdú 50% ar dhramhaíl bhia a bhaint amach faoi 2030. Cuirfidh sé sin leis an Straitéis um Gheilleagar Ciorclach agus leis an bPlean Gníomhaíochta Dramhaíola don Gheilleagar Ciorclach. |

| SPRIOC GBF | SPRIOC | Rannchuidiú an PGBN, nó beartas Rialtais ábhartha eile, leis na Spriocanna Domhanda Bithéagsúlachta |
|---|---|---|
| **SPRIOC 17** | Acmhainneacht a bhunú, a neartú agus a chur chun feidhme i ngach tír, bearta bithshábháilteachta mar a leagtar amach in Airteagal 8(g) den Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch agus bearta chun an bhith-theicneolaíocht a láimhseáil agus a tairbhí a dháileadh mar atá leagtha amach in Airteagal 19 den Choinbhinsiún. | Faoi Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, ní féidir ach bianna Géinmhodhnaithe (GM) atá údaraithe ag an AE a chur ar an margadh in Éirinn. Ní mór rialacha dochta inrianaitheachta agus lipéadaithe a chomhlíonadh chun na bianna sin a mhargú. Tá barraí GM, bia agus beatha faoi réir measúnú riosca cuimsitheach ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (ÚESB) agus vótaí rialála ina dhiaidh sin ag na Ballstáit sula n-údaraítear iad lena n-úsáid san AE. Tá an measúnú riosca beartaithe chun a chinntiú nach gcuireann barraí GM agus bia agus beatha GM sláinte an duine, sláinte ainmhithe ná an comhshaol i mbaol. |
| **SPRIOC 18** | Dreasachtaí, lena n-áirítear fóirdheontais, atá díobhálach don bhithéagsúlacht, a shainaithint faoi 2025 agus a dhíchur de réir a chéile nó a athchóiriú, ar bhealach comhréireach, cóir, cothrom, éifeachtach agus cothromasach, agus iad á laghdú go suntasach agus de réir a chéile faoi $500 billiún ar a laghad in aghaidh na bliana faoi 2030, ag tosú leis na dreasachtaí is díobhálaí, agus dlús a chur le dreasachtaí dearfacha maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta. | Tá an PGBN tiomanta do mholtaí a fhorbairt agus do chórais a chur i bhfeidhm chun leithdháiltí caiteachais ar bhearta a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar bhithéagsúlacht a rianú agus a thuairisciú. |

| SPRIOC GBF | SPRIOC | Rannchuidiú an PGBN, nó beartas Rialtais ábhartha eile, leis na Spriocanna Domhanda Bithéagsúlachta |
|---|---|---|
| **SPRIOC 19** | Leibhéal na n-acmhainní airgeadais ó gach foinse a mhéadú go substaintiúil agus go comhleanúnach, ar bhealach éifeachtach, tráthúil agus inrochtana go héasca, lena n-áirítear acmhainní intíre, idirnáisiúnta, poiblí agus príobháideacha, i gcomhréir le hAirteagal 20 den Choinbhinsiún, straitéisí agus pleananna gníomhaíochta náisiúnta bithéagsúlachta a chur chun feidhme, trí $200 billiún ar a laghad a úsáid in aghaidh na bliana faoi 2030, lena n-áirítear trí na nithe seo a leanas: (a) acmhainní airgeadais idirnáisiúnta iomlána a bhaineann leis an mbithéagsúlacht a mhéadú ó thíortha forbartha, lena n-áirítear cúnamh oifigiúil forbartha, agus ó thíortha a ghlacann oibleagáidí Páirtithe tíortha forbartha go deonach, chuig tíortha i mbéal forbartha, go háirithe chuig tíortha is lú forbairt agus stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha, chomh maith le tíortha a bhfuil geilleagair idirthréimhse acu go dtí $20 billiún ar a laghad in aghaidh na bliana faoi 2025, agus go dtí $30 billiún in aghaidh na bliana ar a laghad faoi 2030; (b) Slógadh acmhainní intíre a mhéadú go suntasach, arna éascú ag ullmhú agus cur chun feidhme na bpleananna náisiúnta um airgeadas bithéagsúlachta nó ionstraimí comhchosúla de réir riachtanas, tosaíochtaí agus imthosca náisiúnta; (c) maoiniú príobháideach a ghiaráil, airgeadas cumaisc a chur chun cinn, straitéisí a chur chun feidhme chun acmhainní nua agus breise a chruinniú, agus an earnáil phríobháideach a spreagadh chun infheistíocht a dhéanamh sa bhithéagsúlacht, lena n-áirítear trí chistí tionchair agus ionstraimí eile; (d) scéimeanna nuálacha a spreagadh amhail íocaíocht as seirbhísí éiceachórais, bannaí glasa, fritháirimh agus creidmheasanna bithéagsúlachta, agus sásraí comhroinnte sochar, le coimircí comhshaoil agus sóisialta; (e) Comhshochair agus sineirgí airgeadais a bharrfheabhsú lena ndírítear ar ghéarchéimeanna bithéagsúlachta agus aeráide; (f) Ról na ngníomhaíochtaí comhchoiteanna a fheabhsú, lena n-áirítear ag daoine dúchasacha agus ag pobail áitiúla, ag gníomhaíochtaí atá tairbheach d'Ollmháthair na Cruinne, agus cineálacha cur chuige nach bhfuil bunaithe ar an margadh, lena n-áirítear bainistiú pobalbhunaithe acmhainní nádúrtha agus comhar na sochaí sibhialta agus dlúthpháirtíocht atá dírithe ar chaomhnú na bithéagsúlachta; (g) Éifeachtacht, éifeachtúlacht agus trédhearcacht soláthair agus úsáide acmhainní a fheabhsú; | Tacóidh Ciste Bonneagair Aeráide, agus Dúlra leis an PGBN; breithneofar freisin sásraí chun airgeadas ón earnáil phríobháideach a chumasc. Méadófar Cúnamh Forbartha Thar Lear do thionscadail a bhaineann le Bithéagsúlacht. |

| SPRIOC GBF | SPRIOC | Rannchuidiú an PGBN, nó beartas Rialtais ábhartha eile, leis na Spriocanna Domhanda Bithéagsúlachta |
|---|---|---|
| **SPRIOC 20** | Tógáil agus forbairt acmhainneachta, rochtain agus aistriú teicneolaíochta a neartú, agus forbairt agus rochtain ar nuálaíocht agus comhar teicniúil agus eolaíoch a chur chun cinn, lena n-áirítear trí chomhar Theas-Theas, Thuaidh-Theas, agus triantánach, chun freastal ar na riachtanais maidir le cur chun feidhme éifeachtach, go háirithe i dtíortha atá i mbéal forbartha, forbairt teicneolaíochta comhpháirtí agus comhchláir taighde eolaíochta a chothú chun an bhithéagsúlacht a chaomhnú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe agus acmhainní taighde eolaíochta agus faireacháin a neartú, ar comhréir le huaillmhian chuspóirí agus spriocanna an Chreata. | Díríonn gníomhartha ar chomhoibriú ar fud oileán na hÉireann agus laistigh den AE chun cumais taighde a fheabhsú agus chun cláir mhonatóireachta a leathnú. |
| **SPRIOC 21** | A chinntiú go bhfuil na sonraí, an fhaisnéis agus an t-eolas is fearr atá ar fáil inrochtana do chinnteoirí, do chleachtóirí, agus don phobal chun rialachas éifeachtach agus cothromasach, bainistiú comhtháite agus rannpháirteach ar an mbithéagsúlacht a threorú, agus chun cumarsáid, múscailt feasachta, oideachas, faireachán, taighde agus bainistíocht eolais a neartú agus, sa chomhthéacs sin freisin, níor cheart rochtain a fháil ar eolas traidisiúnta, ar nuálaíochtaí, ar chleachtais agus ar theicneolaíochtaí na bpobal dúchasach agus na bpobal áitiúil ach amháin lena dtoiliú saor, roimh ré agus feasach, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta. | Cuirtear rochtain oscailte ar shonraí chun cinn san PGBN. Déanfar iniúchadh ar conas rochtain níos forleithne ar shonraí a bhaineann le húdaruithe comhshaoil a dhéanamh |
| **SPRIOC 22** | A chinntiú go mbíonn ionadaíocht agus rannpháirtíocht iomlán, chothromasach, uilechuimsitheach, éifeachtach agus inscne-fhreagrach sa chinnteoireacht, agus rochtain ar cheartas agus ar fhaisnéis a bhaineann le bithéagsúlacht ag daoine dúchasacha agus pobail áitiúla, ag urramú a gcultúr agus a gceart ar thailte, críocha, acmhainní, agus eolas traidisiúnta, chomh maith le ag mná agus cailíní, leanaí agus daoine óga, agus daoine faoi mhíchumas agus cosaint iomlán chosantóirí comhshaoil chearta an duine a áirithiú. | Tugann Coinbhinsiún Aarhus agus a Phrótacal maidir le Cláir Scaoileadh Amach agus Aistriú Truailleán cumhacht do dhaoine na cearta chun rochtain a fháil ar fhaisnéis, páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht i gcúrsaí comhshaoil agus ceartas a lorg. Rinneadh rannpháirtíocht fhairsing le geallsealbhóirí le linn fhorbairt an PGBN seo, lena n-áirítear comhdháil náisiúnta, próiseas comhairliúcháin phoiblí agus comhthionóil le saoránaigh agus daoine óga comhthreomhara ar chailliúint bithéagsúlachta. |
| **SPRIOC 23** | Comhionannas inscne a áirithiú i gcur chun feidhme an Chreata trí chur chuige a fhreagraíonn ó thaobh inscne, ina mbeidh comhdheiseanna agus cumas ag gach bean agus cailín rannchuidiú le trí chuspóir an Choinbhinsiúin, lena n-áirítear trína gcearta comhionanna agus a rochtain ar thalamh agus ar acmhainní nádúrtha a aithint agus a rannpháirtíocht agus ceannaireacht iomlán, chothromasach, bhríoch agus feasach ag gach leibhéal gníomhaíochta, rannpháirtíochta, beartais agus cinnteoireachta a bhaineann le bithéagsúlacht. | Foráiltear i mBunreacht na hÉireann go n-áirítear “gurb ionann ina bpearsain daonna na saoránaigh uile i láthair an dlí”. Tá gealltanas i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse a seoladh in 2014 feabhas a chur ar chothromaíocht inscne. Seoladh “Cothromaíocht le haghaidh Gnó Níos Fearr” in 2018 chun cuideachtaí a chur ar an mbealach i dtreo ionadaíocht chomhionann fear agus ban ar a gcuid bord agus foirne ceannaireachta. Cuirtear maoiniú rialtais ar fáil do ghníomhaíocht dhearfach do chomhionannas inscne agus do thionscnaimh chun comhionannas do mhná agus do chailíní a chur chun cinn faoin Straitéis Náisiúnta do Mhná agus do Chailíní. |

# Aguisín 2

## Cuspóirí PGBN ag tacú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

Díríonn Cuspóirí an PGBN ar chaomhnú agus athchóiriú na bithéagsúlachta agus cuireann siad cur chuige uile-shochaí chun cinn chun dul i ngleic leis an dúshlán a bhaineann le caillteanas bithéagsúlachta. Ciallaíonn sé sin go bhfuil príomhról ag na gníomhartha gaolmhara mar bhonn agus mar thaca ag go leor de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna). Tá bithéagsúlacht riachtanach do sholáthar bia agus is cinntitheach tábhachtach í ar cháilíocht bia. Díorthaítear na cineálacha éagsúla bairr agus póir ainmhithe a úsáidtear sa talmhaíocht ó éagsúlacht ghéiniteach na bithéagsúlachta. Ina theannta sin, tacaíonn an bhithéagsúlacht go díreach le córais talmhaíochta trí chuidiú le torthúlacht na hithreach, le pailniú, agus le rialú lotnaidí a áirithiú (Sprioc 2, Díothú an Ocrais); Cuidíonn éiceachórais agus bithéagsúlacht shlán le scaipeadh agus tionchar an truaillithe a mhaolú, trí chineálacha áirithe truaillithe aeir, uisce agus ithreach a leithlisiú agus a dhíchur. Déantar seirbhísí éiceachórais a bhaineann le huisce, lena n-áirítear soláthar inbhuanaithe fíoruisce ghlain, a sheachadadh trí fheidhmeanna éiceachórais a bhfuil bithéagsúlacht agus éiceachórais shláintiúla mar bhonn agus mar thaca acu (Sprioc 6, uisce glan agus sláintíocht); Is féidir le bithéagsúlacht agus éiceachórais shláintiúla bonneagar glas iontaofa agus cost-éifeachtúil a sholáthar a d'fhéadfadh a bheith athléimneach in aghaidh aeráide atá ag athrú. I measc na samplaí tá gnáthóga creasa cósta agus imill abhann a sholáthraíonn cosaint riosca tuilte agus bainistíocht uisce stoirme agus spásanna glasa uirbeacha a chuidíonn le cosaint i gcoinne truaillithe aeir (Sprioc 9, tionscal, nuálaíocht agus bonneagar & Sprioc 13, gníomhaíocht aeráide); Tá an bhithéagsúlacht riachtanach d'fheidhmiú agus d'fholláine lonnaíochtaí daonna, mar bhonn is mar thaca ag na croí-acmhainní nádúrtha, amhail soláthar uisce agus bia, rialáil teochta agus ionsú truaillithe, laghdú ar an mbaol tubaiste, agus timpeallachtaí uirbeacha sláintiúla a sholáthar (Sprioc 11, cathracha agus pobail inbhuanaithe).

Is iad Sprioc 14 (beatha faoi uisce) agus Sprioc 15 (beatha ar thalamh) na spriocanna is soiléire a bhaineann le bithéagsúlacht. Tá na spriocanna atá mar bhonn agus mar thaca ag na Spriocanna sin dírithe ar éiceachórais a chaomhnú, a athchóiriú agus a úsáid go hinbhuanaithe, speicis faoi bhagairt a chosaint, Speicis Choimhthíocha Ionracha a chomhrac, luachanna bithéagsúlachta a chomhtháthú i straitéisí agus cuntais phleanála agus forbartha, agus úsáid mhéadaithe acmhainní don chaomhnú ó gach foinse.

Tacaíonn rialachas feabhsaithe, cuimsitheacht agus trédhearcacht i seachadadh an PGBN seo le Sprioc 16 (ceartas síochána agus institiúidí láidre) agus le Sprioc 17 (comhpháirtíochtaí do na spriocanna).

Nascann an tábla thíos cuspóirí PGBN leis an Sprioc SFI is ábhartha.

| Cuspóir PGBN | Spriocanna SFI |
|---|---|
| Cuspóir 1: Glac le Cur Chuige Uile-Rialtais, Uile-Shochaí i leith na Bithéagsúlachta | 15, 16 |
| Cuspóir 2: Freastal ar Riachtanais Phráinneacha Chaomhnaithe agus Athchóirithe | 2, 6, 13, 14, 15 |
| Cuspóir 3: Rannchuidiú an Dúlra do Dhaoine a Dhaingniú | 8, 9, 11 |
| Cuspóir 4: Feabhas a chur ar an mBonn Fianaise le haghaidh Gníomhaíochta maidir leis an mBithéagsúlacht | 13, 14, 15 |
| Cuspóir 5: Rannchuidiú na hÉireann le Tionscnaimh Idirnáisiúnta Bhithéagsúlachta a Neartú | 10, 17 |



*Vaccinium oxycoccos (tom mónóg). Grianghrafadóir: Michele Adorni*



*Sisyrhinchium bermudiana* (blue-eyed grass). Grianghrafadóir: Aoife Delaney

Dearadh agus Léiriú: www.slickfish.ie

www.gov.ie